Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2021 (OR. en)**

**10745/2/21 REV 2**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0203(COD)**

**ENER 322**
**ENV 510**
**TRANS 468**
**ECOFIN 730**
**RECH 349**
**CLIMA 188**
**IND 197**
**COMPET 551**
**CONSOM 163**
**IA 132**
**CODEC 1073**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 558 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 558 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2021) 558 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
COM(2021) 558 final/2

2021/0203 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 558 final} - {SWD(2021) 623 final} - {SWD(2021) 624 final} - {SWD(2021) 625 final} - {SWD(2021) 626 final} - {SWD(2021) 627 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Le glacadh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i mí na Nollag 2019[1], leag an Coimisiún amach *'straitéis nua fáis arb é is aidhm di an tAontas Eorpach a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, geilleagar nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch ceangailte le húsáid acmhainní. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol'*. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, '*ní mór tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh*'.

Ag an ócáid sin, d'fhógair an Coimisiún freisin go gcuirfeadh sé plean i láthair a ndéanfaí measúnú tionchair air chun sprioc laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) an Aontais le haghaidh 2030 a mhéadú ar bhealach freagrach, agus gheall sé '*athbhreithniú a dhéanamh agus moladh a dhéanamh go ndéanfaí athbhreithniú, i gcás inar gá, ar an reachtaíocht ábhartha fuinnimh faoi Mheitheamh 2021*'[2].

I mí an Mhárta 2020, chuir an Coimisiún síos togra le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach chun an Eoraip a dhícharbónú faoi 2050. Ina Phlean um Sprioc Aeráide (CTP)[3], mhol an Coimisiún uaillmhian an Aontais a ardú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030, is géarú suntasach é sin i gcomparáid leis an sprioc 40 % atá ann cheana. Ina theannta sin, leagadh amach sa Phlean um Sprioc Aeráide gníomhaíochtaí riachtanacha atá ag teastáil ar fud earnálacha uile an gheilleagair, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar na príomhionstraimí reachtacha chun an uaillmhian mhéadaithe sin a bhaint amach agus chun an gealltanas a tugadh sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[4] a chur i gcrích, is é sin plean cuimsitheach a chur ar aghaidh chun sprioc an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 a mhéadú i dtreo 55 % ar bhealach freagrach. Tá an Plean um Sprioc Aeráide i gcomhréir freisin le cuspóir Chomhaontú Pháras an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C agus iarrachtaí a dhéanamh í a choimeád faoi 1,5 °C. I mí na Nollag 2020, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach sprioc cheangailteach de chuid an Aontais maidir le glanlaghdú intíre de 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990.[5] Tháinig an Chomhairle Eorpach ar an gconclúid gur gá an uaillmhian i leith na haeráide a ardú ar bhealach lena spreagfaí fás eacnamaíoch inbhuanaithe, lena gcruthófaí poist ar ardchaighdeán, lena dtabharfaí tairbhí sláinte agus comhshaoil do shaoránaigh an Aontais, agus lena gcuirfí le hiomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais ar fud an domhain trí nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glasa a chur chun cinn. An 22 Aibreán 2021, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú

---

1 An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final).

2 Iarscríbhinn leis an Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leathanach 2.

3 TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA Dlús a chur le huaillmhian 2030 na hEorpa maidir leis an aeráid - Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail, COM/2020/562 final.

4 TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final.

5 https://www.consilium.europa.eu/media/47296/1011-12-20-euco-conclusions-ga.pdf.

polaitiúil sealadach chun laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT a bhaint amach faoi 2030. Leagtar amach leis sin an creat gníomhaíochta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sna blianta amach romhainn, ach ní mór é a chur chun feidhme trí reachtaíocht shonrach chun a áirithiú go dtarlóidh na laghduithe sin. Léirítear i réamh-mheastacháin, dá gcuirfí na beartais reatha chun feidhme ina n-iomláine, go mbeadh laghduithe 45 % nó mar sin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990, ach astaíochtaí agus ionsú talamhúsáide as an áireamh, agus thart ar 47 % dá gcuirfí talamhúsáid san áireamh. Dá bhrí sin, déantar réamhamharc sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030 ar shraith gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo i ngach earnáil den gheilleagar, agus ar sheoladh athbhreithnithe ar na príomhionstraimí reachtacha chun an uaillmhian mhéadaithe sin a bhaint amach.

Chun an méid sin a chur chun feidhme, fógraíodh le Clár Oibre 2021 an Choimisiúin Eorpaigh 2021[6] pacáiste dar teideal '*Fit for 55*' arb é is aidhm leis astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, agus Eoraip aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050. Cumhdóidh an pacáiste seo raon leathan réimsí beartais, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, foinsí in-athnuaite fuinnimh, úsáid talún, cánachas fuinnimh, comhroinnt díchill agus trádáil astaíochtaí.

Is réimse tábhachtach gníomhaíochta é an éifeachtúlacht fuinnimh, agus ní féidir dícharbónú iomlán gheilleagar an Aontais a bhaint amach dá uireasa[7]. Is é an toradh atá ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an beartas éifeachtúlachta fuinnimh atá ag an Aontas faoi láthair chun na deiseanna coigilte fuinnimh atá éifeachtach ó thaobh costais de a ghabháil. I mí na Nollag 2018, leasaíodh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh mar chuid den phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach', go háirithe chun príomhsprioc nua éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais le haghaidh 2030 a chur san áireamh, is é sin 32,5 % ar a laghad (i gcomparáid le húsáid réamh-mheasta fuinnimh in 2030), agus chun an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh a leathnú agus a neartú tar éis 2020.

Cé gur féidir gur baineadh amach sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla a cruthaíodh le paindéim Covid-19, níl suim na rannchuidithe náisiúnta a chuir na Ballstáit in iúl sna Pleananna Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECP) faoi leibhéal uaillmhéine an Aontais de 32,5 % in 2030. Bheadh laghdú 29,4 % ar thomhaltas deiridh fuinnimh (FEC) agus 29,7 % ar thomhaltas príomhúil fuinnimh (PEC) mar thoradh ar na rannchuidithe i dteannta a chéile i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin ó chás tagartha 2007 le haghaidh 2030. B'ionann sin agus bearna chomhchoiteann uaillmhéine de 2,8 pointe céatadáin i gcás tomhaltas príomhúil fuinnimh agus 3.1 pointe céatadáin i gcás tomhaltas deiridh fuinnimh le haghaidh AE27. Cuireann an bhearna sin isteach freisin ar leibhéal na n-iarrachtaí is gá chun uaillmhian níos airde spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Is é conclúid an Mheasúnaithe Tionchair ar an bPlean um Sprioc Aeráide nach dócha go mbainfí amach na leibhéil éifeachtúlachta fuinnimh níos airde atá riachtanach trí fhórsaí an mhargaidh, trí eagrú reatha an mhargaidh agus trí fhorbairt teicneolaíochta amháin, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí. De réir an mheasúnaithe tionchair[8] a ghabhann

---

[6] COM(2020) 690 final

[7] Teachtaireacht: Pláinéad Glan do Chách – Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach le haghaidh geilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de (COM/2018/773 final), fís ina ndéanfar measúnú ar ról na héifeachtúlachta fuinnimh mar choinníoll *sine qua non* le haghaidh gach cás dícharbónaithe.

[8] SWD(2021) 623.

leis an Treoir seo, is gá méadú suntasach a dhéanamh ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh ón leibhéal uaillmhéine reatha de 32,5 %.

Mar gheall ar an leibhéal uaillmhéine níos airde, is gá, i ngach cás lena mbaineann éifeachtúlacht ó thaobh costais de, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn ar bhealach níos láidre i ngach réimse den chóras fuinnimh agus i ngach earnáil ábhartha, i ngach cás ina n-imríonn gníomhaíocht tionchar ar éileamh fuinnimh, amhail earnáil an iompair, earnáil an uisce agus earnáil na talmhaíochta. Tá tábhacht ar leith ag baint le dul i ngleic leis an nasc uisce-fuinnimh, mar gheall ar riachtanais mhéadaitheacha uisce agus fuinnimh, nó an brú méadaitheach atá ar acmhainní uisce i ngeall ar an athrú aeráide.

Is gné thábhachtach í an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo neodracht aeráide faoi 2050, faoina gcaithfear le héifeachtúlacht fuinnimh mar fhoinse fuinnimh inti féin. Tugtar tacaíocht do phríomhról na héifeachtúlachta fuinnimh leis an bprionsabal 'tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh'. Aithnítear é mar threoirphrionsabal de bheartas fuinnimh an Aontais agus ba cheart é a chur san áireamh i ngach earnáil, ní hamháin sa chóras fuinnimh, ach ar gach leibhéal, lena n-áirítear an earnáil airgeadais. Ba cheart réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a mheas mar an chéad rogha i gcinntí pleanála agus infheistíochta, agus rialacha nua á leagan síos le haghaidh thaobh an tsoláthair agus i gcomhair réimsí beartais eile. Aithníodh an prionsabal mar phríomhghné den Straitéis um Chomhtháthú Earnáil an Fhuinnimh.[9].

Cé go bhfuil an acmhainneacht coigiltis fuinnimh fós mór i ngach earnáil, tá dúshlán ar leith ann a bhaineann le hiompar, ós rud é gurb í is cúis le 30 % den tomhaltas deiridh fuinnimh, agus le foirgnimh, ós rud é go bhfuil drochfheidhmíocht fuinnimh ag 75 % de stoc foirgneamh an Aontais. Earnáil thábhachtach eile a bhfuil aird níos mó á tabhairt uirthi is ea earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), arb í is cúis le 5-9 % d'úsáid leictreachais iomlán an domhain agus níos mó ná 2 % de na hastaíochtaí ar fad. In 2018, ba é 76,8 TWh tomhaltas fuinnimh na lárionad sonraí san Aontas. Meastar go n-ardóidh sé sin go 98,5 TWh faoi 2030, méadú 28 %. Is féidir an méadú sin i ndearbhthéarmaí a fheiceáil chomh maith i dtéarmaí coibhneasta: laistigh den Aontas, tháinig 2,7 % den éileamh ar leictreachas in 2018 ó na hionaid sonraí agus 3,21 % a bheidh san éileamh sin faoi 2030 má leantar leis an bhforbairt ar an gconair reatha.[10]. Leagadh béim cheana féin i Straitéis Dhigiteach na hEorpa[11] ar an ngá le lárionaid sonraí inbhuanaithe atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus le bearta trédhearcachta d'oibreoirí teileachumarsáide maidir lena lorg comhshaoil.

Is gníomhaí eacnamaíoch tábhachtach inti féin í an earnáil phoiblí agus is í is cúis le thart ar 5 go 10 % de thomhaltas deiridh fuinnimh iomlán an Aontais.[12] Ar an iomlán, meastar gur thart ar 16 % an scair de chonarthaí soláthair phoiblí a chuireann an tAontas i leith comhlachtaí rialtais láir. Ar leibhéal na mBallstát athraíonn sé sin idir 5 % agus 86 %[13]. Meastar go

---

9 COM(2020) 299 final.

10 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/energy-efficient-cloud-computing-technologies-and-policies-eco-friendly-cloud-market.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agys cgyug Coiste na Réigiún – Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (COM(2020) 67 final).

12 SWD(2021) 623, roinn 2.2.2.

13 Meastóireacht ar Airteagail 6 agus 7 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (2012/27/AE) (SWD(2016)403 final;

n-úsáideann foirgnimh phoiblí thart ar 2 % de thomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais. Tá acmhainneacht choigiltis atá éifeachtach ó thaobh costais de fós san earnáil phoiblí ina hiomláine maidir le hathchóiriú agus bainistiú fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana chomh maith le foirgnimh, táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh a sholáthar amach anseo.

Tá an tionsclaíocht ar cheann de na hearnálacha a bhain feabhsuithe suntasacha éifeachtúlachta fuinnimh amach le deich mbliana anuas. Mar sin féin, tá deiseanna coigilte ann fós atá éifeachtach ó thaobh costais de[14]. Ídíonn téamh agus fuarú leath de thomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais, rud a fhágann gurb é an earnáil fuinnimh úsáide deiridh is mó. Tá an-acmhainneacht ann i gcónaí úsáid fuinnimh san earnáil sin a laghdú, agus na teochtaí is gá a bhaint amach ag an am céanna[15]. Dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag téamh agus fuarú in uaillmhian an Aontais aistriú go geilleagar glan a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Tá gá le cuid mhór den iarracht i réimse na bhfoirgneamh a insliú ar bhealach níos fearr, ach tá acmhainneacht ann freisin maidir leis an teas nó an fuacht atá ag teastáil a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla[16]. Is féidir le caillteanais fuinnimh i gclaochlú, i dtarchur agus i ndáileadh fuinnimh a bheith suntasach[17]. In éagmais modheolaíochtaí coiteanna agus tuairisciú coiteann, is deacair líonraí nó oibreoirí nó feidhmíocht tagarmhairc a chur i gcomparáid le chéile. Go deimhin, níl aon sainmhíniú aonfhoirmeach ar chaillteanais fuinnimh laistigh den Aontas agus dá réir sin tá an cháilíocht sonraí fo-optamach, rud ar gá aghaidh a thabhairt air.

Is é earnáil na dteaghlach is cúis le thart ar an gceathrú cuid den tomhaltas deiridh fuinnimh ar fad san Aontas. Tá tionchar tábhachtach ag iompar na dtomhaltóirí agus na saoránach ar an tomhaltas fuinnimh sin agus tá roinnt forálacha sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a thacaíonn le cumhachtú saoránach agus tomhaltóirí. Mar gheall ar easpa gnéithe láidre ó thaobh iompraíochta tomhaltóirí agus cumhachtaithe tomhaltóirí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, go háirithe ar leibhéil níos áitiúla, níl dóthain dreasachtaí ann do thomhaltóirí chun feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus chun dul i ngleic le costais tosaigh arda agus le fadhb na ndreasachtaí scoilte.[18]

Cé go gcuirtear dreasachtaí ar fáil do na Ballstáit cheana féin leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, leag an ghéarchéim Covid19 béim ar an bpráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, más ea go bhfuil an tAontas chun Eoraip shóisialta a chruthú, mar a comhaontaíodh le Gealltanas Comhpháirteach Sóisialta Porto[19], a fhreastalaíonn ar riachtanais na saoránach uile trína chur ar a gcumas ról gníomhach a imirt san aistriú glas, agus éifeachtaí díobhálacha a mhaolú ag an am céanna gan aon duine a fhágáil ar lár. Beidh aird ar na leibhéil bochtaineachta fuinnimh ar fud na mBallstát mar d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag níos mó Eorpach rochtain a fháil ar fhuinneamh riachtanach, go háirithe mar gheall ar an ardú

---

https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/3_ga_autre_document_travail_service_part1_v3.pdf).

14 SWD(2021) 623, Iarscríbhinn H.

15 SWD(2021) 623, roinn 2.2.2.

16 Straitéis de chuid AE maidir le Téamh agus Fuarú (COM/2016/051 final).

17 Féach mar shampla; An 2ú Tuarascáil CEER maidir le Caillteanais Cumhachta; Comhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa; 2020.

18 SWD(2021) 623, roinn 2.2.2.

19 https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2021/05/08/the-porto-declaration/

ar chostais fuinnimh agus ar an dífhostaíocht. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh teaghlaigh mheánioncaim i mbaol bochtaineachta fuinnimh a mhéadú go luath amach anseo, mar sa lá atá inniu ann is teaghlaigh meánioncaim (níos ísle) iad formhór na dteaghlach atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh. Aithníodh éifeachtúlacht fuinnimh mar an réiteach is éifeachtaí chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus chun cuid de na tionchair dhiúltacha dáileacháin a d'fhéadfadh a bheith ag bearta praghsála a shárú.[20] De réir mar a cheanglaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tabharfaidh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh mar aon leis na tionscnaimh eile faoin bpacáiste '*Fit for 55*' ['Ullamh le haghaidh 55'], go háirithe Ciste Sóisialta na hAeráide, aghaidh ar an dá dhúshlán agus iompófar iad, riachtanais aeráide agus shóisialta, ina ndeiseanna.

Sa chomhthéacs sin, cuideoidh na leasuithe leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar na bacainní agus na teipeanna margaidh atá fós ann trí chuspóirí leathan an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhreithniú, arb é is aidhm dó gan aon duine a fhágáil ar lár agus geilleagar inbhuanaithe a chur ar fáil. Dá bhrí sin neartófarna forálacha éagsúla atá sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh leis an togra chun a áirithiú go rannchuideoidh sí ar an mbealach is fearr leis an sprioc aeráide níos airde, is é sin uaillmhian go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa 55 % ar a laghad faoi 2030, mar a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide.

- **Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Togra mar chuid de chreat beartais níos leithne maidir le beartais éifeachtúlachta fuinnimh lena dtugtar aghaidh ar acmhainneacht éifeachtúlachta fuinnimh i réimsí beartais sonracha, lena n-áirítear foirgnimh (Treoir 2010/31/CE[21] (an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EBPD)), táirgí (Treoir 2009/125/CE, Rialachán (AE) 2017/1369 agus Rialachán (AE) 2020/740[22]) agus Rialachán Rialachais (AE) 2018/1999. Tá ról an-tábhachtach ag na beartais sin ó thaobh coigilteas fuinnimh a bhaint amach nuair a chuirtear táirgí nua in ionad táirgí eile nó nuair a dhéantar foirgnimh a thógáil nó a athchóiriú.[23]. Tá an Togra comhsheasmhach leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.[24].[25]

Leagtar amach sa togra seo le haghaidh Athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh creat le haghaidh beartais éifeachtúlachta fuinnimh eile trí spriocanna

---

[20] SWD(2021) 623, roinn 2.2.2 agus Iarscríbhinn L.

[21] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh.

[22] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú; Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat maidir le lipéadú fuinnimh agus Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn i ndáil le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile faoi seach.

[23] Ina theannta sin, beidh cur chun feidhme na n-athbhreithnithe táirge faoin bPlean Oibre Éicidhearthóireachta 2020-2024 agus faoin bplean gníomhaíochta 'Rabharta Athchóiriúcháin', in éineacht leis an athbhreithniú ar EPBD, ina rannchuidiú tábhachtach chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach.

[24] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, PE/48/2018/REV/1, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82–209.

[25] SWD(2021) 623, Iarscríbhinn M.

éifeachtúlachta fuinnimh a leagan síos agus trí na príomhbhearta trasearnála a leagan síos chomh maith le bearta níos sonraí. Díríonn sé ar choigilteas fuinnimh san earnáil phoiblí lena n-áirítear trí oibleagáidí chun foirgnimh phoiblí a athchóiriú go bliantúil agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur san áireamh i soláthar earraí, seirbhísí, oibreacha agus foirgneamh. Tá an aidhm ar leith lena mbaineann ó thaobh foirgnimh phoiblí de comhlántach don EPBD, lena leagtar síos na caighdeáin agus na hoibleagáidí teicniúla sonracha a bhaineann le foirgnimh. Freastalaíonn an earnáil phoiblí ar an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear na custaiméirí leochaileacha agus iad siúd atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh, á áirithiú ar an gcaoi sin nach bhfágfar aon duine ar gcúl i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Tá an fócas speisialta ar an earnáil phoiblí sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ríthábhachtach chun a ról eiseamláireach a ghlacadh i gcur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh. Tá tús curtha ag an gCoimisiún leis an athbhreithniú ar EPBD d'fhonn togra a chur i láthair i dtreo dheireadh 2021. Cé nach féidir réamhbhreith a dhéanamh ag an bpointe seo ar thoradh an athbhreithnithe sin, urramaítear leis an togra seo ról sonrach EPBD maidir le ceanglais feidhmíochta fuinnimh is fearr ó thaobh costais de a leagan síos, agus forálacha na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a bhaineann le ról eiseamláireach na gcomhlachtaí poiblí a neartú, go háirithe maidir le foirgnimh (Airteagal 5 agus Airteagal 6), agus soláthar poiblí (Airteagal 7), ina soláthraítear an creat cothrománach is gá le haghaidh gníomhaíochta.

Leagtar amach sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an creat le haghaidh pleanáil téimh agus fuaraithe le go bhféadfaidh na Ballstáit éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a shainaithint. Déantar foráil ann freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar bheartais agus ar bhearta chun leas a bhaint as an acmhainneacht sin. Tacaíonn na beartais agus na bearta sin go díreach leis an sprioc in-athnuaite a bhaint amach maidir leis an sprioc d'earnáil an téimh agus an fhuaraithe a leagtar amach in Airteagal 24 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Mar shampla, chuirfeadh sainmhíniú athbhreithnithe ar théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil (Airteagal 2(43) den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh) úsáid fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus i bhfuarú ceantair chun cinn go díreach. *Vice versa*, rannchuideodh na fospriocanna sin le cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a bhaint amach.

Ina theannta sin, déanfar na bearta pleanála don earnáil téimh agus fuaraithe faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a shioncrónú le hamlíne NECPanna. Éascaítear leis sin comhsheasmhacht níos fearr idir NECPanna, na Measúnuithe Cuimsitheacha agus na measúnuithe ar acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ar úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta san earnáil téimh agus fuaraithe de bhun Airteagal 15(7) den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

Leagtar amach sonraí an tuairiscithe ar fhorálacha éagsúla den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh sa Rialachán Rialachais (Rialachán (AE) 2018/1999).[26]). Faoin Rialachán seo, ceanglaítear ar gach Ballstát plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECP) deich mbliana a bhunú le haghaidh 2021-2030, ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe aige rannchuidiú, *inter alia*, le sprioc 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Áirítear sa Rialachán Rialachais freisin ceanglais shonracha maidir le spriocanna

[26] IO L 328, 21.12.2018, lch. 1–77

éifeachtúlachta fuinnimh, oibleagáidí tuairiscithe, faireachán ar dhul chun cinn, agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh i gcás nach bhfuil uaillmhian ná dul chun cinn leordhóthanach ann. Beidh gá le hanailís a dhéanamh ar thionchair na n-athruithe sa Treoir seo, rud a d'fhéadfadh a bheith ina cheangal go ndéanfaí an Rialachán Rialachais a leasú ina dhiaidh sin chun comhleanúnachas idir an dá ghníomh dlí a áirithiú. Ba cheart forálacha nua, go háirithe maidir le rannchuidithe táscacha náisiúnta, sásraí líonta bearna agus oibleagáidí tuairiscithe a leagan síos, a aistriú agus a chuíchóiriú leis an Rialachán Rialachais, a luaithe a dhéanfar athbhreithniú air, chun ceanglais fhorluiteacha a sheachaint. D'fhéadfadh sé gur gá athmheasúnú a dhéanamh ar roinnt forálacha den Rialachán Rialachais freisin i bhfianaise na n-athruithe a mholtar sa Treoir seo.

Déantar idirghníomhú sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh le reachtaíocht eile maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, *i.e.* an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, Treoir an Aontais maidir le hÉicidhearthóireacht, Rialacháin an Aontais maidir le Lipéadú Fuinnimh agus Bonn.[27] Leagtar síos leis na hionstraimí sin íoschaighdeáin feidhmíochta, ach ní cheanglaítear leo rátaí athsholáthair a luathú ná torthaí níos éifeachtúla os cionn an íosmhéid a roghnú. Príomhshásraí atá ar fáil do na Ballstáit chun borradh a chur faoina gcoigilteas fuinnimh os cionn rátaí nádúrtha chun ceanglais na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chomhlíonadh, is é atá i gceist leo ionad feistí neamhéifeachtúla fuinnimh a spreagadh agus roghanna níos éifeachtúla a spreagadh. Le gach ionstraim, tugtar aghaidh ar ghnéithe éagsúla éifeachtúlachta fuinnimh, ach is í an sprioc chéanna i gcónaí lena bhfuiltear ag díriú *i.e.* éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. I réimsí eile, comhlánaíonn an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh reachtaíocht eile chun an bhéim ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus ar an gcaoi sin méid iomlán an choigiltis fuinnimh a mhéadú, mar shampla na bearta maidir le soláthar poiblí, gréasáin fuinnimh agus téamh agus fuarú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Idirghníomhaíonn athruithe ar struchtúr beartais na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh leis na beartais agus na bearta atá ann cheana agus atá beartaithe, lena n-áirítear meicníochtaí agus bearta praghsála agus neamhphraghsála. Oibríonn an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, lena dtugtar aghaidh ar bhacainní margaidh atá ann cheana atá ag cur isteach ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar aon dul le tabhairt isteach na trádála astaíochtaí le haghaidh breoslaí a úsáidtear i bhfoirgnimh, rud a laghdóidh an t-am aisíocaíochta i leith infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus a neartóidh an cás gnó maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh ar fud an Aontais. Léiríodh sa Phlean um Sprioc Aeráide go bhfuil gá le meascán d'idirghabháil rialála agus de phraghsáil carbóin chun an bealach is éifeachtaí ó thaobh costais de a bhaint amach chun an sprioc a bhaint amach maidir le gás ceaptha teasa a laghdú 55 %. Tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an phraghsáil carbóin agus na beartais rialála chun an sprioc aeráide mhéadaithe a bhaint amach ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costais de, agus aon tionchar a bheadh ag costais charbóin a mhaolú, go háirithe ar chustaiméirí leochaileacha agus ar úsáideoirí deiridh. Ag an am céanna, le trádáil astaíochtaí ginfear ioncaim bhreise ó cheantanna lamháltas is féidir a ath-leithdháileadh i

[27] SWD(2021) 623, Iarscríbhinn M.

measc na mBallstát agus laistigh de na Ballstáit chun tacú le húsáideoirí deiridh leochaileacha agus fuinneamhbhochta a mbillí a íoc agus athchóiriú foirgneamh a dhéanamh.

Sa phacáiste 'Fit for 55' tugtar le chéile na hionstraimí ábhartha beartais ar féidir leo rannchuidiú leis an sprioc maidir le gás ceaptha teasa a laghdú 55 % agus arb é is aidhm dó é sin a dhéanamh ar bhealach comhleanúnach agus comhréireach i measc rialachán agus treoracha ábhartha eile. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite (REDII), Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS), an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill (ESR), Talamhúsáid, Athrú sa Talamhúsáid agus Foraoiseacht (LULUCF), cánachas fuinnimh agus caighdeáin astaíochtaí CO2 d'fheithiclí. Aithníodh comhleanúnachas idir na tionscnaimh éagsúla faoin bpacáiste '*Fit for 55*' mar eochair chun a chinntiú go rannchuidíonn ionstraimí beartais éagsúla an phacáiste, lena n-áirítear an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, leis an sprioc aeráide níos fearr de 55 % a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí. Cuidíonn na beartais sin de chuid an Aontais le cuspóirí na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a bhaint amach, go háirithe maidir le sprioc na héifeachtúlachta fuinnimh. Áiritheoidh na spriocanna agus na bearta dá bhforáiltear sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh go mbeidh naisc agus sineirgí níos éifeachtaí ann le beartais eile an Aontais.[28]

Tá idirnaisc thábhachtacha ag an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, go háirithe i ndáil le téamh agus fuarú toisc go gcuidíonn an dá cheann le cuspóirí na Straitéise maidir le Comhtháthú na hEarnála Fuinnimh a bhaint amach. Leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, cuirtear creat neartaithe pleanála ar fáil maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus i bhfuarú a shainaithint, agus ceanglaítear ar na Ballstáit beartais agus bearta a chur chun feidhme chun an acmhainneacht sin a shaothrú. Tacaíonn na beartais agus na bearta sin go díreach leis an sprioc fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach maidir leis téamh agus fuarú a leagtar amach in Airteagal 23 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. *Vice versa*, cuireann na spriocanna sin le baint amach na gcuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh a leagtar amach in Airteagal 23 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i gcoitinne.

Bunaítear le córas trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE) uasteorainn ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhíonn ag laghdú le himeacht ama. Bunaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill spriocanna ceangailteacha maidir le hastaíochtaí GCT do na Ballstáit atá dírithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnálacha nach gcumhdaítear le CTA AE, lena n-áirítear foirgnimh, iompar agus talmhaíocht. Is leis an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill a stiúrtar comhlíonadh na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, go háirithe an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh. Leis an gceanglas breisíochta faoin oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh, tugtar dreasachtaí do na Ballstáit beartais agus bearta náisiúnta a chur chun feidhme a sháraíonn na híosleibhéil na gceanglas feidhmíochta fuinnimh a shocraítear ar leibhéal an Aontais (e.g. cóid náisiúnta foirgneamh níos déine mar aon le cláir a chuireann aicmí níos airde fearas chun cinn). Fágann bearta praghsála amhail CTA AE[29] agus

[28] SWD(2021) 623, Iarscríbhinn M.

[29] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle.

an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[30] go mbíonn infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh níos tarraingtí ó thaobh airgeadais de ach ní réitíonn siad na bacainní margaidh as a n-eascraíonn leibhéal fo-optamach infheistíochtaí. Dá bhrí sin, comhlánaíonn siad an reachtaíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ach ní thagann siad ina hionad.

Is féidir go dtiocfaidh éifeachtaí dáileacháin suntasacha chun cinn le linn na hidirtréimhse sula ngabhfaidh éifeacht iomlán leis na bearta agus na spriocanna uile a mholtar faoin bPacáiste '*Fit for 55*' chun saoránaigh na hEorpa a shaoradh ón spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus costais fuinnimh a bhíonn de shíor ag méadú. Tá ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna fuinnimh mar thoradh ar CTA AE a leathnú chuig na hearnálacha foirgneamh agus iompair mar gur dócha go gcuirfidh soláthróirí breosla costais charbóin ar aghaidh chuig tomhaltóirí, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do chustaiméirí leochaileacha agus d'úsáideoirí deiridh atá ag brath ar bhreoslaí iontaise, nó do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh. Bearta spriocdhírithe chun an t-aistriú a éascú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Sa 'Phacáiste *Fit for 55*' moltar bearta sonracha faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, mar aon le hionstraim chistiúcháin nua a bheidh bunaithe ar an ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí nua chun an tionchar a bheadh ag costais níos airde ar thomhaltóirí a mhaolú mar thoradh ar phraghas carbóin a thabhairt isteach in earnáil an iompair de bhóthar agus in earnáil na tógála. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i measc na ndaoine is leochailí inár sochaithe. Le bearta tacaíochta chun an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh a neartú agus chun cumhacht a thabhairt do chustaiméirí leochaileacha, do theaghlaigh atá fuinneamhbhocht nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, agus, i gcás inarb infheidhme, do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta, is féidir leo na héifeachtaí sin a mhaolú. Cabhróidh éifeacht chomhcheangailte na mbeart atá beartaithe faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus na huirlise cistiúcháin nua atá bunaithe ar an ioncam ó thrádáil astaíochtaí sna hearnálacha nua le haghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhealach éifeachtach agus de mheon na dlúthpháirtíochta. Beidh ioncam ó CTA AE, lena n-áirítear ioncam ó thrádáil astaíochtaí sna hearnálacha nua, fós ar fáil do na Ballstáit chun bearta a mhaoiniú lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh, córais téimh ceantair agus insliú a fheabhsú, nó chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim.

Chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as trádáil astaíochtaí don dá earnáil nua foirgneamh agus iompair de bhóthar, cruthaítear Ciste Sóisialta don Aeráid ('an Ciste'). D'fhonn a áirithiú gur féidir le buiséad an Aontais an caiteachas breise don Chiste a chothú, chuir an Coimisiún tograí ar aghaidh i gcomhthráth le Rialachán an Chiste seo chun an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 agus Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle ('an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse') a leasú. Go háirithe, fabhróidh cuid den ioncam ó thrádáil astaíochtaí i leith earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh do bhuiséad an Aontais. Leis an gCiste ba cheart cistiú a chur ar fáil do na Ballstáit chun tacú lena mbearta agus lena n-infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhéanamh, athchóiriú foirgneamh, agus dícharbónú a dhéanamh ar théamh agus

[30] Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas, IO L 283, 31.10.2003, lch. 51–70.

fuarú foirgneamh, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú agus soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú. D'fhéadfadh na Ballstáit a mheas freisin go dtabharfaí tacaíocht dhíreach shealadach do theaghlaigh leochaileacha in éineacht le hinfheistíochtaí lena gcuirfí dlús le tuilleadh athraithe struchtúrtha.

Ina theannta sin, i gcomhréir leis an Straitéis 'Rabharta Athchóiriúcháin', tá tacaíocht chistiúcháin an Aontais d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe foirgneamh a chuideoidh le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh nó le cosc a chur léi, tá an tacaíocht sin ann i roinnt clár nua agus i gcláir atá ann cheana in CAI agus in Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Soláthraítear príomhfhoinse eile maoinithe d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh tríd an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht, a chuirfidh EUR 672,5 billiún san iomlán ar fáil do na Ballstáit idir dheontais agus iasachtaí. Laistigh den sprioc fhoriomlán 37 % de chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a thiomnú do ghníomhaíochtaí ar son na haeráide, tá sé beartaithe ag na Ballstáit méideanna suntasacha a chaitheamh ar infheistíochtaí athchóirithe foirgneamh, i gcomhréir leis an treoir ón gCoimisiún Eorpach, ag díriú go sonrach ar na foirgnimh is measa feidhmíochta agus ar theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de.

Le cistí an Bheartais Comhtháthaithe, laistigh den sprioc fhoriomlán aeráide de 30 % agus tríd an díriú téamach ar Chuspóir Beartais 2, leanfar de sciar tábhachtach de bhuiséad an Aontais a leithdháileadh ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe foirgneamh, agus déanfaidh InvestEU, trí na hionstraimí airgeadais tiomnaithe agus trí chúnamh teicniúil, go háirithe Saoráid ELENA, infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí ar scála a shlógadh sna Ballstáit.

Beidh sé mar aidhm ag an gCiste um Aistriú Cóir, a bhfuil buiséad iomlán EUR 17,5 billiún ann, na costais shóisialta agus eacnamaíocha a eascraíonn as an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a mhaolú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh agus in athchóiriú foirgneamh, ar costais iad lena mbainfidh an dá thairbhe a leanas; poist áitiúla a chruthú agus aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach marthanach.

Ar deireadh, beidh tosaíochtaí cistiúcháin ag na cláir a bhainistítear go lárnach amhail LIFE nó Fís Eorpach lena dtacófar le haistriú cóir agus glas, i gcomhréir le cuspóirí agus cineál na gclár sonrach, *i.e.* díriú ar theicneolaíocht agus ar nuálaíocht mhargaidh agus ar dhea-chleachtais a fhorbairt maidir le beartais éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme. Éilítear le reachtaíocht an Aontais maidir le $CO_2$ feithiclí bóthair go laghdóidh monaróirí astaíochtaí $CO_2$ sceithphíopa fhlít feithiclí nua ar an meán ón meascán feithiclí a mbíonn á ndíol acu. Tá rialacháin curtha i bhfeidhm le haghaidh Feithiclí Tromshaothair agus le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma[31]. Ciallaíonn na rialacháin sin nach mór do mhonaróirí teicneolaíocht a úsáid chun éifeachtúlacht fuinnimh na bhfeithiclí a fheabhsú (mar shampla trína bhfriotaíocht aeraidinimiciúil nó rollach nó éifeachtúlacht gléasra cumhachta a laghdú) nó trí úsáid a bhaint as foinse fuinnimh ina bhfuil astaíochtaí $CO_2$ laghdaithe in úsáid. Seachnaítear le hathrú go gléasraí cumhachta lán leictreacha na

[31] Rialachán (AE) 2019/631 an 17 Aibreán 2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena socraítear caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteáin paisinéirí nua agus le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma nua

caillteanais fuinnimh ó innill dócháin inmheánaigh agus is é an toradh atá air sin as a dtagann laghdú as cuimse ar úsáid fuinnimh deiridh in aghaidh an chiliméadair. Léirítear sa chainníochtú ar sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh an laghdú ar úsáid fuinnimh in earnáil an iompair mar gheall ar reachtaíocht i dtaobh $CO_2$ feithiclí. Cruthóidh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh sineirgí le bearta na Straitéise Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Cliste. Cé go mbeidh an tsolúbthacht agus an lánrogha iomlán ag na Ballstáit maidir le rogha na mbeart chun an laghdú ar úsáid fuinnimh in earnáil an iompair a bhaint amach, déanfar glacadh na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh in earnáil an iompair a dhreasú leis an Treoir. Comhlánaíonn an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh freisin. Má dhéantar táirgí agus bonneagair le haghaidh saolréanna níos faide a dhearadh, nó má dhéantar athúsáid agus athchúrsáil ar amhábhair, is lú an méid fuinnimh a ídítear agus astaíochtaí gás ceaptha teasa le linn shaolré na dtáirgí agus na mbonneagar. Sa Straitéis 'Rabhartha Athchóiriúcháin', dírítear ar a áirithiú go mbeidh foirgnimh na hEorpa níos tíosaí ar fhuinneamh, go mbeidh níos lú carbóin iontu le linn a saolré iomlán agus go mbeidh siad níos inbhuanaithe. Is féidir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh truailliú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ábhar-bhainteacha a laghdú, ar astaíochtaí iad a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, arb é an bunús dlí é le bearta maidir le fuinneamh é. Is é is aidhm do na bearta atá beartaithe éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud na n-earnálacha agus ar fud an tslabhra fuinnimh ina iomláine, agus ar an gcaoi sin saothraítear leo ceann de na cuspóirí a liostaítear in Airteagal 194, eadhon, éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilt fuinnimh a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 194(1)(c). Is iomchuí an Conradh a úsáid toisc go bhfuil bunús dlí sonrach ann i gcomhair cúrsaí fuinnimh.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tugtar aghaidh ar phrionsabal na coimhdeachta sa togra seo toisc nach bhfuil inniúlachtaí eisiacha ag an Aontas maidir le beartas fuinnimh in-athnuaite. Is forbairt é an togra ar an méadú atá ag teacht ar thábhacht na héifeachtúlachta fuinnimh mar dhúshlán polaitiúil agus eacnamaíoch agus ar an dlúthghaol atá aige le réimsí beartais maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh, an t-athrú aeráide, an margadh inmheánach agus forbairt eacnamaíoch agus sóisialta.

*An gá le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach*

Dá bhrí sin, tá údar le gníomhaíocht AE ar bhonn na coimhdeachta i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE ós fíor é go gcuireann comhordú ar an leibhéal Eorpach le slándáil fuinnimh agus le tairbhí comhshaoil agus aeráide. Is ionann na fadhbanna bunúsacha is cúis le gannchion coigiltis fuinnimh (i gcomparáid leis an leibhéal is fearr ó thaobh na sochaí de) ar fud an Aontais agus is ann dóibh gach áit..[32]

---

32 SWD(2021) 623, roinn 2.

Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfidh gach Ballstát leis an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh atá ina ceanglas ar leibhéal an Aontais agus go mbainfear an sprioc sin amach i dteannta a chéile agus ar dhóigh éifeachtúil ó thaobh costas de. Iarrtar ar Bhallstáit a leibhéil uaillmhéine féin a leagan amach, lena n-áirítear na treochtaí a fhreagraíonn dá gcúinsí agus dá gcomhthéacs náisiúnta féin. Mar gheall ar an gcineál ionstraime atá i gceist agus ós rud é nach bhfuil an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh ina ceanglas ar an leibhéal náisiúnta, urramaítear prionsabal na coimhdeachta. Tríd an gcomhthéacs náisiúnta agus na sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh, coinneoidh na Ballstáit an leibhéal céanna solúbthachta ó thaobh a meascán beartais, earnálacha agus an cur chuige a roghnú chun an coigilteas fuinnimh is gá a bhaint amach faoi 2030.

I bhfianaise na sprice níos airde maidir leis an aeráid, déanfaidh gníomhaíocht an Aontais gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú i dtreo iarrachtaí a mhéadú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Foráiltear leis an Rialachán Rialachais cheana féin go mbeidh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún gníomhú i gcás easpa uaillmhéine ag na Ballstáit spriocanna an Aontais a bhaint amach, agus, ar an gcaoi sin, aithnítear go foirmiúil *de facto* an ról ríthábhachtach atá ag gníomhaíocht an Aontais sa chomhthéacs sin, agus dá bhrí sin tá údar le gníomhaíocht AE ar fhoras na coimhdeachta i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE.

Is ionann na fadhbanna bunúsacha is cúis le gannchion coigiltis fuinnimh (i gcomparáid leis an leibhéal is fearr ó thaobh na sochaí de) ar fud an Aontais agus is ann dóibh gach áit. I bhfianaise na gcostas seachtrach a bhaineann le tomhaltas fuinnimh (e.g. astaíochtaí gás ceaptha teasa, astaíochtaí truailleán aeir, slándáil fuinnimh), is dócha go dtiocfaidh tairbhí a imreoidh tionchar níos faide anonn ná teorainneacha náisiúnta as gníomhaíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus úsáid fuinnimh a laghdú. I gcás fadhbanna trasteorann, ní dócha go dtiocfaidh na torthaí is fearr as gníomhaíocht na mBallstát. I bhfianaise sprioc aeráide níos airde, lena n-éilítear sprioc éifeachtúlachta fuinnimh níos airde, is gá go ndéanfaidh an Aontais gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a neartú.

Ina theannta sin, urramaítear prionsabal na coimhdeachta i bhfianaise ghné shonrach na hionstraime agus ós rud é nach bhfuil an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh ceangailteach ar an leibhéal náisiúnta. Coinníonn na Ballstáit an leibhéal céanna solúbthachta ó thaobh a meascán beartais, na hearnálacha agus an cur chuige a roghnú chun an coigilteas fuinnimh is gá a bhaint amach faoi 2030, tríd an gcomhthéacs náisiúnta agus na sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh. Mar sin féin, is réimse beartais é an fuinneamh a bhfuil riachtanais infheistíochta arda ag gabháil leis.

Is féidir le cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais muinín, iontaofacht agus leanúnachas a chruthú, rud a mhéadódh an dóchúlacht go ndéanfadh gníomhaithe éagsúla infheistiú agus páirt a ghlacadh. Is féidir le beartais ar leibhéal an Aontais aistriú cóir agus cothrom a chruthú freisin do thíortha agus do réigiúin a bhfuil geilleagair acu a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar struchtúr tionsclaíoch nó ar fhostaíocht mar thoradh ar an aistriú fuinnimh i dtreo dícharbónú.

Le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais, ina theannta sin, is féidir aird níos fearr a thabhairt ar na cumais éagsúla atá ann chun gníomhú i measc na mBallstát. Bíonn costas seachtrach (éifeacht dhiúltach) ar thríú páirtí nuair a dhéantar earra nó seirbhís a tháirgeadh nó a thomhailt.

*Breisluach an Aontais Eorpaigh*

Is sásra ríthábhachtach iad beartais éifeachtúlachta fuinnimh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cuidíonn siad le tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach amhail cáilíocht aeir níos fearr, billí fuinnimh laghdaithe agus sláinte níos fearr. Is spriocanna comhchoiteanna iad spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais le haghaidh 2030. I ndáil leis an méid sin, is fearr an seans atá ag beartais chomhordaithe an Aontais an tAontas a iompú ina ilchríoch a bheidh neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050. Cur chuige comhchoiteann is ea an bealach is éifeachtaí chun a áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais idirnáisiúnta.

Ní mór gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát chun tomhaltas fuinnimh a laghdú. Mar sin féin, tá gá le creat éifeachtach le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin ar leibhéal an Aontais. Le cur chuige comhordaithe agus comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, cumasófar agus feabhsófar gníomhaíochtaí na mBallstát, agus áiritheofar na ceithre shaoirse. Beidh cur chuige comhchoiteann an Aontais ina chabhair, mar shampla, chun margaí móra a chruthú do sholáthróirí, d'oibrithe agus d'earraí Eorpacha, agus chun a áirithiú go mbeidh na hoibleagáidí agus na rialacha céanna i bhfeidhm. Déanfaidh sé sin an iomaíocht a chosaint agus a threisiú. Le cur chuige comhchoiteann ar leibhéal an Aontais, beidh tomhaltóirí in ann leas a bhaint as na cearta bunúsacha céanna agus faisnéis inchomparáide inaitheanta a fháil ar fud an Aontais. Le cur chuige coiteann an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh beifear in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna ar leith amhail an gá le bochtaineacht fuinnimh a mhaolú.

Is léir ón taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh go bhfuil creat coiteann de chuid an Aontais cóir go sóisialta, go laghdaíonn sé costais, go méadaíonn sé sochair ón margadh inmheánach agus gur féidir le lucht déanta beartas náisiúnta foghlaim óna chéile. Leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, déantar bearta náisiúnta agus bearta eile de chuid an Aontais a chomhlánú agus a chatalú go héifeachtach. Léiríonn beartais arna nglacadh ar leibhéal an Aontais an dlúth-idirghaol idir réimsí beartais an athraithe aeráide, slándáil an tsoláthair, inbhuanaitheacht, comhshaol, margadh inmheánach, forbairt shóisialta agus eacnamaíoch. Dá bhrí sin, is féidir éifeachtaí ar an margadh aonair maidir le fás, infheistíochtaí agus cruthú post a mheas nuair a bhíonn beartais agus bearta á gcinneadh agus á gcur chun feidhme. Thacaigh an Tascfhórsa leis sin chun iarrachtaí na mBallstát a shlógadh chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2020 a bhaint amach, lenar iarradh go mbeadh creat beartais ann a bheadh láidir, spriocdhírithe agus coiteann don éifeachtúlacht fuinnimh chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a mhealladh, chun a áirithiú go mbainfear amach an coigilteas fuinnimh ar bhealach cóir agus cothrom.

Thairis sin, gníomhaíonn margadh aonair an Aontais mar spreagadh láidir maidir le cost-éifeachtúlacht i dtaca le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach.

Áiritheofar le comhghníomhaíocht ón Aontas go mbainfear cuspóirí an bheartais amach go comhpháirteach ar an gcostas is ísle is féidir. Dá bhrí sin, chun na spriocanna foriomlána a bhaint amach i dteannta a chéile, is féidir leis an ngníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais iarrachtaí a chumasú agus a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta trí chur chuige níos comhchuibhithe a áirithiú, trí chuidiú le margaí scála a chruthú do sholáthróirí Eorpacha, agus trína áirithiú go mbeidh siad faoi na hoibleagáidí agus na rialacha céanna.

Cuirfidh creat ar leibhéal an Aontais níos mó cinnteachta d'infheisteoirí ar fáil freisin. Tabharfaidh sé spreagadh ginearálta ar fud an mhargaidh aonair ina iomláine chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí de gach cineál atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de. Sa sainmhíniú ar chuspóirí an Aontais agus ar chuspóirí náisiúnta, tugtar léiriú soiléir ar an méid a bhfuiltear ag súil leis ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de, agus cuidíonn sé le méid an

mhargaidh do tháirgí agus do sheirbhísí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a shainiú. Leis sin tabharfar comhartha do sholáthróirí agus do mhonaróirí go ndéanfaidh siad iarracht níos mó i bhforbairt táirgí i ndáil leis seo.

Teastaíonn faisnéis fhiúntach, chruinn agus intuigthe maidir le húsáid fuinnimh, costais ghaolmhara, agus rochtain éasca ar mhargadh iomaíoch d'ábhair thógála (fuinneoga, insliú, etc.), réitigh téimh agus fuaraithe, agus táirgí eile a chabhraíonn le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

Bearta earnáilsonracha, atá dírithe mar shampla ar earnáil an téimh agus an fhuaraithe, chun a áirithiú go dtabharfar aird iomchuí ar na hearnálacha sin inar gá an laghdú is mó ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach. Cinntíonn pleanáil chomhchuibhithe cáilíocht inchomparáide na mbeartas agus na mbeart náisiúnta. Áirithítear leis freisin go mbeidh faisnéis struchtúrtha ar fáil faoi na cuspóirí agus na pleananna earnála sna Ballstáit, rud a chuideoidh leis na Ballstáit agus le rannpháirtithe sa mhargadh a gcuid gníomhaíochtaí a phleanáil. I gcás téamh agus fuarú, cuidíonn sé chun margadh leordhóthanach a áirithiú a mbeidh comhchaighdeáin aige do sholáthraithe trealaimh ardéifeachtúlachta le haghaidh téamh agus comhghiniúint ceantair, chun costais a laghdú agus chun iad a spreagadh chun nuáil a dhéanamh agus chun a dtairiscint a fheabhsú.

Trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais, is féidir dul i ngleic le roinnt bacainní ar infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha, agus aghaidh a thabhairt ar an easpa comhordaithe idir comhlachtaí éagsúla um údarú ar an leibhéal náisiúnta agus an cumas riaracháin a spreagadh chun tionscadail trasteorann agus scéimeanna tacaíochta a chur chun feidhme.

Leagtar síos go bunúsach leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an cuspóir foriomlán maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, ach fágtar formhór na ngníomhaíochtaí atá le déanamh chun an cuspóir sin a bhaint amach faoi na Ballstáit. Fágann cur i bhfeidhm an phrionsabail 'Tús Áite don Éifeachtúlacht Fuinnimh' go mbeidh solúbthacht ann do na Ballstáit. Leagtar síos spriocanna ceangailteacha éifeachtúlachta fuinnimh ar leibhéal an Aontais sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ach ní bhunófar léi spriocanna ceangailteacha ar an leibhéal náisiúnta ó thaobh 2020 agus 2030 de. Ba cheart do na Ballstáit a rannchuidiú a bhunú chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann agus an fhoirmle dá bhforáiltear sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh á cur san áireamh. Le hoibleagáid chun laghdú bliantúil ar thomhaltas fuinnimh san earnáil phoiblí a bhaint amach, áiritheofar go gcomhlíonfaidh an earnáil phoiblí a ról eiseamláireach, cé go mbeidh solúbthacht iomlán fós ag na Ballstáit maidir leis an rogha i ndáil le bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh chun an laghdú is gá ar thomhaltas deiridh fuinnimh a bhaint amach. Ina theannta sin, leanfaidh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh de ráta bliantúil athchóirithe is gá a sholáthar maidir le hachar urláir na bhfoirgneamh. Leathnaítear raon feidhme na hoibleagáide sin chuig foirgnimh ar le gach comhlacht poiblí ar chríoch Ballstáit iad. Áiritheofar leis an mbeart sin go leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh le dea-shampla a thabhairt trí uasghrádú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh faoina seilbh, agus ag an am céanna an tsolúbthacht a choinneáil maidir leis an rogha beart. Ina theannta sin, soláthrófar leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an creat is gá chun feidhmíocht ard-éifeachtúlachta fuinnimh táirgí, seirbhísí, oibreacha agus foirgneamh arna gceannach ag comhlachtaí poiblí a áirithiú, agus chun machnamh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar ghnéithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht níos leithne, leis an ngeilleagar sóisialta, comhshaoil agus ciorclach. Le cur chuige comhchuibhithe, lena n-áirítear gnéithe éifeachtúlachta fuinnimh sna próisis tairisceana a chur san áireamh, caomhnófar iomaíocht, áiritheofar coigilteas fuinnimh fadtéarmach agus cost-éifeachtach agus foráil ann maidir le leanúintí ar aghaidh margaí scála. Cuirfidh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh síneadh leis an gcoigilteas fuinnimh tríd an ráta coigiltis a

mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit leanúint de choigilteas fuinnimh bliantúil nua a bhaint amach ó bhearta beartais ar fud na n-earnálacha go léir. Ós rud é gur beart éifeachtach í an oibleagáid coigiltis fuinnimh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú in earnálacha éagsúla, is uirlis éifeachtach í freisin chun tacú leis na Ballstáit an bhochtaineacht fuinnimh a laghdú. Dá bhrí sin, ceanglóidh an oibleagáid coigiltis fuinnimh ar na Ballstáit sciar ríofa aonair den mhéid iomlán coigiltis fuinnimh is gá i leith custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh, daoine a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus, i gcás inarb infheidhme, daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta, a bhaint amach. Is féidir le cur chuige comhchuibhithe rannchuidiú le haistriú fuinnimh díreach do shaoránaigh Eorpacha uile. Leis an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh, coinnítear solúbthacht iomlán do na Ballstáit maidir leis na cineálacha beart beartais, méid, raon feidhme agus inneachar na mbeart sin. Áiritheofar leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an leibhéal céanna ceart bunúsach conarthach do shaoránaigh Eorpacha uile maidir le téamh, fuarú agus uisce te tí. Cé go n-éileoidh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh go gcuirfí cearta conarthacha bunúsacha áirithe custaiméirí chun feidhme, ní chuirfí srian leis na hinniúlachtaí náisiúnta. Tá gá freisin le cothrom iomaíochta amháin ar fud an Aontais maidir le faisnéis do thomhaltóirí agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta. Ceanglaítear ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh, ach is dá rogha féin fós dearadh nithiúil na ngníomhaíochtaí sin. Léiríonn tionchair uile-Aontais na géarchéime eacnamaíche agus sláinte go bhfuil gá freisin le cur chuige comhchuibhithe chun custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh agus iad siúd atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh a chumhachtú agus a chosaint.

Chun an leibhéal céanna cosanta agus cumhachtaithe a áirithiú, ceanglaítear leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme agus a mhaoiniú mar thosaíocht i measc na ndaoine sin, rud a thacóidh freisin leis na Ballstáit agus éifeachtaí dáileacháin á maolú acu. Éascóidh líonra saineolaithe gníomhaíochtaí na mBallstát ina leith sin agus ba cheart é a bheith bunaithe sna Ballstáit go léir. Cé go bhfuil gá le hiniúchtaí éigeantacha fuinnimh d’fhiontair mhóra, toisc gur féidir le coigilteas fuinnimh a bheith suntasach, coimeádfaidh na Ballstáit solúbthacht chun cláir a fhorbairt chun FBManna a spreagadh le hiniúchtaí fuinnimh a dhéanamh. Maidir le hearnáil an téimh agus an fhuaraithe, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlachtaí measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an acmhainneacht comhghiniúint ardéifeachtúlachta agus téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a bheith ann, agus féadfaidh siad díolúintí a dheonú i réimse aisghabhála an dramhtheasa trí chomhghiniúint ardéifeachtach nó trí líonra téimh nó fuaraithe ceantair a sholáthar. Leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, beidh na Ballstáit in ann bearta agus nósanna imeachta a thabhairt isteach chun suiteálacha comhghiniúna a chur chun cinn. Chun cuidiú le margadh aonair a chruthú, ba cheart do na Ballstáit uile, do na hÚdaráis Rialála Náisiúnta, d’oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin, prionsabal 'Tús Áite don Éifeachtúlacht Fuinnimh' a chur i bhfeidhm agus deireadh a chur le gach beart rialála, teicniúil agus neamhrialála d’fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh in oibriú na líonraí fuinnimh. D’fhanfadh forbairt margaidh i gcomhair seirbhísí fuinnimh chun a áirithiú go mbeadh an t-éileamh ar sheirbhísí fuinnimh agus soláthar seirbhísí fuinnimh araon ar fáil faoi réir rogha na mBallstát. Choinneodh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an tsolúbthacht do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun bacainní rialála agus neamhrialála ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Spreagfaí na Ballstáit agus na réigiúin leas iomlán a bhaint as na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta agus as saoráidí maoiniúcháin eile chun infheistíochtaí i mbearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh, chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú, agus chun maolú a dhéanamh ar aon éifeacht dáileacháin ar chustaiméirí leochaileacha agus ar úsáideoirí deiridh, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus orthu siúd a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta.

Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Bunaithe ar an Measúnú Tionchair[33] a ghabhann leis seo agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ar an iomlán ní théann na modhnuithe atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach d'fhonn uaillmhian níos airde i dtaobh éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach i bhfianaise na sprice méadaithe aeráide le haghaidh 2030. Maidir leis na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh, tá na leasuithe comhréireach le huaillmhian riachtanach an Aontais i gcomhréir leis an sprioc mhéadaithe aeráide de laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT mar atá molta sa Phlean um Sprioc Aeráide. Le roinnt leasuithe leagadh síos spriocanna agus oibleagáidí sonracha ar údaráis phoiblí coigilteas fuinnimh a bhaint amach i réimsí áirithe – an earnáil phoiblí agus bochtaineacht fuinnimh, a bheidh comhréireach ar an iomlán. Maidir leis an oibleagáid coigiltis fuinnimh don earnáil phoiblí, sainmhínítear comhlachtaí poiblí sa Treoir maidir le Soláthar Poiblí 2014/24/AE (údaráis chonarthacha). Bheadh ar na Ballstáit bunachar sonraí a bhunú le comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear a dtomhaltas fuinnimh bliantúil. Leis an oibleagáid atá beartaithe maidir le tomhaltas fuinnimh a laghdú, fágtar solúbthacht shuntasach ann do na Ballstáit maidir le cá háit agus conas a d'fhéadfaí coigilteas fuinnimh a bhaint amach. I bhfianaise na gcostas agus na dtairbhí a d'fhabhródh ó bhearta coigiltis a chur chun feidhme, meastar go bhfuil an iarracht sin éifeachtach seachas iomarcach. Is aidhm é freisin trí bhíthin an togra aghaidh a thabhairt ar na tionchair dáileacháin a eascraíonn as an trádáil astaíochtaí a leathnú amach go foirgnimh agus iompar. Dá leagfaí síos sainmhínithe agus oibleagáidí go háirithe maidir le téamh agus fuarú, bheadh sé comhréireach leis an gcoigilteas breise fuinnimh agus leis na sineirgí leis na hionstraimí eile a d'fhéadfaí a bhaint amach san earnáil sin. Tá comhréireacht na gceanglas breise faireacháin agus tuairiscithe ag brath ar an gcothromaíocht idir costais mhéadaithe agus coigiltis a bhaintear amach mar gheall ar thuiscint níos fearr ar thionchar na mbeart ábhartha.

Mar sin, tá an leibhéal sriantachta a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcuspóir.

- **An rogha ionstraime**

Is Treoir í an ionstraim a roghnaíodh, treoir ar gá do na Ballstáit í a chur chun feidhme. Is ionstraim iomchuí í an Treoir toisc go sainítear go soiléir inti cuspóirí an Aontais atá le baint amach, agus ag an am céanna go bhfágtar solúbthacht leordhóthanach ann do na Ballstáit í a chur chun feidhme ar an mbealach a oireann dá gcúinsí náisiúnta féin.

Tugtar le chéile sa togra códú agus leasú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dhlí an Aontais ionas go mbeidh sé níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus, dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronnann sé orthu. Tá leasú substainteach ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, a leasaíodh roinnt uaireanta, i gceist leis an togra.

Chun an dá phróiseas, an t-athbhreithniú agus na próisis chódaithe a ailíniú, molann an Coimisiún Athmhúnlú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Cuidíonn teicníc an

---

33 SWD(2021) 623.

athmhúnlaithe le simpliú reachtaíocht an Aontais trí fhoráil maidir le téacs reachtach aonair a ghlacadh, ar téacs é lena ndéantar ag an am céanna an leasú inmhianaithe, an leasú sin a chódú anuas ar chinn a bhí ann roimhe sin, na forálacha gan athrú ó ghníomh roimhe sin a chódú, agus déantar an gníomh sin agus na gníomhartha leasaitheacha a bhí ann roimhe sin a aisghairm. Ar an ábhar sin, is ionstraim iomchuí an Treoir athmhúnlaithe agus tá sí i gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin faoi mhír 46 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr[34]. Gabhfaidh an gníomh dlí nua ionad an ghnímh roimhe sin 2012/27/AE agus aisghairfear é.

I gcás uimhreacha nua a bheith tugtha do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir an tseanuimhir agus an uimhir nua i dtábla a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Treoir athmhúnlaithe.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireacht ex post ar an reachtaíocht atá ann**[35]

Tá an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ábhartha i gcónaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe a bhaint amach san Aontas agus rannchuidiú le sprioc aeráide mhéadaithe 55 %. Tá tairbhí eile ag baint léi freisin, amhail an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú agus an nuálaíocht agus an t-iomaíochas a spreagadh. Is léir ón meastóireacht gur faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh atá sé a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí i réimsí sonracha ídithe fuinnimh. Léirítear i staidéir éagsúla a rinne an Coimisiún, chomh maith le fianaise ó pháirtithe leasmhara[36], go bhfuil scóip shuntasach ann fós d’infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus coigilteas costéifeachtach in earnálacha eacnamaíocha na mBallstát agus sa tsochaí i gcoitinne, fiú i gcás na dteicneolaíochtaí atá ann cheana.

Mar sin féin, faoi chuimsiú ‘an ghnó mar is gnách’, agus níos mó arís mar thoradh ar thionchair dhíobhálacha shocheacnamaíocha agus caillteanais ioncaim mar thoradh ar ghéarchéim Covid-19, bheadh sciar mór den éifeachtúlacht fuinnimh agus den acmhainneacht coigilte fuinnimh sin fós gan saothrú, ar a n-áirítear i measc na gcúiseanna teipeanna sa mhargadh agus teipeanna rialála, rud a chuireann cosc ar infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh atá cost-éifeachtach a dhéanamh. I bhfianaise na hacmhainneachta suntasaí coigiltis fuinnimh, tá gá le gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn tuilleadh agus deireadh a chur le bacainní ar iompraíocht atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear le haghaidh infheistíochtaí.

Léirítear sa mheastóireacht go ndealraíonn sé go bhfuil drogall ar na hearnálacha poiblí ceanglais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur san áireamh go córasach sa soláthar, go príomha mar gheall ar phraghas ceannaigh. Dá bhrí sin, tá deis ann an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a neartú agus a shruthlíniú ionas go gcuideoidh sí leis an sprioc

[34] IO L 123, 12 Bealtaine 2016, lch.1.
[35] SWD(2021) 623.
[36] Féach e.g. https://www.eiif.org/sites/default/files/2020-12/EiiF_White%20paper_2020_REV.15.pdf.

aeráide níos airde agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh dul i ngleic ar bhealach níos fearr le dúshláin shocheacnamaíocha amhail custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh a chosaint agus a chumhachtú, agus bochtaineacht fuinnimh a mhaolú. Maidir le tionscail, léirítear sa mheastóireacht gur dócha go mbeidh aineolas ag an gcuid is mó de na gnólachtaí ina bhac nach beag ar an ábhar nach eol dóibh cad iad na deiseanna teicniúla coigilte fuinnimh atá ar fáil, nó cad iad na buntáistí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann don ghnó.

Ó thaobh éifeachtachta de, tháinig feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh ar fud an Aontais mar thoradh ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a bhuí lena spriocanna (go háirithe Airteagal 3 agus Airteagal 5) agus le bearta ceangailteacha (go háirithe Airteagal 7 maidir le hoibleagáidí coigiltis fuinnimh), cé nárbh leor an dul chun cinn a rinneadh maidir le baint amach spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais le haghaidh 2020. Chun an leibhéal riachtanach feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, tá sé ag brath, den chuid is mó, ar uaillmhian na mBallstát agus cuspóirí á leagan síos acu, agus ar a n-iarrachtaí maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Cé go leagtar síos teorainneacha tomhaltais deiridh fuinnimh agus phríomhúla don Aontas ina iomláine sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, agus go ndéantar foráil sa Rialachán Rialachais maidir le tuilleadh beart de chuid an Aontais mura gcomhlíontar na spriocanna, ní thacaíonn cineál táscach na sprice le baint amach na sprice. Is beart éifeachtach fós é Airteagal 7 atá freagrach as coigilteas fuinnimh a ghiniúint san earnáil foirgneamh den chuid is mó. Bhí oibleagáidí na hearnála poiblí (Airteagal 5 agus Airteagal 6) ríthábhachtach chun ról eiseamláireach na rialtas láir a léiriú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn trí athchóirithe agus soláthar poiblí. Mar sin féin, cuireadh na bearta chun feidhme ar scála teoranta, agus cuireann roinnt teorainneacha bac ar leas a bhaint as acmhainneacht coigiltis fuinnimh san earnáil phoiblí. Bhí an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ríthábhachtach freisin maidir le húsáid iniúchtaí fuinnimh a chur chun cinn ar fud an Aontais (Airteagal 8). Mar sin féin, tá srianta tábhachtacha ann fós amhail obair leantach a dhéanamh ar iniúchtaí agus ar dhúshláin a bhaineann le cur i bhfeidhm shainmhíniú FBManna, easpa ceanglas agus dreasachtaí chun córais bainistithe fuinnimh a chur chun feidhme. Chuidigh ceanglais Airteagal 14 maidir le téamh agus fuarú, go háirithe an ceanglas measúnuithe cuimsitheacha a bhunú, leis an tábhacht fhoriomlán agus leis an bhfeasacht ar théamh agus fuarú a mhéadú sna Ballstáit uile. Léiríodh san anailís, áfach, go raibh an tionchar foriomlán íseal, go háirithe i ngeall ar an easpa oibre leantaí a rinneadh ar na torthaí ó na measúnuithe cuimsitheacha a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14, agus i ngeall ar an úsáid fhorleathan a baineadh as díolúintí a ceadaíodh. Chuidigh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh den chuid is mó le forbairt margaí seirbhísí fuinnimh agus le conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh (Airteagal 18). Mar sin féin, tá bacainní tábhachtacha fós le sárú.

I dtéarmaí éifeachtúlachta, ar an iomlán, chuidigh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh le coigilteas fuinnimh a bhaint amach san Aontas ar bhealach costéifeachtach. Tá roinnt forálacha atá faoi réir 'coinníollachtaí' (e.g. in Airteagail 5, 6, 9-11, 14) a cheanglaítear chun gníomhú, má tá sé cost-éifeachtach/indéanta go heacnamaíoch nó go teicniúil. Thug sé solúbthacht shuntasach do na Ballstáit chun bearta a roghnú. Mar sin féin, níor léirigh na Ballstáit i gcónaí conas a bunaíodh an fhéidearthacht. Níl aon táscairí ann maidir le difríochtaí suntasacha i méid na gcostas i measc na mBallstát i gcás fhormhór fhorálacha na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, cé is moite d'Airteagal 7 (braitheann na costais ar dhearadh agus ar raon feidhme an bhirt).

Maidir le comhleanúnachas, tá an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh comhleanúnach ar an iomlán le beartais fuinnimh agus aeráide níos leithne, ach mar sin féin, i ngeall ar na hidirnaisc atá ag dul i méid leis an bhfuinneamh in-athnuaite agus le CTA AE is gá cuíchóiriú a dhéanamh ina leith agus aghaidh a thabhairt ar laghdú an ualaigh riaracháin. Ina theannta sin, is gá forálacha na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a oiriúnú chun tacú le cuspóirí maidir le dícharbónú agus truailliú nialasach i gcomhthéacs na dtionscnamh faoin gComhaontú Glas don Eoraip.

Maidir le breisluach an Aontais, bhí idirghabháil an Aontais ríthábhachtach chun feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach ar fud an Aontais. Is léir nach mbeadh an rath céanna ar an scála sin a breathnaíodh murach an sprioc ar leibhéal an Aontais agus na bearta ceangailteacha. Mar sin féin, tá scóip ann roinnt forálacha a neartú agus a chuíchóiriú chun a áirithiú go mbainfear amach na hiarrachtaí is gá leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i bhfianaise sprioc aeráide níos airde an Aontais de 55 % ar a laghad le haghaidh 2030.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Foilsíodh an treochlár meastóireachta/measúnú tionchair tosaigh an 3 Lúnasa 2020 agus bhí sé ar fáil go dtí an 21 Meán Fómhair 2020.

Fuair an Coimisiún 189 bhfreagra, agus thíolaic 99 bpáirtí leasmhar ráitis fhorlíontacha agus faisnéis maidir lena bhfreagraí. Fuarthas an líon is mó freagraí ó chomhlachais ghnó (80 freagra), agus ina dhiaidh sin cuideachtaí (36 fhreagra) agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (26 fhreagra). Ina theannta sin, eagraíodh naoi gcruinniú tiomnaithe do na páirtithe leasmhara sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Deireadh Fómhair 2020 le grúpaí geallsealbhóirí spriocdhírithe maidir le hábhair shonracha, agus tionóladh cruinniú de ghrúpa saineolaithe ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an 10 Samhain 2020. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún an comhairliúchán poiblí ar líne ón 17 Samhain 2020 go dtí an 9 Feabhra 2021, i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr. Cuimsíodh sa suirbhé ceisteanna ilroghnacha agus oscailte a chlúdaigh réimse leathan gnéithe a bhain leis an meastóireacht *ex-post* agus roghanna le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Fuarthas 344 fhreagra san iomlán. Ba iad comhlachais ghnó (132 fhreagra), gnólachtaí aonair agus cuideachtaí (92 fhreagra), agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ina dhiaidh sin (34 aighneacht) na grúpaí freagróirí ba mhó a chlúdaíodh. Chuir 21 fhreagróir freagraí isteach mar shaoránach aonair. D'fhreagair 24 údarás poiblí, lena n-áirítear údaráis náisiúnta as 9 mBallstát (an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc , an Ísiltír, an Liotuáin, an tSeicia, an Spáinn agus an tSualainn).

Chuir tromlach mór na bpáirtithe leasmhara (86 % de fhreagróirí) in iúl gur cheart ról lárnach a bheith ag éifeachtúlacht fuinnimh maidir le tacú le spriocanna aeráide níos uaillmhianaí le haghaidh 2030 agus maidir le neodracht carbóin an Aontais a bhaint amach faoi 2050. Thacaigh na páirtithe leasmhara den chuid is mó le neartú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i ndáil leis sin. Bhí tromlach na bpáirtithe leasmhara (53 %) i bhfabhar spriocanna ceangailteacha éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta (47 %). Chreid páirtithe leasmhara go bhfuil gá le hiarrachtaí breise éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh (76 %) agus in earnáil an iompair (62 %), agus ina dhiaidh sin sa tionsclaíocht (52 %) agus in TFC (40 %).

Cuireadh san áireamh tuairimí na bpáirtithe leasmhara, mar a cuireadh in iúl iad sa chomhairliúchán poiblí agus le linn na gceardlann, agus na roghanna beartais éagsúla ar na réimsí beartais faoi seach á leagan amach sa Mheasúnú Tionchair.

I mí an Mheithimh, d'óstáil an Coimisiún Eorpach éisteacht leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir leis an bpacáiste '*Fit for 55*'. Iarradh ar na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha a dtuairimí tosaigh a roinnt maidir leis an bpacáiste seo agus a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na bearta agus na sásraí tionlacain a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Ardaíodh an gá atá le hidirghníomhaíochtaí níos láidre idir Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Comhaontú Glas don Eoraip agus míníodh gur cheart do chuspóirí an dá ghné sin a bheith mar a bheadh dhá bhruach den abhainn chéanna.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ba é an staidéar tacaíochta COWI an t-aon chonradh amháin a bhí beartaithe go sainráite chun tacú go díreach le hullmhú an Mheasúnaithe Tionchair. Tá go leor tuarascálacha eile tar éis faisnéis ábhartha a chur ar fáil. I gcás na gceanglas maidir le hiniúchadh fuinnimh rinneadh measúnú sonrach ar na fadhbanna a bhaineann leis an sainmhíniú a úsáidtear in Airteagal 8(4) den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chur chun feidhme.

- **Measúnuithe tionchair**

Tá an uaillmhian fhoriomlán maidir le coigilteas fuinnimh agus leibhéal na n-oibleagáidí coigiltis fuinnimh ina n-iarmhairtí ag cur chuige costéifeachtach chun an uaillmhian fhoriomlán maidir le coigilteas gás ceaptha teasa 55 % a bhaint amach. Is gnéithe breise iad na bearta a ndéantar iniúchadh orthu sa mheasúnú tionchair[37] chun tacú le bearta coigilte fuinnimh agus chun iad a chumasú, ar bearta iad lena n-éascófar infheistíochtaí i bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, lena laghdófar an costas foriomlán a bhaineann le coigilteas fuinnimh agus na spriocanna maidir le laghdú gás ceaptha teasa.

Rinneadh bearta a mheas i ndeich réimse éagsúla nach bhfuil comheisiatach. Tá éagsúlacht ann agus cumhdaítear bearta neamhrialála agus rialála leo. Scrúdaíodh bearta éagsúla rialála a bhfuil éagsúlacht déine ag baint leo. Chun an rogha thosaíochta a shainaithint, tá gá le breithiúnas ar an tionchar is fearr ar gach limistéar i gcodarsnacht leis an iarracht rialála agus leis an ualach riaracháin.

Is é príomhthionchar an bhirt go n-úsáideann an tAontas níos lú fuinnimh gan difear a dhéanamh do sholáthar seirbhísí inmhianaithe. Beidh comhthairbhí amhail slándáil fuinnimh níos fearr agus laghdú ar an tionchar ar an gcomhshaol ag gabháil leis an laghdú sin ar úsáid fuinnimh. Is é is cúis go príomha leis an tionchar níos ísle ar an gcomhshaol ná astaíochtaí truailleán aeir de thart ar 8 % níos ísle, ach táthar ag súil freisin go mbeidh tairbhí comhshaoil ann mar gheall ar an laghdú ar an ngá atá le soláthar breosla, ar riachtanais laghdaithe ar bhonneagar agus ar astaíochtaí níos ísle in uisce, mar shampla ó threalamh imréitigh gáis múcháin. Leis an tacaíocht phoiblí atá spriocdhírithe go hiomchuí d'athchóiriú foirgneamh, is féidir sochair shóisialta shubstaintiúla a bheith ann a bhuí le laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh agus feabhsuithe comhchuimseacha ar shláinte an duine.

I ngach réimse, táthar ag súil, den chuid is mó, go soláthrófar an coigilteas fuinnimh trí infheistíochtaí coigilte fuinnimh a thugann an costas caipitil ar ais laistigh de chúpla bliain.

---

[37] SWD(2021) 623.

Cuirtear faisnéis faoi na hamanna aisíocaíochta a bhfuiltear ag súil leo ar fáil de réir earnála agus de réir cineáil infheistíochta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is Athmhúnlú ar an Treoir é an t-athbhreithniú. Sainaithníodh sa Mheasúnú Tionchair[38] féidearthachtaí maidir leis an reachtaíocht atá ann cheana a shimpliú agus costais rialála a laghdú agus, ag an am céanna, díriú ar éifeachtacht na modhnuithe atá beartaithe. Má chuirtear deireadh leis an gcur chuige malartach maidir le foirgnimh comhlachtaí poiblí a athchóiriú, simpleofar na forálacha ós rud é nach ndíreodh sé ach ar athchóirithe amháin. Scriostar gnéithe teicniúla sonracha maidir le foirgnimh phoiblí agus roinnt díolúintí ós rud é go rialaítear iad faoin Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Trí dheireadh a chur le coinníollachtaí cost-éifeachtúlachta, indéantachta teicniúla nó eacnamaíche maidir le ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh sa soláthar poiblí, déanfar cur chun feidhme na gceanglas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a shimpliú, mar go mbeidh feidhm acu go cothrom maidir leis na húdaráis phoiblí uile. Beidh roghanna forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadaithe an Bhoird an Choimisiúin Eorpaigh um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshlándáil.

A áirithiú go ndíreofar iarrachtaí iniúchóireachta fuinnimh ar úsáideoirí fuinnimh níos mó, beidh coigilteas fuinnimh níos airde go comhréireach ann, rud a d'fhágfadh laghdú suntasach ar an ualach ar ghnólachtaí a bhfuil úsáid fuinnimh níos ísle acu, chomh maith leis an ualach ar údaráis phoiblí a shimpliú, ós rud é go mbeadh critéar níos simplí acu chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hiniúchtaí agus ar líon níos lú gnólachtaí a fhíorú. Bheifí ag súil go n-aisíocfaí na costais chomhlíonta mhéadaithe do na gnólachtaí sin a fhanann faoi raon feidhme na forála trí ghlacadh méadaithe le bearta feabhsaithe costéifeachtacha.

Neartóidh leasuithe na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana, go háirithe maidir le bearta atá dírithe ar bhochtaineacht fuinnimh faoin oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh (Airteagal 8) agus athchóiriú foirgneamh don earnáil phoiblí, rud a chinnteodh torthaí níos éifeachtaí, ach a mbeadh ualach riaracháin níos airde ar údaráis phoiblí mar thoradh orthu freisin. Dá gceanglófaí ceanglais bhreise faireacháin agus tuairiscithe maidir le soláthar poiblí agus conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh chuirfí tuilleadh feabhais ar éifeachtacht na bhforálacha sin, ach d'fhéadfaí an t-ualach riaracháin a mhéadú go pointe áirithe ar ghnólachtaí agus ar údaráis phoiblí.

Mar thoradh ar thuilleadh treorach agus tacaíochta a chur ar fáil i bhfianaise ghníomhaíochtaí na mBallstát, e.g. maidir le feasacht a ardú, tiocfaidh méadú gearrthéarmach ar an ualach riaracháin, ós rud é go mbeadh ar na Ballstáit na feachtais éagsúla faisnéise, na malartuithe eolais nó na scéimeanna tacaíochta a bhunú, ach meastar go mbeidh sé sin éifeachtach ó thaobh costais de sa mheántéarma mar gheall ar choigiltí méadaithe fuinnimh.

Níor cheart a chruthú leis na ceanglais tuairiscithe agus faireacháin bhreise a leagtar síos aon chóras nua comhthreomhar tuairiscithe, ach bheidís faoi réir an chreata faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana faoi Rialachán (AE/2018/1999).

- **Cearta bunúsacha**

---

[38] SWD(2021) 623.

Tá an togra seo ag teacht le hAirteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear nach mór ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais Eorpaigh agus an méid sin a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht ar bhuiséad an Aontais de dhroim an Togra. Bheadh costais riaracháin mheasartha ar údaráis phoiblí mar thoradh ar na leasuithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### • Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Tar éis do na comhreachtóirí an Treoir Athmhúnlaithe seo a ghlacadh le linn na tréimhse trasuímh, déanfaidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí seo a leanas chun trasuí na Treorach a éascú:

– Tábla comhghaoil a dhréachtú a fheidhmíonn mar sheicliosta trasuímh do na Ballstáit agus don Choimisiún araon.

– Cruinnithe a eagrú le saineolaithe na mBallstát a bhfuil sé de chúram orthu na codanna éagsúla den Treoir a thrasuí chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir iad a thrasuí agus chun amhras a réiteach, i gcomhthéacs na Treorach maidir le Gníomhaíocht Chuimsitheach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (CA-EED) nó i bhformáid coiste.

– Infhaighteacht le haghaidh cruinnithe déthaobhacha agus glaonna leis na Ballstáit i gcás ceist shonrach maidir le trasuí na Treorach.

– Tar éis spriocdháta an trasuí, déanfaidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar cé acu atá nó nach bhfuil an Treoir trasuite go hiomlán agus i gceart ag na Ballstáit.

Le Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhaíocht Aeráide, bunaíodh creat comhtháite pleanála fuinnimh agus aeráide, creat faireacháin agus tuairiscithe, chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna aeráide agus fuinnimh i gcomhréir le ceanglais trédhearcachta Chomhaontú Pháras. Bhí ar na Ballstáit a bpleananna comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi dheireadh 2019, lena gcumhdaítear na cúig ghné den Aontas Fuinnimh don tréimhse 2021-2030. Ní mór do na Ballstáit tuarascáil a thabhairt gach re bliain ar an dul chun cinn a dhéanfar i gcur chun feidhme na bpleananna agus ina theannta sin, faoin 30 Meitheamh 2023, ní mór dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas faoina ndréacht nuashonruithe ar na pleananna, agus beidh na nuashonruithe deiridh le déanamh an 30 Meitheamh 2024. Chumhdófaí leis an nuashonrú sin aon spriocanna nua a chomhaontófar san athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Meastar go raibh an córas tuairiscithe seo faoin Rialachán Rialachais éifeachtach maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo rannchuidithe éifeachtúlachta fuinnimh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Rinneadh foráil maidir leis an togra seo le haghaidh forálacha nua a bhaineann go príomha le ranníocaíochtaí náisiúnta a shocrú, le sásraí chun bearna a líonadh agus le hoibleagáidí tuairiscithe. Ba cheart na tograí sin a aistriú agus a chuíchóiriú le Rialachán Rialachais (AE) 2018/1999, a luaithe a dhéanfar athbhreithniú air chun ceanglais fhorluiteacha a sheachaint.

D’fhéadfadh sé gur ghá athmheasúnú a dhéanamh ar roinnt forálacha den Rialachán Rialachais freisin i bhfianaise na n-athruithe a mholtar sa Treoir seo.

Moltar meastóireacht ar leibhéal uaillmhéine Airteagail 4, 5, 6 agus 8 in Airteagal 33 den Treoir athmhúnlaithe seo.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Tugann an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh isteach airteagal nua (Airteagal 3) maidir le céadphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh chun a chinntiú go gcuirtear an prionsabal i bhfeidhm i gcás inarb ábhartha agus go ndéantar faireachán ceart tríd is tríd. Ní shonraítear sa Treoir an chaoi ar cheart an méid sin a dhéanamh i bhfianaise raon feidhme leathan chur i bhfeidhm an phrionsabail. Chun cur chun feidhme fhorálacha na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a éascú, eiseoidh an Coimisiún Eorpach moladh do na Ballstáit lena n-áirítear treoir maidir le conas ba cheart an prionsabal a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla. Ba cheart go gcuideodh an doiciméad treorach seo le hoibríochtúlacht an phrionsabail.

Mar thoradh ar an rialú a thug Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa sa Choimisiún vs an Bheilg (cás C-543/17), ní mór do na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur leis na fógraí a thugann siad faoi bhearta náisiúnta trasuite, agus na forálacha sin den dlí náisiúnta lena dtrasuitear na forálacha de threoir a thabhairt le fios. Ní mór foráil a dhéanamh maidir leis sin le haghaidh gach oibleagáid, ní hamháin ag ‘leibhéal na n-airteagal’.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha lena ndéantar Treoir 2012/27/AE a athrú go substaintiúil nó lena gcuirtear eilimintí nua leis:

Leagtar síos le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 4 sprioc cheangailteach mhéadaithe éifeachtúlachta fuinnimh don Aontas maidir le tomhaltas deiridh agus tomhaltas príomhúil, chomh maith le rannchuidithe táscacha náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus cuirtear foirmle ar fáil do na Ballstáit chun a rannchuidithe a ríomh. Leagtar síos spriocanna an Aontais i dtéarmaí an leibhéil tomhaltais deiridh agus phríomhúil fuinnimh atá le baint amach in 2030 agus sloinntear an leibhéal uaillmhéine trí na leibhéil sin a chur i gcomparáid le réamh-mheastacháin na gCás Tagartha 2020 le haghaidh 2030. Léiríonn an leibhéal uaillmhéine a chuirtear in iúl ar bhealach den sórt sin na hiarrachtaí breise i gcomparáid leis na hiarrachtaí atá ar bun nó a léirítear sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Na comparáidí leis an mbonnlíne roimhe sin arb í réamh-mheastacháin Chás Tagartha 2007 le haghaidh 2030 agus luachanna stairiúla ó 2005 í, coinnítear iad sna haithrisí.

Tá rannchuidithe náisiúnta táscach i gcónaí ag cur i gcoinne thromlach na mBallstát i leith spriocanna ceangailteacha náisiúnta arna gcur in iúl le linn an chomhairliúcháin phoiblí agus i bhfóraim eile. Mar sin féin, moltar tagarmharcanna agus sásraí nua maidir le bearna seachadta chun na tagarmharcanna sin a moladh sa Rialachán Rialachais a chomhlánú.

Tugtar isteach in Airteagal 3 foráil nua maidir leis an bprionsabal um Éifeachtúlacht Fuinnimh ar dtús, chun an bunús dlí a chur ar fáil chun an prionsabal a chur i bhfeidhm, agus an t-ualach riaracháin á íoslaghdú ag an am céanna. Áirítear ann oibleagáid réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a chur san áireamh i gcinntí beartais agus infheistíochta i gcórais fuinnimh agus in earnálacha neamhfhuinnimh, lena n-áirítear tithíocht shóisialta.

Tugtar isteach le hAirteagal 5 oibleagáid don earnáil phoiblí a tomhaltas fuinnimh le haghaidh seirbhísí poiblí agus suiteálacha comhlachtaí poiblí a laghdú. Is féidir é seo a dhéanamh in

aon fho-earnáil den earnáil phoiblí, lena n-áirítear iompar, foirgnimh phoiblí, pleanáil spásúil agus bainistiú uisce agus bainistiú dramhaíola i measc earnálacha eile.

Le hAirteagal 6 leathnaítear raon feidhme na hoibleagáide athchóiriúcháin. Cuirfear an oibleagáid i bhfeidhm anois maidir le gach comhlacht poiblí ar gach leibhéal riaracháin agus i ngach earnáil de ghníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear cúram sláinte, oideachas agus tithíocht phoiblí, áit a bhfuil na foirgnimh faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí. Tabharfaidh sé sin tairbhí an athchóirithe ar fhoirgnimh phoiblí níos gaire do gach duine i ngach Ballstát agus méadóidh sé líon na n-athchóirithe san earnáil phoiblí. Tá Airteagal 6 dírithe ar chaighdeán fuinnimh na bhfoirgneamh maidir lena mbeith beagnach saor ó astaíochtaí carbóin (NZEB) a chomhlíonadh, ar caighdeán feabhsaithe é ó thaobh costais de le haghaidh athchóirithe. Tá an ráta athchóirithe fós 3 % ar a laghad, arb é an comhainmneoir is ísle i gcomhair íosráta athchóirithe é, cé go n-aithnítear go bhfuil ceanglais agus caighdeáin athchóiriúcháin níos airde don earnáil phoiblí glactha cheana féin ag roinnt Ballstát, réigiún agus cathracha. Ar deireadh, scriostar na roghanna eile a lig do na Ballstáit coigilteas fuinnimh comhchosúil a bhaint amach trí bhearta eile seachas trí athchóiriú. Féadfaidh na bearta sin leanúint de bheith ag áireamh na n-oibleagáidí coigiltis fuinnimh faoi Airteagal 8 agus féadfaidh siad rannchuidiú leis an oibleagáid faoi Airteagal 8 a bhaint amach. Is é is aidhm d’Airteagal 6 athchóiriú a dhéanamh i gcomhréir leis an Straitéis 'Rabharta Athchóiriúcháin’.

Le hAirteagal 7 neartaítear na forálacha soláthair phoiblí tríd an oibleagáid a leathnú chun na ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh a chur san áireamh ar leibhéil uile an riaracháin phoiblí, agus trí dheireadh a chur le coinníollachtaí maidir le héifeachtúlacht costais agus maidir le hindéantacht theicniúil agus eacnamaíoch. Áireofar sna leasuithe foráil go bhféadfaidh na Ballstáit a cheangal ar chomhlachtaí poiblí gnéithe an gheilleagair chiorclaigh agus critéir um sholáthar poiblí glas a mheas i gcleachtais soláthair phoiblí nuair is iomchuí. Ceanglófar ar na Ballstáit tacú le comhlachtaí poiblí trí threoirlínte agus modheolaíochtaí a sholáthar maidir le measúnú ar chostais saolré, agus trí ionaid tacaíochta inniúlachta a chur i bhfeidhm agus trí úsáid a bhaint as soláthar comhiomlánaithe agus soláthar digiteach. Cheanglófaí ar na Ballstáit faisnéis a fhoilsiú maidir le tairiscintí arna mbua (i gcomhréir leis na tairseacha a leagtar amach sna treoracha maidir le soláthar poiblí).

Mar chuid de ról eiseamláireach na hearnála poiblí 7, áirítear freisin foráil go bhféadfaidh údaráis chonarthacha a cheangal ar na húdaráis chonarthacha go nochtar sna tairiscintí acmhainneacht téite domhanda foirgneamh nua (táscaire uimhriúil in $kgCO2e/m^2$ (achar an urláir atá úsáideach) le gach céim saolré arb é an meán é ar feadh bliana de thréimhse staidéir thagartha 50 bliana), go háirithe i gcás foirgneamh nua os cionn 2000 méadar cearnach. Tá sé nasctha le foráil atá dírithe ar fheasacht a mhéadú ar an ngeilleagar ciorclach agus ar shaolré iomlán na n-astaíochtaí carbóin i gcleachtais soláthair phoiblí.

Le leasuithe ar Airteagal 8, méadaítear go 1.5 % an oibleagáid choigiltis fuinnimh bhliantúil i gcás na mBallstát uile (an Chipir agus Málta san áireamh), agus áirítear leo ceanglais shonracha chun an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú. Ceanglaítear leis bearta beartais a chur chun feidhme mar thosaíocht i measc custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh, i measc daoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus, i gcás inarb infheidhme, i measc daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta, agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as maoiniú poiblí agus, i gcás inarb infheidhme, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ioncam lamháltais an Chóras i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Ceanglaítear le hAirteagal 8 ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag meascán náisiúnta beartas ar chustaiméirí leochaileacha agus ar úsáideoirí deiridh, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus, i gcás inarb infheidhme, ar dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta agus go maolófar agus go laghdóidh na beartais sin an

bhochtaineacht fuinnimh. Le hAirteagal 8 ceanglaítear ar na Ballstáit sciar den mhéid iomlán coigiltis fuinnimh úsáide deiridh is gá a bhaint amach i measc custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh, i measc daoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus, i gcás inarb infheidhme, i measc daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta. Le hAirteagal 8 bunaítear sásra maidir le bearna seachadta i ndáil leis an méid coigiltis fuinnimh is gá a bhaint amach i dtréimhse oibleagáide ar leith. Ní fhoráiltear leis an oibleagáid coigiltis fuinnimh go gcuirfear na solúbthachtaí i bhfeidhm chun an méid coigiltis fuinnimh is gá a ríomh de rogha eile amhail ón 1 Eanáir 2024 (Airteagal 8(6) go (9)). In Airteagal 9 áirítear oibreoirí córas tarchurtha mar pháirtithe faoi oibleagáid ionchasacha, agus ceadaítear do na Ballstáit a cheangal ar pháirtithe faoi oibleagáid méid coigiltis fuinnimh a bhaint amach i measc custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh, daoine a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus, i gcás inarb infheidhme, daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta. In Iarscríbhinn V eisiatar cuntasacht na coigilte fuinnimh ó bhearta beartais maidir le teicneolaíochtaí díreacha dócháin breoslaí iontaise a úsáid, agus soiléirítear ann nach n-áirítear laghdú ar úsáid fuinnimh trí bhearta faoin Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí mar chuid de chomhlíonadh na hoibleagáide coigiltis fuinnimh, agus neartaítear an ceanglas breisíochta maidir le bearta cánachais.

Aistrítear in Airteagal 11 an critéar maidir le hiniúchtaí fuinnimh agus córais bainistithe fuinnimh ó chineál na bhfiontar chuig na leibhéil ídithe fuinnimh agus ceanglaítear leis go dtabharfaidh lucht bainistíochta na cuideachta toiliú i leith na moltaí iniúchóireachta. Ceanglaítear leis freisin córais bhainistíochta fuinnimh a bheith ag na cuideachtaí is mó a úsáideann fuinneamh, ar dócha go mbeidh siad níos éifeachtaí chun a chinntiú go ndéanfar tuilleadh infheistíochtaí coigilte fuinnimh a spárálfar ar chostas cé gur dócha go mbeidh ualach foriomlán costais níos ísle ar an gcuideachta. Ar deireadh, tugtar isteach leis an Airteagal oibleagáid maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh lárionad sonraí d'fhonn tacar 'táscairí inbhuanaitheachta lárionaid sonraí' a bhunú amach anseo.

Le hAirteagal 20 neartaítear an chosaint ar thomhaltóirí lena dtugtar isteach cearta conarthacha bunúsacha maidir le téamh ceantair, fuarú agus uisce te tí, i gcomhréir leis na cearta a tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/944 maidir le leictreachas.

Le hAirteagal 21 neartaítear na hoibleagáidí i leith tomhaltóirí, go háirithe infhaighteacht agus soláthar faisnéise, na bearta múscailte feasachta agus an chomhairle theicniúil agus airgeadais nó an cúnamh teicniúil agus airgeadais atá ar fáil. Is struchtúir iad ionaid ilfhreastail, pointí teagmhála aonair agus sásraí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a chruthú a chuideoidh go mór le custaiméirí agus le húsáideoirí deiridh a chumhachtú. Ar deireadh, áirítear san Airteagal oibleagáidí chun bacainní a bhaineann leis na dreasachtaí deighilte idir tionóntaí agus úinéirí nó i measc úinéirí a shainaithint agus a bhaint.

In Airteagal 22 déantar tagairt do choincheap na gcustaiméirí leochaileacha, ar cheart do na Ballstáit é a bhunú de bhun Airteagal 28 agus Airteagal 29 de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 3(3) de Threoir 2009/73/CE. In Airteagal 22 ceanglaítear ar na Ballstáit an coincheap sin a bhunú trí úsáideoirí deiridh a chur san áireamh freisin, úsáideoirí nach bhfuil aon chonradh díreach nó aonair acu le soláthróirí fuinnimh.

Tugtar isteach le hAirteagal 22 oibleagáid ar na Ballstáit bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme mar thosaíocht i measc custaiméirí leochaileacha, daoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus, i gcás inarb infheidhme, daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta, an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú. Tá sé de cheangal ar na Ballstáit bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme chun éifeachtaí dáileacháin a mhaolú ó bheartais agus ó bhearta eile, amhail bearta cánachais arna gcur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 den Treoir seo, nó trádáil astaíochtaí a chur i bhfeidhm

faoin Treoir maidir le Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, agus chun cur i bhfeidhm na n-uirlisí cumasúcháin, cistiúcháin agus airgeadais a chothú. Le hAirteagal 22 neartaítear ról na líonraí saineolaithe.

Leagtar síos le hAirteagal 23 agus le hAirteagal 24 pleanáil níos doichte agus obair leantach a dhéanamh i leith measúnuithe cuimsitheacha maidir le téamh agus fuarú, lena n-áirítear leibhéil áitiúla agus réigiúnacha a chur chun cinn. Tugtar isteach leis na hAirteagail íoscheanglais maidir le córais éifeachtúla téimh agus fuaraithe ceantair, ceanglais costais is tairbhe níos leithne agus oibleagáidí níos leithne maidir le hathúsáid dramhtheasa. Méadófar na híoscheanglais maidir le téamh ceantair éifeachtúil de réir a chéile d'fhonn soláthar iomlán dícharbónaithe téimh nó fuaraithe a áirithiú i gcórais éifeachtúla téimh nó fuaraithe ceantair faoi 2050. Déanfar na ceanglais maidir leis an gcomhghiniúint ardéifeachtach a chomhlánú le critéar maidir le hastaíochtaí díreacha $CO_2$ ón gcomhghiniúint, nuair nach ndéantar é sin a spreagadh le foinsí inathnuaite ná le dramhaíl.

Soiléirítear agus feabhsaítear in Airteagal 25 ról na nÚdarás Rialála Náisiúnta i gcur chun feidhme an phrionsabail 'tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh' i bpleanáil agus oibriú na líonraí fuinnimh. Baineann sí úsáid freisin as an eolas atá ag ENTSO-E, ENTSOG agus Eintiteas OCD an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn. I ngeall ar líon an-ard oibreoirí córais, is fearr cur chuige indíreach.

Soiléirítear agus treisítear in Airteagal 26 na forálacha maidir le hinfhaighteacht i dtaca le scéimeanna cáilíochta, creidiúnaithe agus deimhniúcháin do sholáthraithe seirbhísí fuinnimh éagsúla, d'iniúchóirí fuinnimh, do bhainisteoirí agus do shuiteálaithe fuinnimh. Cuirfidh forálacha nua de cheangal ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na scéimeanna gach ceithre bliana ó mhí na Nollag 2024 ar aghaidh.

Le hAirteagal 27 tugtar isteach ceanglais bhreise chun glacadh na conraitheoireachta feidhmíochta fuinnimh a mhéadú.

Tugtar isteach le hAirteagal 28 ceanglas ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear tuairisciú a dhéanamh ar chonarthaí feidhmíochta fuinnimh arna dtabhairt i gcrích (mar chuid den Rialachán Rialachais). Beidh ar na Ballstáit sásraí cúnaimh um fhorbairt tionscadal a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn chun cabhrú leis na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh níos airde a bhaint amach.

↓ 2012/27/EU (oiriúnaithe)

2021/0203 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le héifeachtúlacht fuinnimh~~, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE~~**
**(athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[39],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[40],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

⇩ nua

(1) Rinneadh Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[42]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

---

↓ 2012/27/AE aithris 1 (oiriúnaithe)

~~The Union is facing unprecedented challenges resulting from increased dependence on energy imports and scarce energy resources, and the need to limit climate change and to overcome the economic crisis. Energy efficiency is a valuable means to address these challenges. It~~

---

39 IO C […], […], lch. […].
40 IO C […], […], lch. […].
41 Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).
42 Féach Iarscríbhinn XV, Cuid A.

~~improves the Union's security of supply by reducing primary energy consumption and decreasing energy imports. It helps to reduce greenhouse gas emissions in a cost-effective way and thereby to mitigate climate change. Shifting to a more energy-efficient economy should also accelerate the spread of innovative technological solutions and improve the competitiveness of industry in the Union, boosting economic growth and creating high quality jobs in several sectors related to energy efficiency.~~

---

| ↓ 2012/27/AE aithris 2 (oiriúnaithe) |
|---|

~~The Conclusions of the European Council of 8 and 9 March 2007 emphasised the need to increase energy efficiency in the Union to achieve the objective of saving 20 % of the Union's primary energy consumption by 2020 compared to projections. The conclusions of the European Council of 4 February 2011 emphasised that the 2020 20 % energy efficiency target as agreed by the June 2010 European Council, which is presently not on track, must be delivered. Projections made in 2007 showed a primary energy consumption in 2020 of 1842 Mtoe. A 20 % reduction results in 1474 Mtoe in 2020, i.e. a reduction of 368 Mtoe as compared to projections.~~

---

| ↓ 2012/27/AE aithris 3 (oiriúnaithe) |
|---|

~~The Conclusions of the European Council of 17 June 2010 confirmed the energy efficiency target as one of the headline targets of the Union's new strategy for jobs and smart, sustainable and inclusive growth ('Europe 2020 Strategy'). Under this process and in order to implement this objective at national level, Member States are required to set national targets in close dialogue with the Commission and to indicate, in their National Reform Programmes, how they intend to achieve them.~~

---

| ↓ 2012/27/AE aithris 4 (oiriúnaithe) |
|---|

~~The Commission Communication of 10 November 2010 on Energy 2020 places energy efficiency at the core of the Union energy strategy for 2020 and outlines the need for a new energy efficiency strategy that will enable all Member States to decouple energy use from economic growth.~~

---

| ↓ 2012/27/AE aithris 5 (oiriúnaithe) |
|---|

~~In its resolution of 15 December 2010 on the Revision of the Energy Efficiency Action Plan, the European Parliament called on the Commission to include in its revised Energy Efficiency Action Plan measures to close the gap to reach the overall Union energy efficiency objective in 2020.~~

↓ 2012/27/AE aithris 6 (oiriúnaithe)

~~One of the initiatives of the Europe 2020 Strategy is the flagship resource-efficient Europe adopted by the Commission on 26 January 2011. This identifies energy efficiency as a major element in ensuring the sustainability of the use of energy resources.~~

↓ 2012/27/AE aithris 7 (oiriúnaithe)

~~The Conclusions of the European Council of 4 February 2011 acknowledged that the Union energy efficiency target is not on track and that determined action is required to tap the considerable potential for higher energy savings in buildings, transport, products and processes. Those conclusions also provide that the implementation of the Union energy efficiency target will be reviewed by 2013 and further measures considered if necessary.~~

↓ 2012/27/AE aithris 8 (oiriúnaithe)

~~On 8 March 2011, the Commission adopted its Communication on an Energy Efficiency Plan 2011. The Communication confirmed that the Union is not on track to achieve its energy efficiency target. This is despite the progress in national energy efficiency policies outlined in the first National Energy Efficiency Action Plans submitted by Member States in fulfilment of the requirements of Directive 2006/32/EC of the European Parliament and of the Council of 5 April 2006 on energy end-use efficiency and energy services[43]. Initial analysis of the second Action Plans confirms that the Union is not on track. To remedy that, the Energy Efficiency Plan 2011 spelled out a series of energy efficiency policies and measures covering the full energy chain, including energy generation, transmission and distribution; the leading role of the public sector in energy efficiency; buildings and appliances; industry; and the need to empower final customers to manage their energy consumption. Energy efficiency in the transport sector was considered in parallel in the White Paper on Transport, adopted on 28 March 2011. In particular, Initiative 26 of the White Paper calls for appropriate standards for $CO_2$ emissions of vehicles in all modes, where necessary supplemented by requirements on energy efficiency to address all types of propulsion systems.~~

↓ 2012/27/AE aithris 9 (oiriúnaithe)

~~On 8 March 2011, the Commission also adopted a Roadmap for moving to a competitive low carbon economy in 2050, identifying the need from this perspective for more focus on energy efficiency.~~

43 ~~OJ L 114, 27.4.2006, p. 64.~~

🡻 2012/27/AE aithris 10 (oiriúnaithe)

~~In this context it is necessary to update the Union's legal framework for energy efficiency with a Directive pursuing the overall objective of the energy efficiency target of saving 20 % of the Union's primary energy consumption by 2020, and of making further energy efficiency improvements after 2020. To that end, this Directive should establish a common framework to promote energy efficiency within the Union and lay down specific actions to implement some of the proposals included in the Energy Efficiency Plan 2011 and achieve the significant unrealised energy saving potentials it identifies.~~

🡻 2012/27/AE aithris 11 (oiriúnaithe)

~~Decision No 406/2009/EC of the European Parliament and of the Council of 23 April 2009 on the effort of Member States to reduce their greenhouse gas emissions to meet the Community's greenhouse gas emission reduction commitments up to 2020[44] requires the Commission to assess and report by 2012 on the progress of the Union and its Member States towards the objective of reducing energy consumption by 20 % by 2020 compared to projections. It also states that, to help Member States meet the Union's greenhouse gas emission reduction commitments, the Commission should propose, by 31 December 2012, strengthened or new measures to accelerate energy efficiency improvements. This Directive responds to this requirement. It also contributes to meeting the goals set out in the Roadmap for moving to a competitive low carbon economy in 2050, in particular by reducing greenhouse gas emissions from the energy sector, and to achieving zero emission electricity production by 2050.~~

🡻 2012/27/AE aithris 12 (oiriúnaithe)

~~An integrated approach has to be taken to tap all the existing energy saving potential, encompassing savings in the energy supply and the end-use sectors. At the same time, the provisions of Directive 2004/8/EC of the European Parliament and of the Council of 11 February 2004 on promotion of cogeneration based on a useful heat demand in the internal energy market[45] and Directive 2006/32/EC should be strengthened.~~

⇩ nua

(2) Leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030[46], mhol an Coimisiún uaillmhian an Aontais a ardú tríd an sprioc i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéadú go dtí ar a laghad

44 ~~OJ L 140, 5.6.2009, p. 136.~~

45 ~~OJ L 52, 21.2.2004, p. 50.~~

46 TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Dlús a chur le huaillmhian 2030 na hEorpa maidir leis an aeráid – Infheistiú i dtodhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de chun leas an phobail, COM/2020/562 final.

55 % níos ísle ná leibhéal na n-astaíochtaí a bhí ann sna 1990idí, agus é sin a dhéanamh faoi 2030. Is méadú suntasach é sin i gcomparáid leis an sprioc 40 % atá ann cheana. D'éirigh leis an togra an gealltanas a tugadh sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[47] a chur i gcrích chun plean cuimsitheach a chur chun tosaigh chun sprioc an Aontais do 2030 a mhéadú i dtreo 55 % ar bhealach freagrach. Tá sé i gcomhréir freisin le cuspóirí an 21ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide ('Comhaontú Pháras') an méadú ar theocht an domhain a choinneáil go maith faoi 2 °C agus iarracht a dhéanamh é a shrianadh go 1.5 °C.

(3) I mí na Nollag 2020, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach sprioc cheangailteach de chuid an Aontais chun laghdú glan intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le 1990 a bhaint amach faoi 2030[48]. Tháinig an Chomhairle Eorpach ar an gconclúid go raibh gá leis an uaillmhian aeráide a ardú ar bhealach a spreagfadh fás eacnamaíoch inbhuanaithe, a chruthódh poist, a sholáthródh tairbhí don tsláinte agus don chomhshaol do shaoránaigh an Aontais, agus a chuirfeadh le hiomaíochas domhanda fadtéarmach gheilleagar an Aontais trí nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glasa a chur chun cinn.

(4) Chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme, d'fhógair Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2021[49] pacáiste 'Fit for 55' chun laghadú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus Aontas Eorpach atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050. Cuimsíonn an pacáiste sin raon réimsí beartais lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh inathnuaite, úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht, cánachas fuinnimh, comhroinnt díchill agus trádáil astaíochtaí.

(5) Léirítear sna réamh-mheastacháin, agus na beartais atá ann faoi láthair á gcur chun feidhme ina n-iomláine, go mbeadh laghduithe thart ar 45 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990, nuair a eisiatar astaíochtaí agus ionsúcháin úsáide talún, agus laghduithe thart ar 47 %, nuair a chuirtear na nithe sin san áireamh. Dá bhrí sin, déantar foráil sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030 maidir le tacar gníomhaíochtaí is gá a chur i gcrích i ngach earnáil den gheilleagar mar aon le hathbhreithnithe ar na príomhionstraimí reachtacha chun an uaillmhian mhéadaithe sin a bhaint amach.

(6) Is réimse tábhachtach gníomhaíochta í an éifeachtúlacht fuinnimh, agus ní féidir dícharbónú iomlán gheilleagar an Aontais a bhaint amach dá uireasa[50]. An beartas éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais atá ann faoi láthair, is mar thoradh ar an ngá atá ann na deiseanna costéifeachtacha coigilte fuinnimh a ghabháil atá sé ann. I mí na

---

[47] TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final.

[48] https://www.consilium.europa.eu/media/47296/1011-12-20-euco-conclusions-en.pdf.

[49] TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2021 – Aontas beoga i ndomhan leochaileach COM/2020/690 final.

[50] Teachtaireacht 'Pláinéad Glan do Chách – Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach chun geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach a bhaint amach (COM/2018/773 final), ina ndéantar measúnú ar ról na héifeachtúlachta fuinnimh mar choinníoll *sine qua non* le haghaidh gach cáis dhícharbónaithe.

Nollag 2018, cuireadh san áireamh príomhsprioc éifeachtúlachta fuinnimh de chuid an Aontais do 2030, arb é ar a laghad 32,5 % é, (i gcomparáid leis an úsáid réamh-mheasta fuinnimh ) mar chuid den phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach'.

(7) Chun an uaillmhian mhéadaithe aeráide a bhaint amach, léiríodh sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030 go mbeidh gá leis na feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a ardú go mór ón leibhéal uaillmhéine 32,5 % atá ann faoi láthair.

(8) Tá suim na rannchuidithe náisiúnta a chuireann na Ballstáit in iúl ina bPleananna Náisiúnta don Fhuinneamh agus don Aeráid (NECPanna) níos ísle ná 32.5 %, leibhéal uaillmhéine an Aontais. Mar thoradh ar na rannchuidithe i dteannta a chéile, thiocfadh laghdú 29.4 % ar an ídiú fuinnimh deiridh agus 29, 7 % ar an ídiú fuinnimh phríomhúil i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin ó chás tagartha 2007 do 2030. D'fhágfadh sin go mbeadh bearna chomhchoiteann 2,8 bpointe céatadáin le haghaidh ídiú fuinnimh phríomhúil agus bearna chomhchoiteann 3,1 phointe céatadáin le haghaidh ídiú fuinnimh deiridh le haghaidh AE 27.

(9) A fhad agus atá an acmhainneacht coigiltis fuinnimh fós mór i ngach earnáil, tá dúshlán ar leith ann a bhaineann le hiompar de dheasca go bhfuil sé freagrach as níos mó ná 30 % den ídiú fuinnimh deiridh, agus le foirgnimh, ós rud é go bhfuil drochfheidhmíocht fuinnimh ag baint le 75 % de stoc foirgneamh an Aontais. Is earnáil eile atá ag dul i dtábhacht í earnáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC), atá freagrach as 5-9 % d'úsáid leictreachais iomlán an domhain agus níos mó ná 2 % d'astaíochtaí uile an domhain. In 2018, bhí lárionaid sonraí freagrach as 2,7 % den éileamh ar leictreachas in AE28. ~~Teicneolaíochtaí Néalríomhaireachta atá tíosach ar Fhuinneamh agus Beartais le haghaidh Néalríomhaireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.~~[51] Sa chomhthéacs sin, cuireadh i dtábhacht i Straitéis Dhigiteach an Aontais[52] an gá atá le lárionaid sonraí atá thar a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus atá inbhuanaithe agus le bearta trédhearcachta le haghaidh oibreoirí teileachumarsáide maidir lena lorg comhshaoil. Thairis sin, ba cheart an méadú a d'fhéadfadh teacht ar éileamh fuinnimh na tionsclaíochta mar thoradh ar dhícharbónú na tionsclaíochta, go háirithe i gcás próisis dianfhuinnimh, a chur san áireamh freisin.

(10) Leis an leibhéal níos airde uaillmhéine, tá gá le bearta costéifeachtacha éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn ar bhealach níos láidre i ngach réimse den chóras fuinnimh agus i ngach earnáil ábhartha ina ndéanann gníomhaíocht difear don éileamh ar fhuinneamh, amhail an earnáil iompair, an earnáil uisce agus earnáil na talmhaíochta. Trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar fud an tslabhra fuinnimh iomláin, lena n-áirítear giniúint, tarchur, dáileadh agus críochúsáid fuinnimh, rachfar chun sochair don chomhshaol, cuirfear feabhas ar cháilíocht an aeir agus ar an tsláinte phoiblí, laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa, feabhsófar an tslándáil fuinnimh ,

---

[51] Féach freisin An Coimisiun Eorpach, Turascáil staidéir deiridh, Teicneolaíochtaí Néalríomhaireachtaatá tíosach ar Fhuinneamh agus Beartais le haghaidh Néalríomahireachta atá neamhdíobhálach don chomhshaol, https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/energy-efficient-cloud-computing-technologies-and-policies-eco-friendly-cloud-market.

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, COM(2020) 67 final.

gearrfar costais fuinnimh do theaghlaigh agus do chuideachtaí, cabhrófar leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú, agus beidh méadú ar iomaíochas agus beidh níos mó poist agus gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe ar fud an gheilleagair mar thoradh air, agus cuirfear feabhas ar cháilíocht bheatha na saoránach ar an mbealach sin. Tá sé sin i gcomhréir le gealltanais an Aontais a rinneadh faoi chuimsiú an Aontais Fuinnimh agus chlár oibre domhanda na haeráide a bunaíodh le Comhaontú Pháras 2015.

---

🡻 2018/2002 aithris 1

~~Moderation of energy demand is one of the five dimensions of the Energy Union Strategy established by the Commission communication of 25 February 2015 entitled 'A Framework Strategy for a Resilient Energy Union with a Forward-Looking Climate Change Policy'. Improving energy efficiency throughout the full energy chain, including energy generation, transmission, distribution and end-use, will benefit the environment, improve air quality and public health, reduce greenhouse gas emissions, improve energy security by reducing dependence on energy imports from outside the Union, cut energy costs for households and companies, help alleviate energy poverty, and lead to increased competitiveness, more jobs and increased economic activity throughout the economy, thus improving citizens' quality of life. This is in line with the Union commitments made in the framework of the Energy Union and global climate agenda established by the 2015 Paris Agreement on climate change following the 21st Conference of the Parties to the United Nations Framework Convention on Climate Change[53] (the 'Paris Agreement'), committing to keep the increase of the global average temperature to well below 2 °C above pre-industrial levels and to pursuing efforts to limit the temperature increase to 1,5 °C above pre-industrial levels.~~

---

🡻 2018/2002 aithris 2 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(11) ⌦ Céim chun tosaigh ⌫ is ea an Treoir ⌦ seo ⌫ ~~2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle~~[54] ~~chun dul chun cinn~~ i dtreo ~~an Aontas Fuinnimh~~ ⇨na haeráidneodreachta faoi 2050 ⇦, ar Treoir í faoina ndéileálfar le héifeachtúlacht fuinnimh mar fhoinse fuinnimh ann féin. Is ⇨prionsabal uileghabhálach é⇦ bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh ar cheart a chur san áireamh ⇨ar fud na n-earnálacha uile, a théann níos faide ná an córas fuinnimh, ar gach leibhéal, lena n-áirítear an earnáil airgeadais. Ba cheart réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a mheas mar an chéad rogha i gcinntí beartais, pleanála agus infheistíochta,⇦ agus rialacha nua á leagan síos ar thaobh an tsoláthair agus i réimsí beartais eile. ⇨ Cé gur cheart bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm gan dochar d'oibleagáidí dlíthiúla, cuspóirí agus prionsabail eile, níor cheart do na nithe sin bac a chur ar a chur i bhfeidhm ná níor cheart iad a dhíolmhú ón bprionsabal a chur i bhfeidhm ach oiread. ⇦ Ba cheart don Choimisiún a áirithiú gur féidir an éifeachtúlacht fuinnimh agus an fhreagairt don éileamh dul san iomaíocht ar bhonn

---

53 ~~OJ L 282, 19.10.2016, p. 4.~~

54 ~~Directive 2012/27/EU of the European Parliament and of the Council of 25 October 2012 on energy efficiency, amending Directives 2009/125/EC and 2010/30/EU and repealing Directives 2004/8/EC and 2006/32/EC (OJ L 315, 14.11.2012, p. 1).~~

cothrom leis an acmhainn giniúna. ~~Energy efficiency needs to be considered whenever decisions relating to planning the energy system or to financing are taken.~~ Ní mór feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh aon uair a bheidís níos cost-éifeachtaí ná réitigh choibhéiseacha ó thaobh an tsoláthair de. ⌦Ba cheart go ⌫ ~~Ba cheart go~~ gcabhródh sé sin chun leas a bhaint as tairbhí iomadúla na héifeachtúlachta fuinnimh don Aontas, go háirithe do na saoránaigh agus do ghnóthaí.⇨ Ba cheart cur chun feidhme beart feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a bheith mar thosaíocht chun an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú ⇦

---

🡻 2018/2002 aithris 3
⇨ nua

(12) Ba cheart éifeachtúlacht fuinnimh a aithint mar ghné ríthábhachtach agus ba cheart tús áite a thabhairt di agus cinntí infheistíochta á ndéanamh amach anseo i ndáil le bonneagar fuinnimh an Aontais. ⇨ Ba cheart bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm tríd an gcur chuige maidir le héifeachtúlacht na gcóras agus peirspictíocht na sochaí a chur san áireamh go príomha. Ina dhiaidh sin, ba cheart go gcuideodh sé le héifeachtúlacht na n-earnálacha críochúsáide aonair agus an chórais iomlán fuinnimh. Le cur i bhfeidhm an phrionsabail, ba cheart tacú freisin le hinfheistíochtaí i réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil a liostaítear i Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. ⇦

---

⇩ nua

(13) Sainmhíníodh bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus is dlúthchuid de Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Comhtháthú Córas Fuinnimh é[57]. Cé go bhfuil an prionsabal bunaithe ar an gcostéifeachtacht, tá impleachtaí níos leithne ag baint lena chur i bhfeidhm, ar impleachtaí iad a fhéadfaidh a bheith éagsúil ag brath ar na himthosca. D’ullmhaigh an Coimisiún treoirlínte tiomnaithe i dtaca le hoibriú agus cur i bhfeidhm an phrionsabail, trí uirlisí sonracha agus samplaí cur i bhfeidhm a mholadh in earnálacha éagsúla. Ina theannta sin, d’eisigh an Coimisiún moladh do na Ballstáit a chuireann le ceanglais na Treorach seo agus iarrann sé go ndéanfar gníomhaíochtaí sonracha maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail.

(14) D’fhonn tionchar a imirt, ní mór do chinnteoirí bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach cinneadh ábhartha beartais, pleanála agus mórinfheistíochta – is é sin le rá infheistíochtaí mórscála ar mó a luach

---

55 IO L 198, 22.6.2020, lgh. 13–43.

56 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, PE/55/2018/REV/1, IO L 328, 21.12.2018, lgh. 1–77.

57 Straitéis de chuid an Aontais maidir le Comhtháthú Córais Fuinnimh COM(2020) 299 final.

ná EUR 50 milliún an ceann nó EUR 75 milliún i gcás tionscadail bonneagair iompair a mbíonn tionchar acu ar ídiú nó ar sholáthar fuinnimh. Chun cur i bhfeidhm cuí an phrionsabail a áirithiú, ní mór modheolaíocht cheart na hanailíse costais is tairbhe a úsáid, coinníollacha cumasúcháin a leagan síos do réitigh atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus faireachán cuí a dhéanamh. D’fhéadfadh solúbthacht ar thaobh an éilimh tairbhí suntasacha a chur ar fáil do thomhaltóirí agus don tsochaí i gcoitinne, feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras fuinnimh agus na costais fuinnimh a laghdú, mar shampla trí chostais oibrithe na gcóras a laghdú a mbeidh taraifí níos ísle do na tomhaltóirí uile ann mar thoradh air sin. Ba cheart do na Ballstáit na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ann ó thaobh an éilimh a chur san áireamh agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur i bhfeidhm acu agus i gcás inarb ábhartha freagairt don éileamh, stóráil fuinnimh agus réitigh chliste a chur san áireamh mar chuid dá n-iarrachtaí éifeachtúlacht fuinnimh an chórais chomhtháite fuinnimh a mhéadú.

(15) Ba cheart bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach agus níor cheart forluí ná oibleagáidí ar na Ballstáit atá ag teacht salach ar a chéile a bheith i gceist le ceanglais na Treorach seo, i gcás ina n-áirithítear cur i bhfeidhm an phrionsabail go díreach le reachtaíocht eile. D’fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh i gcás na dtionscadal leasa choitinn a áirítear i liosta an Aontais de bhun [Airteagal 3 de Rialachán GTE-F athbhreithnithe], lena dtugtar isteach na ceanglais chun bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a mheas i bhforbairt agus i measúnú na dtionscadal sin.

(16) Tá an t-aistriú cóir cothrom i dtreo Aontas a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050 ina chuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip. Is coincheap lárnach é an bhochtaineacht fuinnimh a chomhdhlúthaítear sa phacáiste reachtach dar teideal ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’ agus atá ceaptha chun aistriú fuinnimh cóir a éascú. De bhun Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], chuir an Coimisiún treoir tháscach ar fáil maidir le táscairí iomchuí chun an bhochtaineacht fuinnimh a mheas agus chun ‘líon suntasach na dteaghlach atá i mbochtaineacht fuinnimh’ a shainiú[59].Le Treoir (AE) 2019/944 agus Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[60] cuirtear de cheangal ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i gcás ina sainaithnítear í, lena n-áirítear bearta a thugann aghaidh ar chomhthéacs níos leithne na bochtaineachta.

(17) Ba cheart go mbainfeadh teaghlaigh ísealioncaim agus meánioncaim, custaiméirí leochaileacha, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh, daoine atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh nó daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta tairbhe as cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh. Ba cheart bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme mar thosaíocht chun cásanna na ndaoine aonair agus na dteaghlach sin a fheabhsú nó chun an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú. Leis an gcur

[58] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

[59] Moladh ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh, C(2020) 9600 final.

[60] Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

chuige iomlánaíoch i gceapadh beartais agus i gcur chun feidhme beartas agus beart, cuirtear ceangal ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh aon éifeacht dhíobhálach ag beartais ná ag bearta eile ar na daoine aonair sin ná ar na teaghlaigh sin.

(18) Tá an Treoir seo ina cuid de chreat beartais níos leithne beartas éifeachtúlachta fuinnimh a thugann aghaidh ar an acmhainneacht éifeachtúlachta fuinnimh i réimsí beartais sonracha, lena n-áirítear foirgnimh (Treoir 2010/31/CE[61]), táirgí (Treoir 2009/125/CE, Rialachán (AE) 2017/1369 agus Rialachán (AE) 2020/740[62]) agus sásra rialachais (Rialachán (AE) 2018/1999). Tá ról an-tábhachtach ag na beartais sin ó thaobh coigilteas fuinnimh a bhaint amach nuair a chuirtear táirgí nua in ionad táirgí nó nuair a dhéantar foirgnimh a thógáil nó a athchóiriú.[63].

---

| |
|---|
| 🡻 2018/2002 aithris 4<br>⇨ nua |

~~(19)~~ Chun infheistíocht i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh a éascú, is gá bacainní a bhaint chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh uaillmhianach a bhaint amach. ⇨ Cuirfidh fochlár LIFE ‘Aistriú chuig Fuinneamh Glan’ cistiú tiomnaithe ar fáil chun tacú leis an dea-chleachtas san Eoraip maidir le cur chun feidhme beartais éifeachtúlachta fuinnimh chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní iompraíochta, margaidh agus rialála ar éifeachtúlacht fuinnimh. ⇦ ~~One step in that direction is the clarification provided by Eurostat on 19 September 2017 on how to record energy performance contracts in national accounts, which removes uncertainties and facilitates the use of such contracts,~~

---

| |
|---|
| 🡻 2018/2002 aithris 5 (oiriúnaithe) |

(20) Thacaigh Comhairle Eorpach an 23 agus 24 Deireadh Fómhair 2014 le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh de 27 % do 2030 ar leibhéal an Aontais a bheidh le hathscrúdú faoi 2020 agus an sprioc ag leibhéal an Aontais de 30 % á cur san áireamh. Ina rún an 15 Nollaig 2015 dar teideal ‘Towards a European Energy Union’ [‘I dTreo Aontas Fuinnimh Eorpach’], d’iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar a inmharthana a bheadh sé sprioc éifeachtúlachta fuinnimh de 40 % a bheith ann don tráthchlár céanna. ~~Is iomchuí, dá bhrí sin, leasú a dhéanamh ar Threoir 2012/27/AE chun í a oiriúnú do dhearcadh 2030.~~

---

61 Treoir 2010/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh.

62 Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú; Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile.

63 Ina theannta sin, cuideoidh cur chun feidhme na n-athbhreithnithe ar tháirgí faoi Phlean Oibre Éicidhearthóireachta 2020-2024 agus an Plean Gníomhaíochta ‘Rabharta Athchóiriúcháin’, in éineacht leis an athbhreithniú a dhéantar EPBD, go mór le sprioc coigilte fuinnimh 2030 a bhaint amach.

⇩ nua

(21) De réir na réamh-mheastachán, thiocfadh laghdú thart ar 45 % faoi 2030 ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais de 32,5 % do 2030 agus ar ionstraimí beartais eile an chreata atá ann faoi láthair.[64]. Le haghaidh uaillmhian mhéadaithe aeráide de laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, rinneadh measúnú sa mheasúnú tionchair a rinneadh ar an bPlean um Sprioc Aeráide 2030 ar leibhéal na n-iarrachtaí a bheadh ag teastáil sna réimsí éagsúla beartais. Thángthas ar an gconclúid, maidir leis an mbonnlíne, go mbeidh laghdú 36-37 % ar a laghad agus go dtí 39-41% faoi seach ar ídiú fuinnimh deiridh agus phríomhúil

(22) Socraíodh agus ríomhadh sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais ar dtús trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin Chás Tagartha 2007 do 2030 mar bhonnlíne. Leis an athrú ar mhodheolaíocht Eurostat chun cothromaíocht fuinnimh a ríomh agus leis na feabhsuithe ar réamh-mheastacháin shamhaltaithe ina dhiaidh sin, iarrtar athrú ar an mbonnlíne. Dá bhrí sin, tríd an gcur chuige céanna a úsáid chun an sprioc a shainaithint, is é sin le rá an sprioc a chur i gcomparáid le réamh-mheastacháin bhunlíne don todhchaí, leagtar síos uaillmhian sprioc an Aontais do 2030 maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le réamh-mheastacháin Chás Tagartha 2020 do 2030 lena léirítear rannchuidithe náisiúnta ó NECPanna. Leis an mbonnlíne nuashonraithe sin, beidh ar an Aontas a uaillmhian maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú 9 % ar a laghad in 2030 i gcomparáid le leibhéal na n-iarrachtaí a rinneadh faoi Chás Tagartha 2020. An bealach nua chun leibhéal uaillmhéine spriocanna an Aontais a shloinneadh, ní dhéanann sé dochar do leibhéal iarbhír na n-iarrachtaí a theastaíonn agus comhfhreagraíonn sé do laghdú 36 % i gcás ídiú fuinnimh deiridh agus laghdú 39 % i gcás ídiú fuinnimh phríomhúil faoi seach i gcomparáid le réamh-mheastacháin Chás Tagartha 2007 do 2030.

(23) Tá an mhodheolaíocht chun ídiú fuinnimh deiridh agus phríomhúil a ríomh ailínithe le modheolaíocht nua Eurostat, ach tá raon feidhme éagsúil ag na táscairí a úsáidtear chun críche na Treorach seo – is é sin le rá nach gcuirtear teas comhthimpeallachta san áireamh agus go gcuirtear ídiú fuinnimh san Eitlíocht Idirnáisiúnta san áireamh don sprioc maidir le hídiú fuinnimh deiridh. Tugtar le tuiscint freisin le húsáid na dtáscairí nua nach léirítear aon athrú ar ídiú fuinnimh na bhfoirnéisí soinneáin ach amháin san ídiú fuinnimh phríomhúil.

⬇ 2018/2002 aithris 6 (oiriúnaithe)
⇨ nua'

(24) ⌦ Ba cheart ⌫ an gá don Aontas chun ⇨feabhas a chur ar ⇦ a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh ~~a bhaint amach~~ ~~ar leibhéal an Aontais~~ a shloinneadh in ídiú fuinnimh phríomhúil agus~~/nó~~ deiridh, ~~a leagan amach go soiléir i bhfoirm sprice de 32,5 %, ar a laghad, do 2030. Projections made in 2007 showed a primary energy~~

[64] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta – Pláinéad Glan do Chách – fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach chun geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach a bhaint amach (COM(2018) 773 final).

~~consumption in 2030 of 1887 Mtoe and a final energy consumption of 1416 Mtoe. A 32,5 % reduction results in 1273 Mtoe and 956 Mtoe in 2030 respectively. That target, which is of the same nature as the Union's 2020 target, should be assessed by the Commission for the purpose of revising it upwards by 2023 in the case of substantial cost reductions or, where needed, to meet the Union's international commitments for decarbonisation.~~ ⇨ atá le baint amach in 2030, lena léirítear leibhéal breise na n-iarrachtaí a éilítear nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis na bearta atá i bhfeidhm nó leis na bearta atá beartaithe sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Tuartar le Cás Tagartha 2020 go bhfuil 864 Mtoe d'ídiú fuinnimh deiridh agus 1124 Mtoe d'ídiú fuinnimh phríomhúil le sroicheadh in 2030 (gan teas comhthimpeallach a áireamh agus eitlíocht idirnáisiúnta san áireamh). 787 Mtoe agus 1023 Mtoe faoi seach a bheidh ann in 2030 mar thoradh ar laghdú breise 9 %. I gcomparáid le leibhéil 2005, ciallaíonn sé gur cheart laghdú thart ar 23 % a chur ar an ídiú fuinnimh deiridh agus laghdú thart ar 32 % a chur ar an ídiú fuinnimh phríomhúil san Aontas. ⇦ Níl aon sprioc cheangailteach ar leibhéal na mBallstát i bpeirspictíocht~~aí~~ 2020 agus 2030 agus⇨ ba cheart do na Ballstáit a rannchuidithe a bhunú maidir le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach agus an fhoirmle dá bhforáiltear sa Treoir seo á cur san áireamh. ⇦ Ba cheart ~~the freedom of~~ ⌦ saoirse ⌫ a bheith ag na Ballstáit ~~contributions~~ ⇨ a gcuspóirí ⇦ náisiúnta a shocrú bunaithe ar ídiú fuinnimh deiridh nó phríomhúil nó ar choigealtas fuinnimh phríomhúil nó deiridh, nó ar dhéine fuinnimh~~, should continue not to be restricted~~. ⇨ Is éard a dhéanann an Treoir seo an chaoi ar cheart do na Ballstáit a rannchuidithe a shloinneadh maidir le sprioc an Aontais a leasú. Ba cheart rannchuidithe na mBallstát i ndáil le sprioc an Aontais a shloinneadh in ídiú fuinnimh deiridh agus phríomhúil chun comhsheasmhacht agus faireachán ar an dul chun cinn a áirithiú. ⇦ ~~Member States should set their national indicative energy efficiency contributions taking into account that the Union's 2030 energy consumption has to be no more than 1273 Mtoe of primary energy and/or no more than 956 Mtoe of final energy. This means that primary energy consumption in the Union should be reduced by 26 %, and final energy consumption should be reduced by 20 % compared to the 2005 levels.~~ Is gá meastóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn ionsar spriocanna an Aontais do 2030 a bhaint amach agus déantar foráil dó i Rialachán (AE) 2018/1999.

---

🡻 2012/27/AE aithris 13
⇨ nua

(25) B'fhearr an sprioc ~~20 %~~ éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach mar thoradh ar chur chun feidhme carnach beart sonrach náisiúnta agus Eorpach lena gcuirtear éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn i réimsí éagsúla. Ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit ~~targets,programmes~~ ⇨ beartais agus bearta⇦ náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh ~~indicative~~ a shocrú. Ba cheart don Choimisiún ⇨ na beartais agus bearta ⇦ ~~na spriocanna~~ sin agus iarrachtaí aonair gach Ballstáit a mheas, mar aon le sonraí maidir leis an dul chun cinn atá déanta, chun measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbainfear amach sprioc fhoriomlán an Aontais agus ar a mhéid is leor na hiarrachtaí aonair chun an sprioc choiteann a bhaint amach. ~~The Commission should therefore closely monitor the implementation of national energy efficiency programmes through its revised legislative framework and within the Europe 2020 process. When setting the indicative national energy efficiency targets, Member States should be able to take into account national circumstances affecting primary energy consumption such as remaining cost-effective energy-saving potential, changes in energy imports and~~

~~exports, development of all sources of renewable energies, nuclear energy, carbon capture and storage, and early action. When undertaking modelling exercises, the Commission should consult Member States on model assumptions and draft model results in a timely and transparent manner. Improved modelling of the impact of energy efficiency measures and of the stock and performance of technologies is needed.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 14 (oiriúnaithe)

~~Directive 2009/28/EC of the European Parliament and of the Council of 23 April 2009 on the promotion of the use of energy from renewable sources[65] states that Cyprus and Malta, due to their insular and peripheral character, rely on aviation as a mode of transport, which is essential for their citizens and their economy. As a result, Cyprus and Malta have a gross final consumption of energy in national air transport which is disproportionately high, i.e. more than three times the Community average in 2005, and are thus disproportionately affected by the current technological and regulatory constraints.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 15 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(26) ~~The total volume of public spending is equivalent to 19 % of the Union's gross domestic product.~~ ⇨ Tá an earnáil phoiblí freagrach as thart ar idir 5 go 10 % d'ídiú fuinnimh deiridh an Aontais. Caitheann na húdaráis phoiblí tuairim is 1.8 trilliún euro in aghaidh na bliana. Is é atá sa mhéid sin thart ar 14 % d'Olltáirgeacht Intíre an Aontais. ⇦ ⌦ Chuige sin ⌫ , is spreagthóir tábhachtach é an earnáil phoiblí maidir le haistriú an mhargaidh i dtreo táirgí, foirgnimh agus seirbhísí níos inbhuanaithe a spreagadh, mar aon le hathruithe iompraíochta a chothú in ídiú fuinnimh na saoránach agus na bhfiontar. Thairis sin, trí ídiú fuinnimh a laghdú trí bhearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh, is féidir acmhainní poiblí a shaoradh chun críocha eile. Ba cheart do na comhlachtaí poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ról eiseamláireach a chomhlíonadh maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh.

---

🡻 2012/27/AE aithris 16 (oiriúnaithe)

~~Bearing in mind that the Council conclusions of 10 June 2011 on the Energy Efficiency Plan 2011 stressed that buildings represent 40 % of the Union's final energy consumption, and in order to capture the growth and employment opportunities in the skilled trades and construction sectors, as well as in the production of construction products and in professional activities such as architecture, consultancy and engineering, Member States should establish a long-term strategy beyond 2020 for mobilising investment in the renovation of residential and commercial buildings with a view to improving the energy performance of the building stock. That strategy should address cost-effective deep renovations which lead to a refurbishment~~

---

65 ~~OJ L 140, 5.6.2009, p. 16.~~

~~that reduces both the delivered and the final energy consumption of a building by a significant percentage compared with the pre-renovation levels leading to a very high energy performance. Such deep renovations could also be carried out in stages.~~

⇩ nua

(27) Chun dea-shampla a thabhairt, ba cheart don earnáil phoiblí a spriocanna féin maidir le dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh a leagan amach. Ba cheart na feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí a bheith ag teacht leis na hiarrachtaí is gá ar leibhéal an Aontais. Chun an sprioc ídithe fuinnimh deiridh a chomhlíonadh, ba cheart don Aontas a ídiú fuinnimh deiridh a laghdú 19 % faoi 2030 i gcomparáid leis an meánídiú fuinnimh sna blianta 2017, 2018 agus 2019. Leis an oibleagáid laghdú bliantúil 1,7 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí a bhaint amach, ba cheart go n-áiritheofaí leis sin go gcomhlíonfaidh an earnáil phoiblí a ról eiseamláireach. Coinníonn na Ballstáit solúbthacht iomlán maidir leis an rogha i ndáil le bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh chun an t-ídiú fuinnimh deiridh a laghdú. I gcás ina n-éilítear laghdú bliantúil ar ídiú fuinnimh deiridh, tá ualach riaracháin níos ísle i gceist ná modhanna tomhais a bhunú le haghaidh coigilteas fuinnimh.

(28) Chun a ndualgas a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit díriú ar ídiú deiridh fuinnimh na seirbhísí poiblí agus na suiteálacha uile de chuid comhlachtaí poiblí. Chun raon feidhme na seolaithe a chinneadh, ba cheart do na Ballstáit an sainmhíniú ar údaráis chonarthacha dá bhforáiltear i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm[66]. Is féidir an oibleagáid a chomhlíonadh tríd an ídiú deiridh fuinnimh a laghdú in aon réimse den earnáil phoiblí, lena n-áirítear iompar, foirgnimh phoiblí, cúram sláinte, pleanáil spásúlachta, bainistiú uisce agus cóireáil fuíolluisce, séaracht agus íonú uisce, bainistiú dramhaíola, téamh agus fuarú ceantair, dáileadh, soláthar agus stóráil fuinnimh, soilsiú poiblí, pleanáil bonneagair. Chun an t-ualach riaracháin ar chomhlachtaí poiblí a laghdú, ba cheart do na Ballstáit ardáin dhigiteacha nó uirlisí digiteacha a bhunú chun na sonraí maidir leis an ídiú comhiomlánaithe ó chomhlachtaí poiblí a bhailiú, iad a chur ar fáil go poiblí, agus na sonraí a thuairisciú don Choimisiún.

(29) Ba cheart do na Ballstáit ról eiseamláireach a fheidhmiú trína áirithiú go ndéantar gach conradh feidhmíochta fuinnimh agus gach córas bainistíochta fuinnimh san earnáil phoiblí i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta, nó go n-úsáidtear iniúchtaí fuinnimh den chuid is mó sna codanna den earnáil phoiblí atá an-dian ar fhuinneamh.

(30) Moltar do na húdaráis phoiblí tacaíocht a fháil ó eintitis amhail gníomhaireachtaí fuinnimh inbhuanaithe arna mbunú ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil i gcás inarb infheidhme. Is iondúil a léiríonn eagrú na ngníomhaireachtaí sin riachtanais aonair na n-údarás poiblí i réigiún áirithe nó atá ag feidhmiú i réimse áirithe den earnáil phoiblí. Is féidir le gníomhaireachtaí láraithe freastal ar bhealach níos fearr agus ar bhealach níos éifeachtaí ar bhealaí eile, mar shampla, i mBallstáit bheaga nó láraithe nó i ndáil

[66] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

le gnéithe casta nó trasréigiúnacha amhail téamh agus fuarú ceantair. Is féidir le gníomhaireachtaí fuinnimh inbhuanaithe feidhmiú mar ionaid ilfhreastail de bhun Airteagal 21. Is minic a bhíonn na gníomhaireachtaí sin freagrach as pleananna dícharbónaithe áitiúla nó réigiúnacha a fhorbairt, lena bhféadfaí bearta eile dícharbónaithe a áireamh freisin, amhail coirí breoslaí iontaise a mhalartú, agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis phoiblí beartais a bhaineann le fuinneamh a chur chun feidhme. Féadfaidh inniúlachtaí, cuspóirí agus acmhainní soiléire a bheith ag gníomhaireachtaí fuinnimh inbhuanaithe nó eintitis eile i réimse an fhuinnimh inbhuanaithe chun cabhrú leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla. D'fhéadfaí gníomhaireachtaí fuinnimh inbhuanaithe a spreagadh chun breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh a glacadh faoi chuimsiú Chúnant na Méaraí, lena dtugtar le chéile rialtais áitiúla atá tiomanta dá ndeoin féin cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais a chur chun feidhme, agus tionscnaimh eile atá ann cheana chun na críche sin. Ba cheart na pleananna dícharbónaithe a nascadh le pleananna forbartha críochacha agus ba cheart an measúnú cuimsitheach ar cheart do na Ballstáit a dhéanamh a chur san áireamh iontu.

(31) (31) Ba cheart do na Ballstáit tacú le comhlachtaí poiblí chun bearta feabhsaithe éifeachtúlacht fuinnimh a phleanáil agus a dhéanamh, lena n-áirítear ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha, trí threoir a sholáthar, deiseanna oiliúna agus forbartha inniúlachta a chur chun cinn agus comhar i measc comhlachtaí poiblí a spreagadh, lena n-áirítear i measc gníomhaireachtaí. Chun na críche sin, d'fhéadfadh na Ballstáit lárionaid náisiúnta inniúlachta a bhunú maidir le saincheisteanna casta, amhail comhairle a chur ar ghníomhaireachtaí áitiúla nó réigiúnacha fuinnimh maidir le téamh nó fuarú ceantair.

---

| |
|---|
| 🡻 2012/27/AE aithris 17 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

~~(32) The rate of building renovation needs to be increased, as the existing building stock represents the single biggest potential sector for energy savings.~~ ⇨ Is iad foirgnimh, an earnáil iompair mar aon leis an earnáil tionsclaíochta na hearnálacha is mó a úsáideann fuinneamh agus is iad na hearnálacha sin an phríomhfhoinse astaíochtaí[67]. Tá foirgnimh freagrach as thart ar 40 % d'ídiú fuinnimh iomlán an Aontais agus as 36 % dá n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhuinneamh[68]. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Rabharta Athchóiriúcháin'[69], tugtar aghaidh ar dhúshlán na héifeachtúlachta acmhainní agus na héifeachtúlachta fuinnimh agus na hinacmhainneachta in earnáil na tógála agus is é is aidhm don teachtaireacht an ráta athchóirithe a mhéadú faoi dhó Díríonn sé ar na foirgnimh is measa feidhmíocht, ar an

---

67 COM/2020/562 final.

68 Féach IRP, Éifeachtúlacht Acmhainní agus an tAthrú Aeráide, 2020, agus Tuarascáil Bhearna Astaíochtaí 2019 na Náisiún Aontaithe. Tagraíonn na figiúirí sin d'úsáid agus d'oibriú foirgneamh, lena n-áirítear astaíochtaí indíreacha san earnáil cumhachta agus teasa, ní dá saolré iomlán. Meastar gurb ionann an carbón corpraithe i dtáirgí foirgníochta agus thart ar 10 % d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain, féach IRP, Éifeachtúlacht Acmhainní agus an tAthrú Aeráide, 2020, agus Tuarascáil Bhearna Astaíochtaí 2019 na Náisiún Aontaithe.

69 COM/2020/662 final.

mbochtaineacht fuinnimh agus ar fhoirgnimh phoiblí. ⇦ Thairis sin, tá foirgnimh ríthábhachtach chun go mbainfear cuspóir de chuid an Aontais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 80-95 % ⇨ aeráidneodracht a bhaint amach ⇦ faoi 2050 i gcomparáid le 1990. Tá sciar mór den stoc foirgneamh i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí agus tá ard-infheictheacht ag baint leo sa saol poiblí. Dá bhrí sin, is iomchuí ráta bliantúil athbhreithnithe a shocrú maidir leis na foirgnimh atá faoi úinéireacht an rialtais láir agus atá áitithe aige ⇨ comhlachtaí poiblí ⇦ ar chríoch Ballstáit chun a bhfeidhmíocht fuinnimh a nuashonrú. ⇨ Iarrtar ar na Ballstáit ráta athchóirithe níos airde a shocrú, nuair is costéifeachtach faoi chuimsiú an athchóirithe ar a stoc foirgneamh i gcomhréir lena Straitéisí fadtéarmacha athchóirithe nó le pleananna náisiúnta athchóirithe. ⇦ Níor cheart gur dochar an ráta athchóirithe ⌦ sin ⌫ do na hoibleagáidí maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh ⌦ (NZEBanna) ⌫ a leagtar amach i Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh [70]. ⇨ Le linn an chéad athbhreithnithe eile a dhéanfar ar Threoir 2010/31/AE, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir leis an athchóiriú ar fhoirgnimh na gcomhlachtaí poiblí. Ba cheart don Choimisiún féachaint le togra reachtach a chur isteach chun an ráta athchóirithe a athbhreithniú, agus an dul chun cinn atá bainte amach ag na Ballstáit, forbairtí eacnamaíocha nó teicniúla suntasacha á gcur san áireamh nó i gcás ina bhfuil gá leis, gealltanais an Aontais maidir le dícharbónú agus truailliú nialasach. ⇦ Déanann an oibleagáid foirgnimh an rialtais láir ⇨ na gcomhlachtaí poiblí ⇦ a athchóiriú sa Treoir seo an Treoir sin a chomhlánú, lena gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú agus athchóiriú mór á dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana, go ndéanfar uasghrádú ar fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh chun go gcomhlíonfaidh siad na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh ⌦ na ⌫ ceanglais ⇨ maidir le NZEBanna ⇦. It should be possible for Member States to take alternative cost-efficient measures to achieve an equivalent improvement of the energy performance of the buildings within their central government estate. The obligation to renovate floor area of central government buildings should apply to the administrative departments whose competence extends over the whole territory of a Member State. When in a given Member State and for a given competence no such relevant administrative department exists that covers the whole territory, the obligation should apply to those administrative departments whose competences cover collectively the whole territory.

---

⇩ nua

(33) Chun an ráta athchóirithe a shocrú, ní mór do na Ballstáit forbhreathnú a bheith acu ar na foirgnimh nach mbaineann leibhéal NZEB amach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit fardal foirgneamh poiblí a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta mar chuid de bhunachar sonraí foriomlán de dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Leis an bhfardal sin, ba cheart a chur ar a gcumas do na gníomhaithe príobháideacha, lena n-áirítear cuideachtaí seirbhíse fuinnimh, réitigh athchóirithe a mholadh agus féadfaidh Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh iad a chomhiomlánú.

[70] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

| ⬇ 2012/27/AE aithris 18 |
|---|
| ⇨ nua |

(34) ⇨ Sa bhliain 2020, tá níos mó ná leath de dhaonra an domhain ina chónaí i gceantair uirbeacha. Meastar go sroichfidh an figiúr sin 68 % faoi 2050[71]. Ina theannta sin, tá leath de na bonneagair uirbeacha faoi 2050 fós le tógáil[72]. Is ionaid atá tábhachtach ó thaobh na gníomhaíochta eacnamaíche, na giniúna, na nuálaíochta agus teicneolaíochtaí nua de iad cathracha agus ceantair uirbeacha. Tá tionchar ag cathracha ar chaighdeán saoil na saoránach atá ina gcónaí iontu nó atá ag obair iontu. Ba cheart do na Ballstáit tacaíocht theicniúil agus airgeadais a thabhairt do na bardais. ⇦ Tá cuir chuige chomhtháite maidir le coigealtas agus soláthar fuinnimh curtha i bhfeidhm ag roinnt bardas agus ag comhlachtaí poiblí eile sna Ballstáit cheana féin, mar shampla, trí phleananna gníomhaíochta maidir le fuinneamh inbhuanaithe, amhail na pleananna a forbraíodh faoi thionscnamh Chúnant na Méaraí, agus cuir chuige chomhtháite uirbeacha a théann níos faide ná idirghabhálacha aonair i bhfoirgnimh nó modhanna iompair.

| ⬇ 2012/27/AE aithris 19 |
|---|
| ⇨ nua |

(35) Maidir le ceannach táirgí agus seirbhísí áirithe agus ceannach foirgneamh agus cíos ar fhoirgnimh, ba cheart do ~~na rialtais láir~~ ⇨ na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha ⇦ a gcuireann conarthaí oibreacha poiblí, soláthair nó seirbhíse i gcrích dea-shampla a thabhairt, cinntí ceannacháin atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ⇨ agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear i ndáil leis na conarthaí poiblí agus lamháltais nach bhforáiltear aon cheanglas sonrach ina leith in Iarscríbhinn IV ⇦. Ba cheart feidhm a bheith aige sin ar na ranna riaracháin a síneann a n-inniúlacht feadh chríoch iomlán an Bhallstáit. I gcás nach bhfuil aon roinn riaracháin ábhartha den sórt sin a chumhdaíonn an chríoch iomlán i mBallstáit ar leith agus le haghaidh inniúlacht ar leith, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid maidir leis na ranna riaracháin sin a gcumhdaítear go comhchoiteann an chríoch iomlán lena n-inniúlachtaí. Níor cheart, áfach, difear a dhéanamh do na forálacha a ghabhann le treoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí. ⇨ Ba cheart do na Ballstáit na bacainní ar an soláthar comhpháirteach laistigh den Bhallstát nó thar theorainneacha i gcás inar féidir leis na nithe sin na costais a laghdú agus feabhas a chur ar na sochair ón margadh inmheánach trí dheiseanna gnó a chruthú do sholáthróirí agus do sholáthraithe seirbhísí fuinnimh ⇦

| ⇩ nua |
|---|

(36) Gach eintiteas poiblí a dhéanann infheistíocht in acmhainní poiblí trí sholáthar, ba cheart dóibh dea-shampla a thabhairt agus conarthaí agus lamháltais á ndámhachtain, trí tháirgí, seirbhísí, oibríochtaí agus foirgnimh a bhfuil an fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh is airde acu, agus i ndáil leis na soláthairtí sin nach bhfuil

[71] https://www.unfpa.org/world-population-trends
[72] https://www.un.org/en/ecosoc/integration/pdf/fact_sheet.pdf

faoi réir ceanglas sonrach faoi Threoir 2009/30/CE. Sa chomhthéacs sin, ní mór do na nósanna imeachta dámhachtana uile maidir le conarthaí poiblí agus lamháltais ar mó a luach ná na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 6 agus Airteagal 7 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73], Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[74], agus Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh na dtáirgí, na bhfoirgneamh agus na seirbhísí a leagtar síos le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta a chur san áireamh, trí bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a mheas mar thosaíocht ina nósanna imeachta soláthair,

(37) Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaidh na Ballstáit faireachán ar an gcaoi a gcuireann na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha na ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh san áireamh i soláthar táirgí, foirgneamh, oibreacha agus seirbhísí trína áirithiú go gcuirfear ar fáil go poiblí faisnéis faoin tionchar ar éifeachtúlacht fuinnimh atá ag na daoine sin a fhaigheann tairiscintí os cionn na dtairseach dá dtagraítear sna treoracha soláthair. Leis sin, is féidir le páirtithe leasmhara agus saoránaigh measúnú a dhéanamh ar ról na hearnála poiblí maidir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a áirithiú i soláthar poiblí ar bhealach trédhearcach.

(38) Sainaithnítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip ról an gheilleagair chiorclaigh i ndáil le rannchuidiú le cuspóirí foriomlána dícharbónaithe an Aontais. Is féidir leis an earnáil phoiblí rannchuidiú leis na cuspóirí sin trína gcumhacht ceannaigh a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun táirgí, foirgnimh, seirbhísí agus oibreacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a roghnú trí uirlisí atá ar fáil le haghaidh soláthar poiblí glas, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus ar an tionchar ar an gcomhshaol.

(39) Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh na Ballstáit an tacaíocht is gá do chomhlachtaí poiblí maidir le glacadh ceanglas éifeachtúlachta fuinnimh sa soláthar poiblí agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as soláthar poiblí glas, trí na treoirlínte agus na modheolaíochtaí is gá a sholáthar maidir leis an measúnú ar chostais saolré, agus ar thionchair agus costais ar an gcomhshaol. Táthar ag súil go n-éascófar le uirlisí dea-cheaptha, go háirithe uirlisí digiteacha, na nósanna imeachta soláthair agus go laghdófar na costais riaracháin go háirithe i mBallstáit bheaga nach mbeadh acmhainneacht leordhóthanach acu chun tairiscintí a ullmhú. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit úsáid uirlisí digiteacha agus comhar i measc na n-údarás conarthach a chur chun cinn lena n-áirítear thar theorainneacha chun dea-chleachtas a roinnt.

(40) Ós rud é go bhfuil foirgnimh freagrach as astaíochtaí gás ceaptha teasa atá ann roimh a saolré oibríochtúil agus tar éis a saolré oibríochtúil, ba cheart do na Ballstáit saolré iomlán astaíochtaí carbóin na bhfoirgneamh a mheas freisin. Tarlaíonn sé sin i gcomhthéacs na n-iarrachtaí chun aird níos mó a thabhairt ar fheidhmíocht saolré, ar ghnéithe den gheilleagar ciorclach agus ar thionchair ar an gcomhshaol, mar chuid de ról eiseamláireach na hearnála poiblí. Dá bhrí sin, féadfaidh s féidir leis an soláthar poiblí a bheith ina dheis chun aghaidh a thabhairt ar an gcarbón corpraithe i

[73] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain, IO L 94, 28.3.2014, lch. 1.

[74] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

bhfoirgnimh le linn a saolré. Maidir leis sin, is gníomhairí tábhachtacha iad na húdaráis chonarthacha ar féidir beart a dhéanamh mar chuid de nósanna imeachta soláthair trí fhoirgnimh nua a cheannach a thugann aghaidh ar acmhainneacht téite domhanda le linn an saolré iomlán.

(41) Leis an acmhainneacht téite domhanda le linn na saolré iomláine tomhaistear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfoirgneamh ag céimeanna éagsúla le linn a shaolré. Dá bhrí sin, déanann sé tomhas ar rannchuidiú foriomlán an fhoirgnimh le hastaíochtaí a chuireann leis an athrú aeráide. Tagraítear dó sin uaireanta mar mheasúnú ar an lorg carbóin nó tomhas carbóin saolré. Tugtar le chéile ann na hastaíochtaí carbóin atá cuimsithe in ábhair thógála le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha ón gcéim úsáide. Is banc ábhair suntasach iad foirgnimh, is stórtha d'acmhainní atá dian ar charbón iad thar na blianta fada, agus dá bhrí sin, tá sé tábhachtach féachaint ar dhearaí lena n-éascófar athúsáid agus athchúrsáil sa todhchaí ag deireadh an tsaoil oibríochtúil.

(42) Sloinntear an acmhainneacht téite domhanda mar tháscaire uimhriúil in $kgCO_2e/m^2$ (den achar urláir inmheánaigh úsáidigh) le haghaidh gach céime saolré meánaithe le haghaidh bliain amháin de thréimhse staidéir tagartha 50 bliain. Déantar an roghnú sonraí, sainmhíniú cásanna agus ríomhanna i gcomhréir le caighdeán EN 15978. Leagtar amach raon feidhme na n-eilimintí tógála agus an trealaimh theicniúil i dtáscaire 1,2 de chreat comhchoiteann Leibhéil/Leibhéal an Aontais Eorpaigh. I gcás inarb ann d'uirlis náisiúnta ríomha, nó i gcás ina n-éilítear í chun nochtadh a dhéanamh nó chun ceadanna tógála a fháil, ba cheart é a bheith indéanta an uirlis náisiúnta sin a úsáid chun an fhaisnéis a éilítear a sholáthar. Ba cheart é a bheith indéanta uirlisí ríomha eile a úsáid má chomhlíonann siad na critéir íosta a leagtar síos le creat comhchoiteann Leibhéil/Leibhéal an Aontais Eorpaigh.

---

🡻 2012/27/AE aithris 20 (oiriúnaithe)

~~An assessment of the possibility of establishing a 'white certificate' scheme at Union level has shown that, in the current situation, such a system would create excessive administrative costs and that there is a risk that energy savings would be concentrated in a number of Member States and not introduced across the Union. The objective of such a Union-level scheme could be better achieved, at least at this stage, by means of national energy efficiency obligation schemes for energy utilities or other alternative policy measures that achieve the same amount of energy savings. It is appropriate for the level of ambition of such schemes to be established in a common framework at Union level while providing significant flexibility to Member States to take fully into account the national organisation of market actors, the specific context of the energy sector and final customers' habits. The common framework should give energy utilities the option of offering energy services to all final customers, not only to those to whom they sell energy. This increases competition in the energy market because energy utilities can differentiate their product by providing complementary energy services. The common framework should allow Member States to include requirements in their national scheme that pursue a social aim, in particular in order to ensure that vulnerable customers have access to the benefits of higher energy efficiency. Member States should determine, on the basis of objective and non-discriminatory criteria, which energy distributors or retail energy sales companies should be obliged to achieve the end-use energy savings target laid down in this Directive.~~

~~Member States should in particular be allowed not to impose this obligation on small energy distributors, small retail energy sales companies and small energy sectors to avoid disproportionate administrative burdens. The Commission Communication of 25 June 2008 sets out principles that should be taken into account by Member States that decide to abstain from applying this possibility. As a means of supporting national energy efficiency initiatives, obligated parties under national energy efficiency obligation schemes could fulfil their obligations by contributing annually to an Energy Efficiency National Fund an amount that is equal to the investments required under the scheme.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 21 (oiriúnaithe)

~~Given the over-arching imperative of restoring sustainability to public finances and of fiscal consolidation, in the implementation of particular measures falling within the scope of this Directive, due regard should be accorded to the cost-effectiveness at Member State level of implementing energy efficiency measures on the basis of an appropriate level of analysis and evaluation.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 22 (oiriúnaithe)

~~The requirement to achieve savings of the annual energy sales to final customers relative to what energy sales would have been does not constitute a cap on sales or energy consumption. Member States should be able to exclude all or part of the sales of energy, by volume, used in industrial activities listed in Annex I to Directive 2003/87/EC of the European Parliament and of the Council of 13 October 2003 establishing a scheme for greenhouse gas emission allowance trading within the Community[75] for the calculation of the energy sales to final customers, as it is recognised that certain sectors or subsectors within these activities may be exposed to a significant risk of carbon leakage. It is appropriate that Member States are aware of the costs of schemes in order to be able to accurately assess the costs of measures.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 23 (oiriúnaithe)

~~Without prejudice to the requirements in Article 7 and with a view to limiting the administrative burden, each Member State may group all individual policy measures to implement Article 7 into a comprehensive national energy efficiency programme.~~

---

🡻 2018/2002 aithris 7 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(43) ⇨ Le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[76] rialaítear suiteálacha a rannchuidíonn le táirgeadh fuinnimh nó a úsáideann fuinneamh chun

---

[75] ~~IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.~~

[76] Treoir 2010/75/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú), IO L 334, 17.12.2010, lch. 17.

críocha táirgthe, agus ní mór faisnéis maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear sa tsuiteáil nó a ghintear leis an tsuiteáil a chur san áireamh sna hiarratais ar cheadanna comhtháite (Airteagal 12(1)(b)). Thairis sin, sonraítear in Airteagal 11 den Treoir sin go bhfuil an éifeachtúlacht fuinnimh ar cheann de na prionsabail ghinearálta lena rialaítear oibleagáidí bunúsacha an oibreora agus ar cheann de na critéir lena gcinntear na teicnící is fearr atá ar fáil de bhun Iarscríbhinn III de Threoir 2010/75/AE. ⇦ Tá éifeachtúlacht oibríochtúil na gcóras fuinnimh ag am ar bith faoi thionchar an chumais an chumhacht a ghintear ó fhoinsí éagsúla – lena ngabhann leibhéil táimhe agus amanna tosaigh éagsúla – a sholáthar don eangach ar bhealach rianúil solúbtha. Trí fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht ~~sin~~, beifear in ann úsáid níos fearr a bhaint as fuinneamh in-athnuaite.

---

🡻 2018/2002 aithris 8

(44) Le feabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh, is féidir rannchuidiú le haschur eacnamaíoch níos airde. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit agus ag an Aontas díriú ar ídiú fuinnimh a laghdú beag beann ar leibhéil an fháis eacnamaíoch.

---

🡻 2018/2002 aithris 10
(oiriúnaithe)
⇨ nua

(45) ~~I bhfianaise chreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh,~~ B~~b~~a cheart an oibleagáid arna bunú leis an Treoir ⌦ seo ⌫ ~~2012/27/AE~~ ⇨ a mhéadú agus ⇦ ~~a shíneadh thar~~ ⌦ ba cheart feidhm a bheith aici tar éis ⌫ ~~2020~~ ⇨ 2030 ⇦. ⌦ Áirithítear ⌫ leis sin ~~an bhfadú sin, cruthófar níos mó~~ cobhsaíocht d'infheisteoirí agus spreagfar, ar an mbealach sin, infheistíochtaí fadtéarmacha agus bearta fadtéarmacha éifeachtúlachta fuinnimh, amhail athchóiriú domhain foirgneamh agus é mar chuspóir fadtéarmach na foirgnimh atá ann faoi láthair a aistriú go NZEBanna agus sin a dhéanamh ar bhealach costéifeachtach. Tá ról tábhachtach ag an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh i ndáil le cruthú fáis áitiúil, ~~agus~~ le poist, ⇨ le hiomaíochas agus leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú. ⇦ ~~agus~~ ⌦ Ba cheart ⌫ ~~iad a choimeád chun~~ a áirithiú leis go mbeidh an tAontas in ann a chuid cuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach trí dheiseanna breise a chruthú agus chun an nasc idir ídiú fuinnimh agus fás a bhriseadh. Tá comhar leis an earnáil phríobháideach tábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha ar féidir infheistiú príobháideach le haghaidh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a dhíghlasáil agus chun múnlaí nua ioncaim a fhorbairt do nuálaíocht i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh.

---

🡻 2018/2002 aithris 11

(46) Bíonn tionchar dearfach ag bearta feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh freisin ar cháilíocht an aeir, mar cuidítear, le níos mó foirgneamh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, leis an éileamh ar bhreoslaí téimh, lena n-áirítear breoslaí téimh soladacha, a laghdú. Dá bhrí sin, le bearta éifeachtúlachta fuinnimh, cuidítear le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir laistigh agus lasmuigh agus cuidítear le cuspóirí

bheartas an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, mar a bunaíodh go háirithe le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77].

---

🡻 2018/2002 aithris 12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(47)~~ Ceanglaítear ar na Ballstáit coigilteas carnach fuinnimh críochúsáide a bhaint amach don tréimhse oibleagáide iomlán ~~ó 2021~~ ⌦suas⌫ go dtí 2030, rud atá coibhéiseach le coigilteas bliantúil nua de 0,8 % ar a laghad den ídiú fuinnimh deiridh ⇨go dtí an 31 Nollaig 2023 agus de 1.5 % ar a laghad amhail ón 1 Eanáir 2024⇦. D'fhéadfaí an ceanglas sin a chomhlíonadh trí bhearta nua beartais a ghlacfar le linn na tréimhse oibleagáide ~~nua~~ ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2030 nó trí ghníomhaíochtaí nua aonair mar thoradh ar bhearta beartais a glacadh le linn na tréimhse roimhe sin nó roimh an tréimhse sin, ar an gcoinníoll go ndéantar na gníomhaíochtaí aonair a spreagann coigilteas fuinnimh ina leith a thabhairt isteach le linn na tréimhse ~~nua~~ ⌦ ina dhiaidh sin ⌫. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann úsáid a bhaint as scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh, bearta beartais malartacha, nó an dá rud. ~~Sa bhreis air sin, ba cheart roghanna éagsúla, lena n-áirítear cé acu an bhfuil fuinnimh a úsáidtear in iompar san áireamh, go hiomlán nó go páirteach, sa bhonnlíne, a sholáthar d'fhonn solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit i dtaobh conas a ríomhann siad méid an choigiltis fuinnimh atá acu, agus ag an am céanna a áirithiú go mbainfear amach an coigilteas carnach fuinnimh críochúsáide a cheanglaítear atá coibhéiseach le coigilteas bliantúil nua de 0,8 % ar a laghad.~~

---

🡻 2018/2002 aithris 13 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(48) ~~Mar sin féin, bheadh sé díréireach ceanglas den sórt sin a fhorchur ar an gCipir agus ar Mhálta. Baineann saintréithe sonracha dá gcuid féin le margadh fuinnimh na mBallstát sin ar oileáin bheaga iad, a fhágann teorainn nach beag ar raon na mbeart atá ar fáil leis an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh a chomhlíonadh, amhail gan aon dáileoir leictreachais aonair a bheith acu, gan aon ghréasáin gáis nádúrtha a bheith acu, gan aon chórais téimh ceantair agus fuaraithe ceantair a bheith acu, agus na comhlachtaí dáileacháin peitriliam a bheith beag. Anuas ar na saintréithe sonracha sin, tá an margadh fuinnimh sna Ballstáit sin róbheag. Dá bhrí sin,~~ ⇨ Le haghaidh na tréimhse 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023, ⇦ ba cheart a cheangal ar an gCipir ná ar Mhálta ~~ach~~ coigilteas carnach fuinnimh críochúsáide a bhaint amach arb ionann é agus coigilteas nua de 0,24 % d'ídiú fuinnimh deiridh don tréimhse 2021 go dtí 2030 ⌦ amháin ⌫. ⇨ Ba cheart an ráta coigiltis aonair scor d'fheidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2024. ⇦

---

[77] Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

🡻 2018/2002 aithris 14 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(49) I gcás ina ~~n-úsáideann~~ ~~siad~~ ⌦ n-úsáidtear ⌫ scéim oibleagáide, ba cheart do na Ballstáit páirtithe faoi oibleagáid a ainmniú as measc ⇨ oibreoirí córais tarchurtha, ⇦ dáileoirí fuinnimh, cuideachtaí díolacháin fuinnimh miondíola agus dáileoirí nó miondíoltóirí breosla iompair ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha. Le hainmniú catagóirí áirithe dáileoirí nó miondíoltóirí den sórt sin nó le díolúine ó ainmniú den sórt sin, níor cheart a thuiscint nach bhfuil an méid sin ag luí le prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit roghnú an ndéantar ⇨ oibreoirí córais tarchurtha, ⇦ dáileoirí nó miondíoltóirí den sórt sin nó catagóirí áirithe díobh amháin a ainmniú mar pháirtithe faoi oibleagáid. ⇨ Chun cumhacht a thabhairt do na custaiméirí leochaileacha, do dhaoine a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta agus chun iad a chosaint, agus chun bearta beartais a chur chun feidhme i measc na ndaoine sin mar thosaíocht, féadfaidh na Ballstáit ceangal a chur ar na páirtithe faoi oibleagáid coigilteas fuinnimh a bhaint amach i measc na gcustaiméirí leochaileacha, na ndaoine a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus na ndaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta. Chun na críche sin, is féidir leis na Ballstáit spriocanna laghdaithe costas fuinnimh a bhunú freisin. D'fhéadfadh na páirtithe faoi oibleagáid na spriocanna sin a bhaint amach trí shuiteáil beart a chur chun cinn as a dtiocfaidh coigilteas fuinnimh agus coigilteas airgeadais ar bhillí fuinnimh, amhail insliú agus bearta téimh a shuiteáil. ⇦

⇩ nua

(50) Agus bearta beartais á gceapadh chun an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit caighdeáin agus tosaíochtaí aeráide agus comhshaoil an Aontais a urramú agus prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir bhrí Rialachán (AE) 2020/852 a chomhlíonadh[78]. Níor cheart do na Ballstáit gníomhaíochtaí nach bhfuil inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn amhail breoslaí iontaise soladacha a úsáid. Is é is aidhm don oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh an fhreagairt ar an athrú aeráide a neartú trí dhreasachtaí a chur chun cinn do na Ballstáit meascán beartais inbhuanaithe agus glan a chur chun feidhme, meascán atá athléimneach, agus a mhaolaíonn an t-athrú aeráide. Dá bhrí sin, ní bheidh coigilteas fuinnimh ó bhearta beartais maidir le dóchán díreach breosla iontaise a úsáid incháilithe faoin oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh amhail ó thrasuí na Treorach seo. Beifear in ann leis sin an oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh a ailíniú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, leis an bPlean um Sprioc Aeráide, leis an Straitéis 'Rabharta Athchóiriúcháin', agus beidh sé ag teacht leis an ngá atá le beart arna sainaithint ag IEA ina thuarascáil maidir le neodracht

78 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, IO L 198, 22.6.2020, lch. 13-43.

charbóin[79]. Is é is aidhm don srian na Ballstáit a spreagadh chun airgead poiblí a chaitheamh ar theicneolaíochtaí inbhuanaithe a sheasfaidh an aimsir amháin. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit creat beartais soiléir agus cinnteacht infheistíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh. Le cur chun feidhme na modheolaíochta ríofa faoin oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh, ba cheart go mbeadh na gníomhaithe margaidh uile in ann a dteicneolaíochtaí a oiriúnú laistigh de thréimhse ama réasúnach. I gcás ina dtacóidh na Ballstáit le glacadh teicneolaíochtaí éifeachtúla breoslaí iontaise nó le teicneolaíocht den sórt sin a athsholáthar go luath, mar shampla trí scéimeanna fóirdheontais nó scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh coigilteas fuinnimh incháilithe a thuilleadh faoin oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh. Cé nach mbeadh coigilteas fuinnimh a thiocfadh as comhghiniúint gás-bhunaithe a chur chun cinn incháilithe, mar shampla, ní bheadh feidhm ag an srian maidir le húsáid breoslaí iontaise indírigh, mar shampla i gcás ina n-áirítear giniúint breoslaí iontaise i dtáirgeadh leictreachais. Ba cheart bearta beartais lena ndírítear ar athruithe iompraíochta chun ídiú breosla iontaise a laghdú, mar shampla trí fheachtais faisnéise agus trí thiomáint éiceolaíoch, a bheith incháilithe i gcónaí. Maidir leis an gcoigilteas fuinnimh ó bhearta beartais lena ndírítear ar athchóiriú foirgneamh, féadfaidh bearta a bheith iontu amhail córais téimh breosla iontaise a athsholáthar mar aon le feabhsuithe ar chreataí tógála, ar bearta iad ba cheart a bheith teoranta do na teicneolaíochtaí sin lenar féidir an coigilteas fuinnimh is gá a bhaint amach de réir na gcód náisiúnta tógála arna mbunú i mBallstát. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit uasghrádú córas téimh a chur chun cinn mar chuid d'athchóiriú domhain i gcomhréir leis an gcuspóir fadtéarmach maidir le neodracht charbóin, i.e. an t-éileamh ar théamh a laghdú agus an t-éileamh ar théamh atá fágtha a chumhdach le foinse fuinnimh atá saor ó charbón.

---

| ↓ 2018/2002 aithris 15 (oiriúnaithe) ⇨ nua |
|---|

(51) Tá bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh na mBallstát san iompar incháilithe le bheith curtha san áireamh chun a n-oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh críochúsáide a bhaint amach. Áirítear ar bheartais den sórt sin beartais atá, *inter alia*, tiomanta d'fheithiclí níos éifeachtúla a chur chun cinn mar aon le haistriú modha chuig rothaíocht, siúl agus iompar poiblí, nó soghluaisteacht agus pleanáil uirbeach lena laghdaítear an t-éileamh ar iompar. Sa bhreis air sin, is féidir le scéimeanna lena gcuirtear dlús le glacadh feithiclí nó beartas nua níos éifeachtúla, lena dtacaítear le haistriú chuig breoslaí ~~a fheidhmíonn ar bhealach níos fearr~~ ⇨lena ngabhann leibhéal astaíochtaí níos ísle, seachas bearta beartais maidir le dóchán díreach breosla iontaise a úsáid, ⇦ lena laghdaítear úsáid fuinnimh in aghaidh an chiliméadair, a bheith incháilithe freisin, faoi réir chomhlíonadh na rialacha maidir le hábharthacht agus le breisíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann ~~Treoir 2012/27/AE arna leasú~~ leis an Treoir seo. ⇨ Bearta beartais a chuireann glacadh feithiclí breosla iontaise nua chun cinn, níor cheart dóibh cáiliú mar bhearta cáilithe faoin oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh. ⇦ ~~Ba cheart do na bearta sin, más iomchuí, a bheith~~

[79] IEA (An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh) (2021), Neodracht Charbóin faoi 2050: Treochlár don Earnáil Fuinnimh Dhomhanda, https://www.iea.org/reports/net-zero-by-2050.

~~comhsheasmhach le creataí náisiúnta beartais na mBallstát arna mbunú de bhun Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[80].~~

---

🡻 2018/2002 aithris 16 (oiriúnaithe)

(52) Bearta arna nglacadh ag Ballstáit de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81] agus a bhfuil feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh infhíoraithe agus intomhaiste nó inmheasaithe mar thoradh orthu, is féidir iad a mheas mar bhealach costéifeachtach do na Ballstáit chun a n-oibleagáid coigiltis fuinnimh a chomhlíonadh faoin ~~Threoir 2012/27/AE arna leasú leis an~~ Treoir seo.

---

🡻 2018/2002 aithris 17 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(53) Mar rogha ar cheangal a chur ar pháirtithe faoi oibleagáid an méid coigiltis charnaigh fuinnimh críochúsáide a cheanglaítear faoi Airteagal 8~~7~~(1) den ~~Threoir 2012/27/AE arna leasú leis an~~ Treoir seo a bhaint amach, ba cheart é a bheith indéanta ag na Ballstáit, ina gcuid scéimeanna oibleagáide, cead a thabhairt do pháirtithe faoi oibleagáid ranníocaíocht a dhéanamh leis an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh nó ceangal a chur orthu é sin a dhéanamh ⇨ , a d'fhéadfaí a úsáid chun bearta beartais a chur chun feidhme mar thosaíocht i measc custaiméirí leochaileacha, daoine a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta ⇦.

---

🡻 2018/2002 aithris 18 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(54) ~~Gan dochar d'Airteagal 7(4) agus (5) arna tugadh isteach ag an Treoir seo,~~ Ba cheart do na Ballstáit agus do pháirtithe faoi oibleagáid úsáid a bhaint as na modhanna agus na teicneolaíochtaí uile atá ar fáil ⇨ seachas maidir le húsáid teicneolaíochtaí i ndáil le dóchán díreach breosla iontaise, ⇦ chun na ceanglais maidir le coigilteas carnach fuinnimh críochúsáide a cheanglaítear a bhaint amach, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil, i mbonneagar éifeachtúil téimh agus fuaraithe agus in iniúchtaí fuinnimh nó i gcórais bainistíochta choibhéiseacha, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an coigilteas fuinnimh a éilítear na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8~~7~~ ~~Threoir 2012/27/AE arna leasú leis an Treoir seo~~ agus in Iarscríbhinn V a ghabhann léis an

---

80 ~~Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).~~

81 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

Treoir seo. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le leibhéal ard solúbthachta a áirithiú agus bearta beartais malartacha á gceapadh agus á gcur chun feidhme. ⇨ Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíochtaí a mbeadh coigilteas fuinnimh le linn saolréanna fada mar thoradh orthu a spreagadh. ⇦

---

🡻 2018/2002 aithris 19

(55) Le bearta fadtéarmacha éifeachtúlachta fuinnimh, leanfar de choigilteas fuinnimh a thabhairt tar éis 2020 ach chun rannchuidiú le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais, ba cheart, leis na bearta sin, coigilteas nua a thabhairt tar éis 2020. Ar an taobh eile, níor cheart coigilteas fuinnimh a bhaintear amach tar éis an 31 Nollaig 2020 a áireamh faoi chomhair an choigiltis charnaigh críochúsáide a cheanglaítear don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

---

🡻 2018/2002 aithris 20
⇨ nua

(56) Ba cheart coigilteas nua a bheith sa bhreis ar 'ghnó mar is gnáth' ionas nár cheart coigilteas a bheadh tarlaithe ar aon chás a áireamh faoi chomhair bhaint amach na gceanglas coigiltis fuinnimh. Chun tionchar na mbeart a tugadh isteach a thomhas, níor cheart ach an glanchoigilteas, arna thomhas mar an t-athrú ar an ídiú fuinnimh atá inchurtha go díreach i leith an bhirt éifeachtúlachta fuinnimh atá i gceist ⇨a chuirtear chun feidhme chun críche Airteagal 8 den Treoir seo⇦, a ríomh. Chun glanchoigilteas a ríomh, ba cheart do na Ballstáit cás bonnlíne a bhunú maidir leis an mbealach in bhforbródh an staid in éagmais an bhirt atá i gceist. Ba cheart an beart beartais atá i gceist a mheasúnú le hais na bonnlíne sin. Ba cheart do na Ballstáit ⇨ na híoscheanglais dá bhforáiltear sa chreat reachtach ábhartha ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh agus ⇦ agus ba cheart a chur san áireamh go bhféadfar bearta beartais eile a dhéanamh sa tréimhse ama céanna agus go bhféadfadh sé sin tionchar a bheith aige sin ar mhéid na gcoigilteas fuinnimh, ionas nach féidir na hathruithe uile a tugadh faoi deara ó tugadh isteach beart beartais ar leith atá á mheasúnú a chur i leith an bhirt beartais sin, agus i leith an bhirt sin amháin. Le gníomhaíochtaí an pháirtí faoi oibleagáid, an pháirtí rannpháirtigh nó an pháirtí ar cuireadh cúram air, ba cheart rannchuidiú go hiarbhír leis an gcoigilteas fuinnimh a éilítear a bhaint amach chun comhlíonadh an cheanglais ábharthachta a áirithiú.

---

🡻 2018/2002 aithris 21
⇨ nua

(57) Tá sé tábhachtach céimeanna uile an tslabhra fuinnimh a mheabhrú, i gcás inarb ábhartha, agus an coigilteas fuinnimh á ríomh chun an acmhainneacht coigiltis fuinnimh a mhéadú agus leictreachas á tharchur agus á dháileadh. ⇨ Léiríodh i staidéir agus i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara a rinneadh go bhfuil acmhainneacht shuntasach ann. Mar sin féin, tá na dálaí fisiciúla agus eacnamaíocha an-éagsúil i measc na mBallstát, agus go minic laistigh de roinnt Ballstát, agus tá líon mór oibreoirí córais ann. Léiríonn na himthosca sin cur chuige díláraithe, de bhun phrionsabal na coimhdeachta. Tá an t-eolas, na hinniúlachtaí dlíthiúla agus an acmhainn riaracháin is gá ag na hÚdaráis Rialála Náisiúnta chun forbairt eangach leictreachais atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn. Is féidir le heintitis amhail Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais (ENTSO-E) agus an

tEintiteas Eorpach d'Oibreoirí Córais Dáileacháin (Eintiteas AE do OCDanna) rannchuidithe úsáideacha a sholáthar freisin agus ba cheart dóibh tacú lena gcomhaltaí agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh á nglacadh acu. ⇦

---

⇩ nua

(58) Baineann breithnithe comhchosúla le líon an-mhór oibreoirí córais gáis nádúrtha. Tá an ról atá ag gás nádúrtha agus ráta soláthair agus cuimsithe na críche an-éagsúil i measc na mBallstát. Sna cásanna sin, is iad na hÚdaráis Rialála Náisiúnta is fearr atá in ann monatóireacht agus stiúradh a dhéanamh ar éabhlóid an chórais i dtreo éifeachtúlachta méadaithe, agus féadfaidh eintitis amhail Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSO-G ) rannchuidithe úsáideacha a sholáthar agus ba cheart dóibh tacú lena gcomhaltaí agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh á nglacadh acu.

---

🡻 2018/2002 aithris 22
⇨ nua

(59) Trí uisce a bhainistiú ar bhealach éifeachtach, féadfar cur go mór le coigilteas fuinnimh. Is ionann earnálacha an uisce agus an fhuíolluisce agus 3,5 % den leictreachas a úsáidtear san Aontas agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an sciar sin. Ag an am céanna, is ionann sceitheadh uisce agus 24 % den uisce iomlán a ídítear san Aontas agus is í an earnáil fuinnimh an tomhaltóir is mó uisce, agus 44 % den ídiú iomlán á dhéanamh suas aici. Ba cheart an coigilteas fuinnimh a d'fhéadfaí a dhéanamh trí theicneolaíochtaí cliste agus próisis chliste a úsáid a fhiosrú go hiomlán ⇨ agus a chur i bhfeidhm nuair is costéifeachtach agus ba cheart bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a mheas freisin. Anuas air sin, d'fhéadfadh ardteicneolaíochtaí uisciúcháin laghdú suntasach a dhéanamh ar an ídiú uisce sa talmhaíocht agus ar an bhfuinneamh a úsáidtear chun cóireáil a dhéanamh air agus chun é a iompar ⇦.

---

🡻 2018/2002 aithris 23 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(60) I gcomhréir le hAirteagal 9 den Chonradh ~~ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh~~, ba cheart beartais éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bheith cuimsitheach agus dá bhrí sin ba cheart dóibh ~~eacht~~ ⇨ rochtain chomhionann ⇦ a áirithiú ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh do na tomhaltóirí ⌦ uile ⌫ faoi thionchar na bochtaineachta fuinnimh. Ba cheart feabhsuithe ~~to the~~ ⌦ ar ⌫ éifeachtúlacht fuinnimh ~~na bhfoirgneamh~~ ⇨ a chur chun feidhme ⇦ ~~go háirithe~~ ⇨ mar thosaíocht ⇦ i measc ~~teaghlaigh~~ ⇨ custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh ⇦, ~~including those~~ ⇨ daoine ⇦ a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh, agus, i gcás inarb iomchuí, ⇨ i measc teaghlach meánioncaim agus ⌦ daoine ⌫ ⇦ ~~sin~~ atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta~~,~~ ⇨, daoine scothaosta agus daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta. ⇦ ⇨ Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpa áirithe atá go mór i mbaol na bochtaineachta fuinnimh nó grúpaí atá níos soghabhálaí i leith na n-éifeachtaí díobhálacha a bhaineann leis an mbochtaineacht fuinnimh, amhail mná, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, leanaí agus daoine a bhfuil cúlra cine mionlaigh nó eitnigh mionlaigh acu. ⇦ Is féidir

le Ballstáit a cheangal ar pháirtithe faoi oibleagáid ~~cheana féin~~ aidhmeanna sóisialta a chur san áireamh i mbearta coigiltis fuinnimh i ndáil leis an mbochtaineacht fuinnimh agus ~~ba cheart~~ leathnaíodh amach an fhéidearthacht sin ⌦ cheana féin ⌫ chuig bearta beartais malartacha agus chuig Cistí Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh. ~~agus~~ Ba cheart an fhéidearthacht ⌦ sin ⌫ a chlaochlú ina hoibleagáid ⇨ chun na custaiméirí leochaileacha agus na húsáideoirí deiridh a chosaint, chun cumhacht a thabhairt dóibh agus chun an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú⇦, agus é a chur ar a gcumas do na Ballstáit solúbthacht iomlán a choinneáil ag an am chéanna maidir le ⇨ cineál, ⇦ méid, raon feidhme agus inneachar na mbeart beartais sin. Mura gceadaítear bearta a bhaineann le tomhaltóirí aonair fuinnimh le scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh, féadfaidh an Ballstát bearta a ghlacadh chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú trí bhíthin bearta beartais malartacha agus trí bhíthin na mbeart sin amháin. ⇨ Laistigh dá meascán beartais, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh éifeacht dhíobhálach ag bearta beartais eile ar chustaiméirí leochaileacha, ar úsáideoirí deiridh, ar dhaoine a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus, i gcás inarb infheidhme, ar dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta. Ba cheart do na Ballstáit an úsáid is fearr is féidir a bhaint as infheistíochtaí cistithe poiblí i mbearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear cistiú agus saoráidí airgeadais arna mbunú ar leibhéal an Aontais. ⇦

---

⇩ nua

(61) Tagraítear sa Treoir seo do choincheap na gcustaiméirí leochaileacha, ar coincheap é atá le bunú ag na Ballstáit de bhun Threoir (AE) 2019/944. Ina theannta sin, de bhun Threoir 2012/27/AE, soiléirítear leis an gcoincheap ‘úsáideoirí deiridh’ in éineacht leis an gcoincheap ‘custaiméir deiridh’ go bhfuil feidhm freisin ag na cearta maidir le billeáil agus le faisnéis ídithe maidir le tomhaltóirí gan conarthaí aonair nó conarthaí díreacha leis an soláthraí fuinnimh a úsáidtear i gcomhchórais téimh, fuaraithe nó táirgthe uisce the tí i bhfoirgnimh il-áititheoirí. Ní gá go n-áiritheofaí le coincheap na gcustaiméirí leochaileacha go ndíreofar ar na húsáideoirí deiridh. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go sroichfidh na bearta a leagtar amach sa Treoir seo gach duine aonair agus gach teaghlach i staid leochaileachta, ba cheart do na Ballstáit ní hamháin custaiméirí, sa chiall is cruinne, ach úsáideoirí deiridh a áireamh freisin, agus a sainmhíniú ar chustaiméirí leochaileacha á bhunú.

---

🡻 2018/2002 aithris 24
⇨ nua

(62) Ní raibh thart ar ~~50~~ ⇨ 34 ⇦mhilliún teaghlach san Aontas ~~are affected by energy poverty~~ ⇨ in ann a n-áit chónaithe a choinneáil te go leor in 2019[82] ⇦. ⇨ Tugann an Comhaontú Glas don Eoraip tosaíocht don ghné shóisialta den aistriú trí ghealltanas a thabhairt i leith an phrionsabail ‘nach bhfágfar aon duine ar lár’. Déanann an t-aistriú glan, lena n-áirítear an t-aistriú glan, dochar do mhná agus d’fhir ar bhealaí difriúla agus d’fhéadfadh tionchar ar leith a bheith aige ar roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas. ⇦ Dá bhrí sin, caithfidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh

[82] MOLADH ÓN gCOIMISIÚN an 14.10.2020 maidir le bochtaineacht fuinnimh, C(2020) 9600 final.

bheith mar chuid lárnach d'aon straitéis chostéifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar leochaileacht tomhaltóirí agus tá siad ina chomhlánú ar bheartais slándála sóisialta ar leibhéal na mBallstát. Chun a áirithiú go laghdaítear bochtaineacht fuinnimh do thionóntaí ar bhonn inbhuanaithe le bearta éifeachtúlachta fuinnimh, ba cheart costéifeachtacht na mbeart sin, mar aon le hinacmhainneacht na mbeart sin d'úinéirí maoine agus do thionóntaí, a chur san áireamh, agus ba cheart tacaíocht airgeadais ⇨ agus theicniúil ⇦ leordhóthanach do na bearta sin a ráthú ar leibhéal na mBallstát. ⇨ Ba cheart do na Ballstáit tacaíocht a thabhairt ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh a shainaithint agus a mhaolú. ⇦ San fhadtéarma, ní mór stoc foirgneamh an Aontais a thiontú ina NZEBanna i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Níl na rátaí ag a bhfuil foirgnimh á n-athchóiriú faoi láthair leordhóthanach agus is iad na foirgnimh ina bhfuil saoránaigh ar ísealioncam, dá ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh dochar, na cinn is deacra fáil fhad leo. Is den ríthábhacht, dá bhrí sin, na bearta a leagtar síos sa Treoir seo a bhaineann le hoibleagáidí maidir le coigilteas fuinnimh, a bhaineann le scéimeanna um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh agus a bhaineann le bearta beartais malartacha.

---

| ⬇ 2012/27/AE aithris 24<br>⇨ nua |
|---|

(63) Chun leas a bhaint as an acmhainneacht coigilte fuinnimh i gcodanna áirithe den mhargadh, i gcásanna nach mbíonn iniúchtaí fuinnimh á dtairiscint ar bhonn tráchtála (amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)) de ghnáth, ba cheart do na Ballstáit cláir a fhorbairt chun FBManna a spreagadh le dul faoi iniúchtaí fuinnimh. Ba cheart iniúchtaí fuinnimh a bheith éigeantach agus rialta le haghaidh fiontair mhóra toisc go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag an gcoigilteas fuinnimh. Ba cheart Caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta ábhartha, amhail EN ISO 50001 (Córais Bhainistithe Fuinnimh), nó EN 16247-1 (Iniúchtaí Fuinnimh), nó, má chuirtear iniúchadh fuinnimh san áireamh, EN ISO 14000 (Córais Bhainistíochta Chomhshaoil) a chur san áireamh sna hiniúchtaí fuinnimh agus ba cheart dóibh, dá bhrí sin, a bheith i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir seo toisc nach dtéann forálacha den sórt sin níos faide ná ceanglais na gcaidhdeán ábhartha sin. ⇨ Tá caighdeán sonrach Eorpach maidir le hiniúchtaí fuinnimh á fhorbairt i láthair na huaire. Féadfar iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh ar bhonn neamhspleách nó mar chuid de chóras bainistíochta comhshaoil níos leithne nó de chonradh feidhmíochta fuinnimh. I ngach cás den sórt sin, ba cheart na córais sin a bheith i gcomhréir leis na híoscheanglais in Iarscríbhinn VI. Ina theannta sin, féadfar a mheas go bhfuil sásraí agus scéimeanna sonracha arna mbunú chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí agus ídiú breosla ag oibreoirí iompair áirithe i gcomhréir le hiniúchtaí fuinnimh, mar shampla faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, faoin scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (CTA AE), lena n-áirítear i gcórais bainistíochta fuinnimh, má chomhlíonann siad na híoscheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. ⇦

---

| ⇩ nua |
|---|

(64) Ba cheart meánídiú an fhiontair a bheith ina chritéar chun sainiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcóras bainistithe fuinnimh agus ar chur i bhfeidhm na n-iniúchtaí fuinnimh chun íogaireacht na sásraí sin a mhéadú maidir le deiseanna ábhartha maidir

le coigilteas fuinnimh costéifeachtach a shainaithint. Ba cheart fiontair atá faoi bhun na dtairseach ídithe a shainítear le haghaidh córais bhainistíochta fuinnimh agus iniúchtaí fuinnimh a spreagadh chun dul faoi iniúchtaí fuinnimh agus chun na moltaí a eascraíonn as na hiniúchtaí sin a chur chun feidhme.

---

↓ 2012/27/AE aithris 25

(65) I gcás ina ndéanfaidh saineolaithe inmheánacha iniúchtaí fuinnimh, d'éileodh an neamhspleáchas is gá nach mbeadh na saineolaithe sin ag gabháil go díreach don ghníomhaíocht arna hiniúchadh.

---

⇩ nua

(66) Is earnáil eile atá ag dul i dtábhacht í earnáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC). In 2018 b'ionann ídiú fuinnimh na lárionad sonraí san Aontas agus 76,8 TWh. Meastar go dtiocfaidh méadú 28 % air sin go 98.5 TWh faoi 2030. Is féidir an méadú sin i ndearbhthéarmaí a fheiceáil i dtéarmaí coibhneasta chomh maith: laistigh den Aontas, b'ionann éileamh na n-ionad sonraí ar leictreachas agus 2,7 % den éileamh ar leictreachas in 2018 agus beidh siad sroichfidh siad 3,21 % faoi 2030 má leantar leis an bhforbairt ar an gconair reatha[83]. Cuireadh i dtábhacht cheana féin i Straitéis Dhigiteach an Aontais an gá atá le lárionaid sonraí atá thar a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus atá inbhuanaithe agus iarrtar inti bearta trédhearcachta le haghaidh oibreoirí teileachumarsáide maidir lena lorg comhshaoil. Chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn in earnáil TFC, go háirithe i gcás lárionad sonraí, ba cheart do na Ballstáit sonraí a bhailiú agus a fhoilsiú, sonraí atá ábhartha maidir le feidhmíocht fuinnimh agus lorg uisce na lárionad sonraí. Níor cheart do na Ballstáit sonraí a bhailiú agus a fhoilsiú ach faoi lárionaid sonraí a bhfuil lorg suntasach acu, a bhféadfadh dearadh iomchuí nó idirghabhálacha éifeachtúlachta iomchuí, le haghaidh suiteálacha nua nó suiteálacha atá ann cheana faoi seach, a bheith mar thoradh air sin, go dtiocfadh laghdú suntasach ar ídiú fuinnimh agus uisce nó athúsáid dramhtheasa i saoráidí in aice láimhe agus i líonraí teasa. Is féidir táscaire inbhuanaitheachta lárionaid sonraí a bhunú ar bhonn na sonraí sin arna mbailiú

(67) Is féidir táscairí inbhuanaitheachta an lárionaid sonraí a úsáid chun ceithre bhunghné d'ionad sonraí inbhuanaithe a thomhas, eadhon a éifeachtaí atá sé maidir le húsáid fuinnimh, méid an fhuinnimh sin a thagann ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, athúsáid aon dramhtheas a tháirgeann sé agus úsáid fionnuisce. Ba cheart go n-ardódh táscairí inbhuanaitheachta na lárionad sonraí feasacht i measc úinéirí agus oibreoirí lárionaid sonraí, monarú trealaimh, forbróirí bogearraí agus seirbhísí, úsáideoirí seirbhísí lárionaid sonraí ar gach leibhéal chomh maith le heintitis agus eagraíochtaí a úsáideann nó a sholáthraíonn néalseirbhísí agus seirbhísí lárionaid sonraí. Ba cheart go dtabharfar muinín leis sin freisin maidir leis na feabhsuithe iarbhír tar éis iarrachtaí agus beart chun inbhuanaitheacht na lárionad sonraí nua nó na lárionad sonraí atá ann cheana a mhéadú. Ar deireadh, ba cheart é a úsáid mar bhonn do phleanáil agus do chinnteoireacht thrédhearcach fhianaisebhunaithe. Ba cheart úsáid táscairí

---

83 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/energy-efficient-cloud-computing-technologies-and-policies-eco-friendly-cloud-market

inbhuanaitheachta an lárionaid sonraí a bheith roghnach do na Ballstáit. Ba cheart úsáid táscaire inbhuanaitheachta an lárionaid sonraí a bheith roghnach do na Ballstáit.

---

🡻 2018/2002 aithris 25
⇨ nua

(68) Ba cheart caiteachas níos ísle do thomhaltóirí ar fhuinnimh a bhaint amach trí chuidiú le tomhaltóirí an méid fuinnimh a úsáideann siad a laghdú trí riachtanais fuinnimh foirgneamh a laghdú agus trí fheabhsuithe ar éifeachtúlacht fearas, rud ar cheart a bheith in éineacht le hinfhaighteacht modhanna iompair ísealfhuinnimh arna gcomhtháthú le hiompar poiblí agus le rothaíocht. ⇨ Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an nascacht a fheabhsú i limistéir thuaithe agus iargúlta. ⇦

---

🡻 2018/2002 aithris 26
⇨ nua

(69) Is den ríthábhacht feasacht shaoránaigh uile an Aontais a ardú i leith na dtairbhí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe agus le faisnéis chruinn a sholáthar dóibh i dtaobh na slite is féidir an méid sin a bhaint amach. ⇨ Ba cheart do shaoránaigh idir óg is aosta a bheith rannpháirteach san aistriú fuinnimh tríd an gComhshocrú Aeráide Eorpach agus tríd an gComhdáil ar Thodhchaí na hEorpa. ⇦ Tá éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe thar a bheith tábhachtach freisin i dtaca le slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais trína spleáchas ar allmhairiú breoslaí ó thríú tíortha a laghdú.

---

🡻 2018/2002 aithris 27

(70) Ba cheart costais agus tairbhí na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh go léir a ghlactar, lena n-áirítear tréimhsí aisíoca, a bheith go hiomlán trédhearcach do thomhaltóirí.

---

🡻 2018/2002 aithris 28
(oiriúnaithe)

(71) Nuair a bheidh ~~Treoir 2012/27/AE arna leasú leis~~ an Treoir seo á cur chun feidhme ag na Ballstáit agus bearta eile i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh á nglacadh acu, ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar shineirgí idir bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh.

---

🡻 2018/2002 aithris 29

(72) Agus tairbhe á baint acu as samhlacha agus teicneolaíochtaí nua gnó, ba cheart do na Ballstáit iarracht a dhéanamh glacadh beart éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear trí sheirbhísí fuinnimh nuálacha do chustaiméirí móra agus beaga.

🡻 2018/2002 aithris 30 (oiriúnaithe)

(73) Mar chuid de na bearta a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Iúil 2015 dar teideal “Delivering a New Deal for Energy Consumers” [“Socrú Nua a Chur Ar Fáil do Thomhaltóirí Fuinnimh”], i gcomhthéacs an Aontais Fuinnimh agus na straitéise Téimh agus Fuaraithe, is gá cearta íosta na dtomhaltóirí ar fhaisnéis chruinn, iontaofa, shoiléir agus thráthúil faoina dtomhaltas fuinnimh a neartú. Ba cheart Airteagail 9 go 11 de Threoir 2012/27/AE agus Iarscríbhinn VII a ghabhann léi a leasú chun ⌦ Is gá ⌫foráil a dhéanamh d’aiseolas rialta agus aiseolas feabhsaithe a fháil i leith ídithe fuinnimh i gcás ina bhfuil sin indéanta go teicniúil agus go costéifeachtúil i bhfianaise na bhfeistí tomhais atá i bhfeidhm. Soiléirítear leis an Treoir seo go mbraitheann a chostéifeachtúla atá fomhéadrú ar cé acu atá nó nach bhfuil na costais ghaolmhara comhréireach leis an gcoigilteas fuinnimh féideartha. Leis an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil fomhéadrú costéifeachtúil, féadfar a chur san áireamh an tionchar a bheadh ag bearta nithiúla eile atá beartaithe i bhfoirgneamh ar leith, amhail athchóiriú ar bith atá le teacht.

🡻 2018/2002 aithris 31 (oiriúnaithe)

(74) Soiléirítear leis an Treoir seo freisin gur cheart feidhm a bheith ag cearta i ndáil le billeáil agus i ndáil le faisnéis faoi bhilleáil nó faoi ídiú maidir le tomhaltóirí téimh, fuaraithe nó uisce the tí a sholáthraítear ag foinse lárnach, fiú nuair nach bhfuil aon chaidreamh conarthach díreach, aonair le soláthróirí fuinnimh. Is féidir a thuiscint leis an sainmhíniú ar an téarma ‘custaiméir deiridh’ nach dtagraíonn sé ach do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a cheannaíonn fuinneamh bunaithe ar chonradh díreach, aonair le soláthróir fuinnimh. Dá bhrí sin, chun críocha na bhforálacha iomchuí, ba cheart an téarma “úsáideoir deiridh” a thabhairt isteach chun tagairt a dhéanamh do ghrúpa níos fairsinge tomhaltóirí agus ba cheart a chumhdach freisin leis an téarma sin, sa bhreis ar na custaiméirí deiridh sin a cheannaíonn téamh, fuarú nó uisce te tí dá gcríochúsáid féin, áitritheoirí foirgneamh aonair nó aonad aonair i bhfoirgnimh ilárasán nó ilchuspóra i gcás ina bhfaigheann na haonaid sin soláthar ó fhoinse lárnach agus i gcás nach bhfuil aon chonradh díreach nó aonair ag na háitritheoirí leis an soláthraí fuinnimh. Ba cheart a thagairt leis an téarma “fomhéadrú” do thomhaltas a thomhas in aonaid aonair foirgneamh den sórt sin.

🡻 2018/2002 aithris 32

(75) Chun trédhearcacht na cuntasaíochta a bhaint amach i gcás ídiú aonair fuinnimh theirmigh, agus cur chun feidhme an fhomhéadraithe a éascú ar an gcaoi sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rialacha náisiúnta i bhfeidhm acu atá trédhearcach agus ar fáil don phobal, ar rialacha iad is infheidhme maidir le leithdháileadh chostas an ídithe téimh, fhuaraithe agus uisce the tí i bhfoirgnimh ilárasán agus ilchuspóra. Anuas ar an trédhearcacht sin, d'fhéadfadh na Ballstáit cuimhneamh ar bhearta a ghlacadh chun an t-iomaíochas a neartú maidir le soláthar seirbhísí fomhéadraithe, rud a chuideodh lena áirithiú go mbeadh aon chostas a bheadh le híoc ag na húsáideoirí deiridh réasúnach.

↓ 2018/2002 aithris 33 (oiriúnaithe)

(76) Faoin 25 Deireadh Fómhair 2020, Bba cheart méadair teasa nuashuiteáilte agus leithdháileoirí costais teasa a bheith inléite go cianda chun a áirithiú go ndéantar faisnéis ídithe atá costéifeachtach a sholáthar go rialta. ⌦ Forálacha ⌫ leasuithe ar Threoir 2012/27/AE a thugtar isteach leis na Treorach seo maidir le méadrú i gcás téimh, fuaraithe agus uisce te tí; le fomhéadrú agus leithdháileadh na gcostas i gcás téimh, fuarú agus uisce te tí; le ceanglas cianléimh; le faisnéis bhilleála agus ídithe i gcás téimh agus fuarú agus uisce te tí; le costas rochtana ar mhéadrú agus ar fhaisnéis bhilleála agus ídithe i gcás téimh, fuarú agus uisce te tí; agus leis na ceanglais íosta d'fhaisnéis bhilleála agus ídithe i gcás téimh, fuarú agus uisce te tí, beartaítear nach mbeidh feidhm ag na leasuithe sin ach maidir le téamh, le fuarú agus le huisce te tí a sholáthraítear ag foinse lárnach. Fágfar faoi na Ballstáit féin a chinneadh cé acu an measfar nó nach measfar gur teicneolaíochtaí atá inléite go cianda iad teicneolaíochtaí léimh shoghluaiste (de chineál 'walk-by' nó 'drive-by'). Le feistí atá inléite go cianda, ní gá rochtain a bheith ar árasáin aonair ná aonaid aonair.

↓ 2018/2002 aithris 34

(77) Ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh go n-éilítear infheistíocht feabhsaithe san oideachas agus i scileanna le haghaidh úsáideoirí agus soláthróirí fuinnimh araon chun teicneolaíochtaí nua lena ndéantar ídiú fuinnimh a thomhas a chur chun feidhme.

↓ 2018/2002 aithris 35

(78) Modh tábhachtach chun custaiméirí a chur ar an eolas faoina n-ídiú fuinnimh is ea faisnéis bhilleála agus ráitis bhliantúla. Is féidir faisnéis eile a chur in iúl le sonraí maidir le hídiú agus le costais lena gcuidítear le tomhaltóirí an socrú atá acu faoi láthair a chur i gcomparáid le tairiscintí eile agus úsáid a bhaint as bainistiú gearán agus as sásraí um réiteach malartach díospóidí. Mar sin féin, ós rud é gur foinse coiteann gearán tomhaltóirí iad díospóidí a bhaineann le billí agus gur rud é a chuireann le leibhéil ísle dhianseasmhacha sásaimh tomhaltóirí agus rannpháirtíochta tomhaltóirí lena soláthraithe fuinnimh, is gá billí a dhéanamh níos simplí, níos soiléire agus níos éasca le tuiscint, agus é á áirithiú ag an am céanna go soláthraítear an fhaisnéis uile is gá chun cur ar chumas tomhaltóirí a n-ídiú fuinnimh a rialú, tairiscintí a chur i gcomparáid lena chéile agus soláthróirí a aistriú trí ionstraimí ar leith amhail faisnéis bhilleála, uirlisí faisnéise agus ráitis bhliantúla.

↓ 2012/27/AE aithris 26

When designing energy efficiency improvement measures, account should be taken of efficiency gains and savings obtained through the widespread application of cost-effective technological innovations such as smart meters. Where smart meters have been installed, they should not be used by companies for unjustified back billing.

🡻 2012/27/AE aithris 27 (oiriúnaithe)

~~In relation to electricity, and in accordance with Directive 2009/72/EC of the European Parliament and of the Council of 13 July 2009 concerning common rules for the internal market in electricity[84], where the roll-out of smart meters is assessed positively, at least 80 % of consumers should be equipped with intelligent metering systems by 2020. In relation to gas, and in accordance with Directive 2009/73/EC of the European Parliament and of the Council of 13 July 2009 concerning common rules for the internal market in natural gas[85], where the roll-out of intelligent metering systems is assessed positively, Member States or any competent authority they designate, should prepare a timetable for the implementation of intelligent metering systems.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 28 (oiriúnaithe)

~~Use of individual meters or heat cost allocators for measuring individual consumption of heating in multi-apartment buildings supplied by district heating or common central heating is beneficial when final customers have a means to control their own individual consumption. Therefore, their use makes sense only in buildings where radiators are equipped with thermostatic radiator valves.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 29 (oiriúnaithe)

~~In some multi-apartment buildings supplied by district heating or common central heating, the use of accurate individual heat meters would be technically complicated and costly due to the fact that the hot water used for heating enters and leaves the apartments at several points. It can be assumed that individual metering of heat consumption in multi-apartment buildings is, nevertheless, technically possible when the installation of individual meters would not require changing the existing in-house piping for hot water heating in the building. In such buildings, measurements of individual heat consumption can then be carried out by means of individual heat cost allocators installed on each radiator.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 30 (oiriúnaithe)

~~Directive 2006/32/EC requires Member States to ensure that final customers are provided with competitively priced individual meters that accurately reflect their actual energy consumption and provide information on actual time of use. In most cases, this requirement is subject to the conditions that it should be technically possible, financially reasonable, and proportionate in relation to the potential energy savings. When a connection is made in a new building or a building undergoes major renovations, as defined in Directive 2010/31/EU, such individual meters should, however, always be provided. Directive 2006/32/EC also requires~~

84 ~~(IO L 211, 14.8.2009, lch. 55)~~
85 ~~(IO L 211, 14.8.2009, lch. 94)~~

~~that clear billing based on actual consumption should be provided frequently enough to enable consumers to regulate their own energy use.~~

---

↓ 2012/27/AE aithris 31 (oiriúnaithe)

~~Directives 2009/72/EC and 2009/73/EC require Member States to ensure the implementation of intelligent metering systems to assist the active participation of consumers in the electricity and gas supply markets. As regards electricity, where the roll-out of smart meters is found to be cost-effective, at least 80 % of consumers must be equipped with intelligent metering systems by 2020. As regards natural gas, no deadline is given but the preparation of a timetable is required. Those Directives also state that final customers must be properly informed of actual electricity/gas consumption and costs frequently enough to enable them to regulate their own consumption.~~

---

↓ 2012/27/AE aithris 32 (oiriúnaithe)

~~The impact of the provisions on metering and billing in Directives 2006/32/EC, 2009/72/EC and 2009/73/EC on energy saving has been limited. In many parts of the Union, these provisions have not led to customers receiving up-to-date information about their energy consumption, or billing based on actual consumption at a frequency which studies show is needed to enable customers to regulate their energy use. In the sectors of space heating and hot water in multi-apartment buildings the insufficient clarity of these provisions has also led to numerous complaints from citizens.~~

---

↓ 2012/27/AE aithris 33 (oiriúnaithe)

~~In order to strengthen the empowerment of final customers as regards access to information from the metering and billing of their individual energy consumption, bearing in mind the opportunities associated with the process of the implementation of intelligent metering systems and the roll out of smart meters in the Member States, it is important that the requirements of Union law in this area be made clearer. This should help reduce the costs of the implementation of intelligent metering systems equipped with functions enhancing energy saving and support the development of markets for energy services and demand management. Implementation of intelligent metering systems enables frequent billing based on actual consumption. However, there is also a need to clarify the requirements for access to information and fair and accurate billing based on actual consumption in cases where smart meters will not be available by 2020, including in relation to metering and billing of individual consumption of heating, cooling and hot water in multi-unit buildings supplied by district heating/cooling or own common heating system installed in such buildings.~~

---

↓ 2012/27/AE aithris 34 (oiriúnaithe)

(79) Agus bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh á gceapadh acu, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus cur chun feidhme comhleanúnach an acquis a áirithiú, i gcomhréir le ⌦ CFAE ⌫ ~~Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh~~.

↓ 2012/27/AE aithris 35 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~has~~ ⌦ Tá ⌫ acmhainneacht shuntasach maidir le fuinneamh príomhúil~~,~~ ~~which is largely untapped~~ a shábháil san Aontas ag baint le comhghiniúint ⇨ ⌦ éifeachtúil ⌫ ⇦ agus téamh agus fuarú ceantair ⇨ ⌦ éifeachtúil ⌫ ⇦ . Ba cheart do na Ballstáit measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le comhghiniúint ardéifeachtach agus téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil. Ba cheart do na measúnuithe sin a bheith~~a thabhairt cothrom le dáta, arna iarraidh sin don Choimisiún, chun faisnéis a sholáthar d'infheisteoirí maidir le pleananna forbartha náisiúnta agus chun rannchuidiú le timpeallacht infheistíochta atá cobhsaí agus tacúil~~ ⇨ comhleanúnach le pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus le straitéisí fadtéarmacha athchóirithe⇦. Suiteálacha giniúna leictreachais nua agus suiteálacha atá ann cheana a ndéantar athchóiriú substaintiúil orthu nó ag a bhfuil cead nó ceadúnas nuashonraithe acu, ba cheart dóibh, faoi réir measúnú costais is tairbhe ina léirítear barrachas costais is tairbhe, aonaid chomhghiniúna ardéifeachtacha a bheith acu chun dramhtheas a eascraíonn as táirgeadh leictreachais a aisghabháil. ⇨ Ar an gcaoi chéanna, ba cheart réitigh theicniúla a bheith ag na saoráidí eile a bhfuil meánionchur fuinnimh substaintiúil bliantúil acu chun dramhtheas ón saoráid a úsáid i gcás ina léirítear barrachas costais is tairbhe sa mheasúnú costais is tairbhe. ⇦ D'fheadfaí an dramhtheas sin a iompar ~~ansin~~ chuig na háiteanna a bhfuil gá acu leis trí líonraí téimh ceantair. Go ginearálta, is éard a bheidh sna himeachtaí a spreagann ceanglas critéir údarúcháin a chur i bhfeidhm imeachtaí lena spreagtar ceanglais maidir le ceadanna faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha~~[86] agus maidir le húdarú faoi ~~Threoir 2009/72/CE~~ Threoir (AE) 2019/944 freisin.

↓ 2012/27/AE aithris 36

(80) D'fhéadfadh sé gurb iomchuí do ~~suiteálacha cumhachta núicléiche, nó~~ shuiteálacha giniúna leictreachais atá beartaithe chun úsáid a bhaint as stóráil gheolaíoch a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin~~[87], a bheith suite in áiteanna nach bhfuil aisghabháil dramhtheasa trí chomhghiniúint ardéifeachtach nó trí líonra téimh nó fuaraithe ceantair a sholáthar costéifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na suiteálacha sin a dhíolmhú ón oibleagáid anailís costais is tairbhe a dhéanamh chun trealamh a sholáthar don tsuiteáil lenar féidir dramhtheas a aisghabháil trí aonad comhghiniúna ardéifeachtaí. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith indéanta buaiclód agus suiteálacha cúltaca giniúna leictreachais a bhfuil sé beartaithe iad a oibriú faoi bhun 1500 uair oibríochta in aghaidh na bliana mar mheán rollach thar thréimhse 5 bliana a dhíolmhú ón gceanglas teas a sholáthar freisin.

[86] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

[87] Treoir 2009/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíd charbóin (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

ê 2012/27/AE aithris 37
⇨ nua

(81) Is iomchuí do na Ballstáit bearta agus nósanna imeachta a thabhairt isteach chun suiteálacha comhghiniúna ar lú a n-ionchur teirmeach rátaithe iomlán ná ~~20~~ ⇨ 5 ⇦ MW a chur chun cinn chun giniúint fuinnimh leithdháilte a spreagadh.

⇩ nua

(82) Chun measúnuithe cuimsitheacha náisiúnta a chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit measúnuithe ar an acmhainneacht maidir le comhghiniúint ardéifeachtach agus téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a spreagadh ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun úsáid acmhainneacht aitheanta costéifeachtach na comhghiniúna ardéifeachtúlachta agus téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a chur chun cinn agus a éascú.

(83) Ba cheart na ceanglais maidir le téamh agus fuarú ceantair a bheith comhsheasmhach le spriocanna beartais aeráide fadtéarmacha, le caighdeáin aeráide agus comhshaoil agus le tosaíochtaí an Aontais, agus ba cheart dóibh prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir bhrí Rialachán (AE) 2020/85 a chomhlíonadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na córais téimh agus fuaraithe ceantair uile idirghníomhú le codanna eile den chóras fuinnimh chun úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú agus chun dramhaíl fuinnimh a chosc trí leas a bhaint as acmhainneacht iomlán foirgneamh teas nó fuacht a stóráil, lena n-áirítear an teas iomarcach ó shaoráidí seirbhíse agus ó lárionaid sonraí in aice láimhe. Ar an gcúis sin, áiritheofar leis an gcóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil go dtiocfaidh méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh phríomhúil agus go ndéanfaí fuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas nó dramhfhuacht a chomhtháthú de réir a chéile. Dá bhrí sin, tugtar isteach de réir a chéile leis an Treoir seo ceanglais níos déine maidir le soláthar téimh agus fuaraithe leis an Treoir seo ar cheart iad a bheith infheidhme go leanúnach le linn tréimhsí sonracha bunaithe agus ba cheart go mbeadh feidhm bhuan acu ón 1 Eanáir 2050 ar aghaidh.

🡻 2012/27/AE aithris 38 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(84) ~~Ba cheart~~ ⌦ Sainíodh ⌫ comhghiniúint ardéifeachtach de réir an choigiltis fuinnimh a fhaightear trí chomhghiniúint cumhachta agus teasa seachas trí ghiniúint ar leithligh cumhachta agus teasa. ⇨ Ba cheart na ceanglais maidir le comhghiniúint ardéifeachtach a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna fadtéarmacha sa bheartas don athrú aeráide. ⇦ Ba cheart na sainmhínithe ar chomhghiniúint agus ar chomhghiniúint ardéifeachtach a úsáidtear i reachtaíocht an Aontais a bheith gan dochar d'úsáid sainmhínithe éagsúla i reachtaíocht náisiúnta chun críoch eile seachas na críocha sin i reachtaíocht an Aontais atá i gceist. Chun an coigilteas fuinnimh a uasmhéadú agus chun nach gcaillfear deiseanna coigilte fuinnimh, ba cheart an aird is mó a thabhairt ar choinníollacha oibriúcháin na n-aonad comhghiniúna.

↓ 2012/27/AE aithris 39 (oiriúnaithe)

(85) Chun trédhearcacht ~~a mhéadú~~ ⌦a áirithiú ⌫ ~~le haghaidh~~ ⌦agus chun a chur ar a chumas⌫ don chustaiméir deiridh ~~a bheith in ann~~ rogha a dhéanamh idir leictreachas ó chomhghiniúint agus leictreachas a tháirgtear trí úsáid a bhaint as teicnící eile, ba cheart tionscnamh na comhghiniúna ardéifeachtaí a ráthú ar bhonn na luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe Ní hionann scéimeanna ráthaíochta tionscnaimh agus a rá go bhfuil an ceart ann tairbhe a bhaint as sásraí tacaíochta náisiúnta. Tá sé tábhachtach go bhféadfaí gach cineál leictreachais a tháirgtear ó chomhghiniúint ardéifeachtach a chumhdach le ráthaíochtaí tionscnaimh. Ba cheart ráthaíochtaí tionscnaimh a idirdhealú ó dheimhnithe inmhalartaithe.

---

↓ 2012/27/AE aithris 40

(86) Ba cheart struchtúr sonrach na n-earnálacha comhghiniúna agus téimh agus fuaraithe ceantair, lena n-áirítear go leor táirgeoirí beaga agus meánmhéide, a chur san áireamh, go háirithe agus athbhreithniú á dhéanamh ar na nósanna imeachta riaracháin chun cead a fháil líonraí acmhainneachta comhghiniúna nó líonraí gaolmhara a thógáil, agus an prionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' á chur i bhfeidhm.

---

↓ 2012/27/AE aithris 41

(87) FBManna den chuid is mó atá i ngnólachtaí an Aontais. Is é atá iontu acmhainneacht coigiltis fuinnimh ollmhór don Aontas. Chun cuidiú leo bearta éifeachtúlachta fuinnimh a ghlacadh, ba cheart do na Ballstáit creat fabhrach a bhunú arb é is aidhm dó cúnamh teicniúil agus faisnéis spriocdhírithe a chur ar fáil do FBManna.

---

↓ 2012/27/AE aithris 42 (oiriúnaithe)

~~Cuimsítear le Treoir 2010/75/AE an éifeachtúlacht fuinnimh i measc na gcritéar chun na Teicnící is Fearr atá ar Fáil a chinneadh ar cheart a úsáid mar thagairt chun na coinníollacha ceada a shocrú le haghaidh suiteálacha laistigh dá raon feidhme lena n-áirítear suiteálacha dócháin a bhfuil ionchur teirmeach rátáilte iomlán 50 MW nó níos mó aige. Mar sin féin, leis an Treoir sin tugtar an rogha do na Ballstáit gan ceanglais a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh ar aonaid dócháin nó ar aonaid eile a sceitheann dé-ocsaíd charbóin ar an láthair a fhorchur, maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE. D'fhéadfadh na Ballstáit faisnéis maidir le leibhéil éifeachtúlachta fuinnimh a áireamh ina dtuairisciú faoi Threoir 2010/75/AE.~~

---

↓ 2012/27/AE aithris 43

(88) Ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn critéir oibiachtúla trédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha, rialacha a bhunú lena rialófar seasamh agus roinnt na gcostas ar naisc eangaí agus atreisithe eangaí agus ar na hoiriúnuithe teicniúla is gá chun táirgeoirí nua leictreachais a tháirgtear le comhghiniúint ardéifeachtúlachta a chomhtháthú, ag cur san áireamh treoirlínte agus cóid a fhorbraítear i gcomhréir le Rialachán ~~(CE) Uimh. 714/2009~~(AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle[88] ~~an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas~~[89] agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 ~~maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha~~[90]. Ba cheart cead a bheith ag táirgeoirí leictreachais a ghintear ó chomhghiniúint ardéifeachtúlachta glao a eisiúint ar tháirgí le haghaidh na hoibre nasctha. Rochtain ar an gcóras eangaí le haghaidh leictreachas a tháirgtear ó chomhghiniúint ardéifeachtúlachta, go háirithe le haghaidh aonaid chomhghiniúna mhionscála agus micrea-chomhghiniúna, ba cheart sin a éascú. I gcomhréir le hAirteagal 9~~3~~ 9(2) de Threoir (AE) 2019/944~~2009/72/CE~~ agus Airteagal 3(2) de Threoir 2009/73/CE, féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur, lena n-áirítear mair leis an éifeachtúlacht fuinnimh, ar ghnóthais a oibríonn in earnálacha an leictreachais agus an gháis.

---

⇩ nua

(89) Is gá na forálacha ábhartha maidir le billeáil, pointe teagmhála aonair, réiteach díospóide lasmuigh den chúirt, an bhochtaineacht fuinnimh agus bunchearta conarthacha a leagan amach, féachaint le hiad a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, leis na forálacha ábhartha maidir le leictreachas de bhun Threoir (AE) 2019/944, chun cosaint tomhaltóirí a neartú agus chun go bhféadfaidh custaiméirí deiridh faisnéis níos minice, níos cothrom le dáta a fháil faoina n-ídiú teasa, fuaraithe nó uisce the tí agus chun go bhféadfaidh siad a n-ídiú fuinnimh a rialáil.

(90) Ba cheart cosaint níos fearr do thomhaltóirí a ráthú trí shásraí éifeachtacha agus neamhspleácha um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a bheith ar fáil do gach tomhaltóir, amhail ombudsman fuinnimh, comhlacht tomhaltóirí nó údarás rialála. Dá bharr sin, a cheart do na Ballstáit nósanna imeachta tapa agus éifeachtacha chun gearáin a láimhseáil a thabhairt isteach.

---

⇩ nua

(91) Ba cheart aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a dhéanann pobail fuinnimh in-athnuaite, de bhun Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[91], agus pobail fuinnimh saoránach, de réir Threoir (AE) 2019(944), le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais do Eoraip agus le Plean um Sprioc Aeráide 2030. Ba cheart do na Ballstáit dá bharr sin, breithniú a dhéanamh ar ról na bpobal fuinnimh in-athnuaite agus na bpobal fuinnimh saoránach agus iad a chur chun cinn. Féadfaidh na pobail sin cabhrú leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach a bhaint amach trí éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal teaghlaigh. Féadann siad grúpaí áirithe custaiméirí teaghlaigh a chumasú lena n-áirítear custaiméirí i gceantair thuaithe agus iargúlta agus iad a spreagadh chun páirt

---

[88] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

[89] ~~(IO L 211, 14.8.2009, lch. 15).~~

[90] Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

[91] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

a ghlacadh i dtionscadail agus in idirghabhálaithe fuinnimh. Féadann pobail fuinnimh cabhrú leis an mbochtaineacht fuinnimh a chomhrac trí thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, trí ídiú fuinnimh laghdaithe agus trí tharaifí soláthair níos ísle a éascú.

(92) Ba cheart aitheantas a thabhairt don mhéid a rannchuidíonn ionaid uileghnó agus struchtúir chomhchosúla arb é atá iontu sásraí lenar féidir roinnt spriocghrúpaí, lena n-áirítear saoránaigh, FBManna agus údaráis phoiblí, a chumasú chun tionscadail agus bearta a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh glan a dhearadh agus a chur chun feidhme. Is féidir a chuimsiú leis an Rannchuidiú sin comhairle agus cúnamh riaracháin, teicniúil agus airgeadais a chur ar fáil, na nósanna imeachta is gá nó rochtain ar na margaí airgeadais a éascú, nó treoir a chur ar fáil maidir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta nó an creat dlíthiúil Eorpach, lena n-áirítear rialacha agus critéir phoiblí, agus Tacsanomaíocht an Aontais.

(93) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na mbeart a dhéanann sé chun tacú le forbairt ardán nó fóram, lena mbaineann, *inter alia*lena n-áirítear na comhlachtaí Eorpacha um idirphlé sóisialta, ar chláir oiliúna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chothú, agus déanfaidh sé tuilleadh beart a thabhairt isteach de réir mar is iomchuí. Ba cheart don Choimisiún, ina theannta sin, na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha a spreagadh ina bplé ar éifeachtúlacht fuinnimh, i dtaca le custaiméirí leochaileacha agus úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil bochtaineacht fuinnimh ag baint leo.

(94) Tá an t-aistriú cóir cothrom i dtreo Aontas a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050 ina chuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip. Cuimsítear an fuinneamh, i measc na seirbhísí riachtanacha a bhfuil gach duine i dteideal rochtain a fháil orthu, i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a fógraíodh go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún an 17 Samhain 2017. Ní mór tacaíocht a bheith le fáil ag daoine atá i ngátar chun rochtain a fháil ar na seirbhísí sin[92].

(95) Ní mór a áirithiú go ndéanfar daoine a bhfuil tionchar orthu ag an mbochtaineacht fuinnimh, custaiméirí leochaileacha, agus, i gcás inarb iomchuí, daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta a chosaint agus, chuige sin, go gcumhachtaítear iad chun páirt a ghlacadh sna hidirghabhálacha chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, sna bearta agus i mbearta gaolmhara cosanta tomhaltóirí nó faisnéise a chuirfidh na Ballstáit chun feidhme.

(96) Ba cheart an cistiú poiblí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a infheistiú go straitéiseach i mbearta feabhsaithe éifeachtúlachta, agus go háirithe ar mhaithe le custaiméirí leochaileacha, daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh agus daoine a bhfuil cónaí i dtithíocht shóisialta. Ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as aon ranníocaíocht airgeadais a d'fhéadfaidís a fháil ón gCiste Sóisialta Aeráide[93], agus as an ioncam ó liúntais ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais. An oibleagáid atá ar na Ballstáit bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme agus bearta beartais faoin oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh mar thosaíocht i measc

---

92 CECS, Prionsabal 20 'Rochtain ar sheirbhísí riachtanacha': https://ec.europa.eu/commission/priorities/deeper-and-fairer-economic-and-monetary-union/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-20-principles_en

93 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta, COM 2021 568 final.

custaiméirí leochaileacha agus daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh ar daoine iad a d’fhéadfadh a bheith ina gcónaí i gceantair thuaithe nó i gceantair iargúlta, tacóidh na hioncaim sin leis na Ballstáit an-oibleagáid sin a chomhlíonadh.

(97) Scéimeanna cistithe náisiúnta, ba cheart iad a chomhlánú le scéimeanna oiriúnacha faisnéise níos fearr, cúnamh teicniúil agus riaracháin, rochtain níos éasca ar mhaoiniú lena gcumasófar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na cistí atá ar fáil go háirithe ag daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh, custaiméirí leochaileacha agus, i gcás inarb iomchuí, daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta.

(98) Ba cheart do na ballstáit gach duine a chumhachtú agus a chosaint go cothrom, gan beag beann ar ghnéas, inscne, aois, éagumas, cine nó bunadh eitneach, gnéaschlaonadh, reiligiún nó creideamh, agus a áirithiú go gcosnófar go leordhóthanach na daoine is mó atá buailte leis an mbochtaineacht fuinnimh nó is mó atá i mbaol a mbuailte léi, nó na daoine is mó atá neamhchosanta ar dhrochthionchair na bochtaineachta fuinnimh. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfidh bearta éifeachtúlachta le haon éagothromaíochtaí atá ann cheana, a mhéid a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh go háirithe.

---

🡻 2012/27/AE aithris 44
(oiriúnaithe)

~~Is é atá i bhfreagairt don éileamh ionstraim thábhachtach le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, ós rud é go méadaíonn sé go suntasach na deiseanna atá ann do thomhaltóirí nó tríú páirtithe arna n-ainmniú acu beart a dhéanamh maidir le tomhaltas agus faisnéis bhilleála agus ar an gcaoi sin sásra a chur ar fáil chun tomhaltas chun tomhaltas a laghdú nó a aistriú, rud as a dtiocfadh coigilteas fuinnimh i dtomhaltas deiridh agus, trí úsáid níos fearr a bhaint as líonraí agus sócmhainní ginte, agus i nginեadh, tarchur agus leithdháileadh fuinnimh.~~

---

🡻 2012/27/AE aithris 45
⇨ nua

(99) ~~Is féidir an fhreagairt don éileamh a bhunú ar fhreagairtí an chustaiméara deiridh do chomharthaí praghais nó don uathoibriú a fhorbairt. Ba cheart na coinníollacha maidir le freagairt don éileamh, agus rochtain uirthi, a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le tomhaltóirí beaga deiridh. I bhfianaise go bhfuil eangacha cliste á gcur in úsáid ar bhonn leanúnach, ba cheart do na Ballstáit dá bharr sin a áirithiú go bhféadann údaráis rialála náisiúnta a áirithiú go ndreasaíonn taraifí agus rialacháin gréasáin feabhsaithe san éifeachtúlacht fuinnimh agus go dtacaíonn siad leis an bpraghsáil dhinimiciúil do bhearta freagartha don éileamh ag custaiméirí deiridh. Ba cheart saothrú a dhéanamh ar chomhtháthú margaidh agus deiseanna comhionanna iontrála sa mhargadh le haghaidh acmhainní atá dírithe ar an éileamh (soláthar agus ualaigh thomhaltóra) agus ar an nginiúint. Ina theannta sin,~~ Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go nglacfaidh na húdaráis rialála náisiúnta fuinnimh cur chuige comhtháite lena gcuimseofar coigiltis fhéideartha sa soláthar fuinnimh agus sna hearnálacha críochúsáide. ⇨ Gan dochar don sláine soláthair, don chomhtháthú margaidh agus don réamhinfheistíocht in eangacha amach ón gcósta is gá chun fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a chur in úsáid, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta fuinnimh a áirithiú go gcuirfear an prionsabal ‘tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh’ i bhfeidhm ar na próisis phleanála agus cinnteoireachta agus go ndreasófar leis na taraifí agus rialacháin gréasáin feabhsúcháin san éifeachtúlacht fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú chomh

maith go gcuirfidh oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin an prionsabal 'tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh' san áireamh. Chuideodh sin le hoibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin réitigh éifeachtúlachta fuinnimh níos fearr agus costais incriminteacha arna dtabhú chun acmhainní atá dírithe ar an éileamh a chur san áireamh, chomh maith leis na tionchair chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bheadh ag infheistíochtaí líonra agus pleananna oibríochta éagsúla. Leis an gcur chuige sin is gá aistriú ó pheirspictíocht chúng na héifeachtúlachta eacnamaíche chun an leas sóisialta is mó is féidir a bhaint amach. Ba cheart an prionsabal 'tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh' a chur i bhfeidhm go háirithe i gcomhthéacs cásanna a fhorbairt chun an bonneagar fuinnimh a mhéadú i gás ina bhféadfaí a mheas gur roghanna malartacha inmharthana atá i réitigh ar thaobh an éilimh agus gur gá iad a mheasúnú i gceart, agus ba cheart é a bheith ina chuid intreach den mheasúnú ar thionscadail pleanála líonraí. Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta an cur i bhfeidhm a ghrinnscrúdú. ⇦

---

🡻 2012/27/AE aithris 46
⇨ nua

(100) Ba cheart líon leordhóthanach gairmithe iontaofa atá inniúil i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh a bheith ar fáil chun cur chun feidhme éifeachtach tráthúil na Treorach seo a áirithiú, a mhéid a bhaineann mar shampla le comhlíonadh na gceanglas maidir le hiniúchtaí fuinnimh agus cur chun feidhme scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit dá bhrí sin deimhniú a chur i bhfeidhm ⇨ agus/nó cáilíochtú choibhéiseach agus scéimeanna oiliúna oiriúnacha ⇦ do sholáthraithe seirbhísí fuinnimh, iniúchtaí fuinnimh agus bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh eile ⇨ i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oiliúna agus páirtithe leasmhara eile. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na scéimeanna gach ceithre bliana ag tosú ón mhí na Nollag 2024 ar aghaidh agus, i gás inar gá sin, iad a thabhairt cothrom le dáta chun an leibhéal inniúlachtaí a áirithiú le haghaidh soláthraithe seirbhísí fuinnimh , soláthraithe iniúchtaí fuinnimh, bainisteoirí fuinnimh agus suiteálaithe eilimintí tógála~~.~~ ⇦.

---

🡻 2012/27/AE aithris 47
(oiriúnaithe)
⇨ nua

